Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Iúil 2024
(OR. en)

10678/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0271(COD)**

CODEC 1438
TRANS 275
PE 169

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena leasaítear Treoir 2012/34/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 11 go dtí an 14 Márta 2024) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Tilly METZ (na Glasaigh/SCE, LU), tuarascáil ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin thar ceann an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) ina raibh 263 leasú (leasuithe 1 go 263) ar an togra. Níor glacadh aon leasú eile.

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2024, ghlac sé leasuithe 1 go 263 ar an togra le haghaidh Rialacháin.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é.

## P9_TA(2024)0127

# Úsáid toilleadh bonneagair iarnróid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, Treoir 2012/34/AE a leasú agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 a aisghairm

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2024 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena leasaítear Treoir 2012/34/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 (COM(2023)0443 – C9-0304/2023 – 2023/0271(COD))**

**(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0443),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0304/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2023[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 1 Feabhra 2024[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0069/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

1 IO C, C/2024/891, 6.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/891/oj.
2 Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil].

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Leis an Teachtaireacht maidir leis an Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste[15], leagtar garspriocanna amach chun conair chóras iompair an Aontais a léiriú i dtreo cuspóirí na soghluaisteachta inbhuanaithe, cliste agus athléimní a bhaint amach. Táthar ag brath léi gur cheart méadú 50 % teacht ar an trácht lasta iarnróid faoi 2030 agus é a bheith dhá oiread níos mó faoi 2050; ba cheart an trácht ar an iarnród ardluais a bheith dhá oiread níos mó faoi 2030 agus trí oiread níos mó faoi 2050 agus ba cheart an taisteal comhchoiteann sceidealaithe faoi 500 km a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2030 laistigh den Aontas. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, ba cheart an t-iompar ar iarnród a bheith níos tarraingtí i dtéarmaí inacmhainneachta agus iontaofachta, agus ba cheart seirbhísí a bheith oiriúnaithe níos fearr do riachtanais na dtaistealaithe agus na seoltóirí lasta. | (2) Leis an Teachtaireacht maidir leis an Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste[15], leagtar garspriocanna amach chun conair chóras iompair an Aontais a léiriú i dtreo cuspóirí na soghluaisteachta inbhuanaithe, cliste agus athléimní a bhaint amach. Táthar ag brath léi gur cheart méadú 50 % teacht ar an trácht lasta iarnróid faoi 2030 agus é a bheith dhá oiread níos mó faoi 2050; ba cheart an trácht ar an iarnród ardluais a bheith dhá oiread níos mó faoi 2030 agus trí oiread níos mó faoi 2050 agus ba cheart an taisteal comhchoiteann sceidealaithe faoi 500 km a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2030 laistigh den Aontas. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, ba cheart an t-iompar ar iarnród a bheith níos tarraingtí i dtéarmaí inacmhainneachta, iontaofachta ***agus inrochtaineachta***, agus ***ní mór*** seirbhísí a bheith oiriúnaithe níos fearr do riachtanais na dtaistealaithe agus na seoltóirí lasta. |
| [15]Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future' [Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí], COM(2020) 789 final an 9 Nollaig 2020. | [15]Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future' [Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a sheoladh ar bhealach a leasa don todhchaí], COM(2020) 789 final an 9 Nollaig 2020. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2 a) Is é bunaidhm an Rialacháin seo úsáid an bhonneagair iarnróid a mhéadú agus ar an gcaoi sin sciar módach an iarnróid a mhéadú. Mar sin féin, ní féidir leis an Rialachán seo amháin aghaidh a thabhairt ar spriocanna an Aontais maidir le dícharbónú agus aistriú módach. Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún leanúint de bheith ag obair ar go leor gnéithe eile a d'fhéadfadh cuidiú le méadú breise a dhéanamh ar thoilleadh bonneagair iarnróid agus iompair araon, amhail cuachadh bealaí traenach, comhchuibhiú luais, athrú éifeachtúil paisinéirí, úsáid traenacha níos faide le hualach méadaithe acastóra, feidhmiú céimneach Córais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) comhchuibhithe ar fud na hEorpa chomh maith le hoibríocht traenacha uathoibrithe.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) Tá sé tábhachtach dul i ngleic le héifeachtúlacht an iarnróid chun méadú ar an ngné iomaíoch ilmhódach idir modhanna éagsúla iompair chun aistriú módach suntasach a éascú agus chun na*** |

| | |
|---|---|
| | ***spriocanna a leagtar amach sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart bearta breise a chur san áireamh freisin chun iomaíochas d'iarnród a mhéadú, amhail muirir rianrochtana níos ísle. Le héileamh méadaithe ar thoilleadh iarnróid ó sheirbhísí paisinéirí agus lasta araon, beidh gá le hinfheistíochtaí freisin chun na bearta feabhsaithe toillte a bhaint amach.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2d) Le cuspóirí aistrithe go hiarnróid ar leibhéal an Aontais, tá gá le spriocanna náisiúnta bunaithe ar phleananna nithiúla náisiúnta arna bhforbairt ag na Ballstáit de réir cur chuige ón mbun aníos.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Baineann ríthábhacht leis an toilleadh bonneagair agus trácht iarnróid a bhainistiú ó thaobh dhea-fheidhmiú na hearnála iarnróid de. Is gá oibriú na seirbhísí iompair ar iarnród a phleanáil agus a chomhordú go cúramach chun go mbeidh traenacha ag a bhfuil saintréithe | (5) Tá bainistiú toillte bonneagair iarnróid agus ***bainistiú*** tráchta ***iarnróid*** ríthábhachtach do dhea-fheidhmiú na hearnála iarnróid. Is gá oibriú na seirbhísí iompair ar iarnród a phleanáil agus a chomhordú go cúramach chun go mbeidh traenacha ag a bhfuil saintréithe an- |

an-difriúil, amhail luas agus achar coscánaithe, in ann na ráillí céanna a chomhroinnt go sábháilte. Cruthaítear tuilleadh deiseanna le haghaidh seirbhísí iarnróid ach an toilleadh a bhainistiú ar bhealach barrfheabhsaithe, agus méadaítear iontaofacht na seirbhísí sin le bainistíocht den sórt sin freisin. Leis an rialachán, ba cheart solúbthacht leordhóthanach a sholáthar do bhainisteoirí bonneagair chun an toilleadh a bhainistiú go héifeachtach agus é á chinntiú go láimhseálfar na gnóthais iarnróid uile gan idirdhealú i dtéarmaí a rochtana ar an ngréasán.

difriúil, amhail luas agus achar coscánaithe, in ann na ráillí céanna a chomhroinnt go sábháilte. Leis an mbainistiú is fearr a dhéantar ar thoilleadh, cruthaítear níos mó deiseanna do sheirbhísí iarnróid, agus méadaítear iontaofacht na seirbhísí sin***, rud a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis maidir le margadh méadaitheach na dtraenacha oíche chomh maith leis na huaillmhianta earraí a aistriú chuig iompar lasta d'iarnród***. Leis an rialachán, ba cheart solúbthacht leordhóthanach a sholáthar do bhainisteoirí bonneagair chun an toilleadh a bhainistiú go héifeachtach agus é á chinntiú go láimhseálfar na gnóthais iarnróid uile gan idirdhealú i dtéarmaí a rochtana ar an ngréasán.

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(6) Aithnítear le Treoir 2012/34/AE ceart na mBallstát gan na rialacha maidir le leithdháileadh an toillte bonneagair iarnróid a chur i bhfeidhm maidir le codanna áirithe den ghréasán iarnróid nó seirbhísí iarnróid áirithe, i gcás nach ndéanfadh eisiamh den sórt sin ó raon feidhme dhlí an Aontais difear d'fheidhmiú an limistéir Eorpaigh aonair iarnróid. Ba cheart feidhm a bheith ag na heisiaimh sin fós agus ba cheart an ceart a bheith ag na Ballstáit fós chun eisiaimh den sórt sin a iarraidh amach anseo i ndáil leis an Rialachán seo freisin.

*Leasú*

(6) Aithnítear le Treoir 2012/34/AE ceart na mBallstát gan na rialacha maidir le leithdháileadh an toillte bonneagair iarnróid a chur i bhfeidhm maidir le codanna áirithe den ghréasán iarnróid nó seirbhísí iarnróid áirithe, i gcás nach ndéanfadh eisiamh den sórt sin ó raon feidhme dhlí an Aontais difear d'fheidhmiú an limistéir Eorpaigh aonair iarnróid. Ba cheart do heisiaimh sin***, agus iad teoranta go docht,*** feidhm a bheith acu fós agus ba cheart an ceart a bheith ag na Ballstáit fós chun eisiaimh den sórt sin a iarraidh amach anseo i ndáil leis an Rialachán seo freisin.

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Ba cheart riachtanais dheighleoga uile an mhargaidh iarnróid ***a léiriú ar bhealach níos fearr*** leis na rialacha agus na nósanna imeachta maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a bhainistiú. Ba cheart a chur san áireamh leo go háirithe riachtanas na cobhsaíochta fadtéarmaí a bheith i gceist le toilleadh a bheith ar fáil le haghaidh seirbhísí paisinéirí agus riachtanas na solúbthachta gearrthéarmaí le haghaidh trácht lasta chun freagairt d'éileamh an mhargaidh. Dá bhrí sin, níor cheart gurb é fócas bliantúil an fócas is mó a bheidh i gceist leis an bpróiseas chun an toilleadh a bhainistiú a thuilleadh, ach an toilleadh a shocrú i dtrí chéim den phleanáil straitéiseach toillte i ndiaidh a chéile; seirbhísí iarnróid a sceidealú agus an toilleadh a leithdháileadh; agus an toilleadh a oiriúnú agus a athsceidealú. Ach céimeanna a thabhairt isteach a bheidh sainithe agus struchtúraithe ar bhealach níos fearr, agus lena ndéanfar foráil maidir le féidearthacht na pleanála fadtéarmaí agus an oiriúnaithe ghearrthéarmaigh maidir leis an toilleadh a bhainistiú, is iad seirbhísí nach mbíonn chomh héasca sin le pleanáil roimh ré nó a bhíonn níos casta le socrú a thairbheodh de sin go háirithe, amhail traenacha lasta agus traenacha paisinéirí trasteorann. | (7) Leis na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le hacmhainn an bhonneagair iarnróid a bhainistiú, ba cheart riachtanais dheighleoga uile an mhargaidh iarnróid ***a mheas agus a shásamh ar bhealach neamh-idirdhealaitheach***. Ba cheart a chur san áireamh leo go háirithe riachtanas na cobhsaíochta fadtéarmaí a bheith i gceist le toilleadh a bheith ar fáil le haghaidh seirbhísí paisinéirí agus riachtanas na solúbthachta gearrthéarmaí le haghaidh trácht lasta chun freagairt d'éileamh an mhargaidh. Dá bhrí sin, níor cheart gurb é fócas bliantúil an fócas is mó a bheidh i gceist leis an bpróiseas chun an toilleadh a bhainistiú a thuilleadh, ach an toilleadh a shocrú i dtrí chéim den phleanáil straitéiseach toillte i ndiaidh a chéile; seirbhísí iarnróid a sceidealú agus an toilleadh a leithdháileadh; agus an toilleadh a oiriúnú agus a athsceidealú. Ach céimeanna a thabhairt isteach a bheidh sainithe agus struchtúraithe ar bhealach níos fearr, agus lena ndéanfar foráil maidir le féidearthacht na pleanála fadtéarmaí agus an oiriúnaithe ghearrthéarmaigh maidir leis an toilleadh a bhainistiú, is iad seirbhísí nach mbíonn chomh héasca sin le pleanáil roimh ré nó a bhíonn níos casta le socrú a thairbheodh de sin go háirithe, amhail traenacha lasta agus traenacha paisinéirí trasteorann***, lena n-áirítear traenacha oíche***. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Tá méadú ag teacht ar an gcion de ghréasán iarnróid an Aontais atá plódaithe nó gar do bheith plódaithe agus nach féidir leis freastal ar na riachtanais maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a bhíonn ag na hiarratasóirí uile ná tacú le tuilleadh fáis ar an méid iompair ar iarnród. Le forbairt agus digiteáil an bhonneagair, i gcomhréir leis an tsonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht arna forbairt faoi Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, go háirithe an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid ('ERTMS'), tá coinne leis go n-eascródh méadú astu sin ar an toilleadh a bheidh ar fáil sa mheántéarma go dtí an fadtéarma. Mar sin féin, ceanglófar ar bhainisteoirí bonneagair tosaíochtaí a shannadh chun úsáid a bhaint as stráicí plódaithe. Gan dochar do na prionsabail ghinearálta maidir le tosaíocht atá leagtha amach ag na Ballstáit sa chreat maidir leis an toilleadh bonneagair a leithdháileadh, ba cheart do bhainisteoirí bonneagair cinntí a dhéanamh maidir le tosaíochtaí agus úsáid á baint as modheolaíochtaí comhchuibhithe trédhearcacha lena soiléireofar an bealach ar cuireadh tosca sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil san áireamh agus an bealach a ndearna siad difear dá gcinneadh. | (8) Tá méadú ag teacht ar an gcion de ghréasán iarnróid an Aontais atá plódaithe nó gar do bheith plódaithe agus nach féidir leis freastal ar na riachtanais maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a bhíonn ag na hiarratasóirí uile ná tacú le tuilleadh fáis ar an méid iompair ar iarnród. Le forbairt agus digitiú an bhonneagair, i gcomhréir leis an tsonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht arna forbairt faoi Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[1a]***, go háirithe an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid ('ERTMS'), tá coinne leis go n-eascródh méadú astu sin ar an toilleadh a bheidh ar fáil sa mheántéarma go dtí an fadtéarma. Mar sin féin, ceanglófar ar bhainisteoirí bonneagair tosaíochtaí a shannadh chun úsáid a bhaint as stráicí plódaithe. Gan dochar do na prionsabail ghinearálta maidir le tosaíocht atá leagtha amach ag na Ballstáit sa chreat maidir leis an toilleadh bonneagair a leithdháileadh, ba cheart do bhainisteoirí bonneagair cinntí a dhéanamh maidir le tosaíochtaí agus úsáid á baint as modheolaíochtaí comhchuibhithe trédhearcacha lena soiléireofar an bealach ar cuireadh tosca sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil san áireamh agus an bealach a ndearna siad difear dá gcinneadh. ***Ba cheart na critéir shocheacnamaíocha agus chomhshaoil sin a bheith bunaithe ar mhodhanna a nglactar leo agus ar an eolas is fearr dá bhfuil ar fáil. Dá bhrí sin, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú chun gníomh tarmligthe a ghlacadh ina leagtar amach na nósanna imeachta, na critéir agus na modheolaíochtaí. Agus an gníomh tarmligthe sin á ullmhú, ba cheart*** |

***don Choimisiún comhoibriú le Líonra Eorpach na mBainisteoirí Bonneagair (ENIM) agus le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA) arna bunú le Rialachán (AE) 2016/796.***

***__________________***

***[1a] Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 881/2004, (IO L 138, 26.5.2016, lch. 1).***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Ní leor an toilleadh bonneagair iarnróid atá ann cheana chun cuspóirí 2030 agus 2050 an Aontais a bhaint amach. Go deimhin, idir 1990 agus 2021, tháinig laghdú níos mó ná 12,000 km ar an ngréasán iarnróid san Aontas. Chun cuspóirí aistrithe mhódúil an Aontais a bhaint amach, tá sé ag brath go príomha ar éifeachtúlacht iarnróid a mhéadú agus ar toilleadh iarnróid a neartú, rud a éilíonn infheistíochtaí chun bonneagar iarnróid a chothabháil, a athnuachan agus a nuathógáil. Áirítear leis sin buiséid náisiúnta a ghiaráil, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) arna bunú le Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], agus infheistíochtaí príobháideacha chun aghaidh a thabhairt ar naisc ríthábhachtacha atá in easnamh agus chun scrogaill tráchta a mhaolú, chomh*** |

***maith le leibhéil iomchuí cistiúcháin a fháil le haghaidh cothabhála. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit cosc a chur ar dhíghrádú an bhonneagair iarnróid agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag srianta toillte a íoslaghdú trí chistiú fadtéarmach leormhaith, cobhsaí agus tráthúil a áirithiú trí chomhaontuithe feidhmíochta ilbhliantúla ba cheart a thabhairt i gcrích idir an Ballstát agus an bainisteoir bonneagair ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad.***

______________________

***[1a] Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38).***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Ba cheart feabhas a chur ar an leas a bhaintear as an mbonneagar iarnróid ach an toilleadh a phleanáil go straitéiseach, tríd an éileamh ar sheirbhísí iarnróid a thuar agus trí fhorbairt, athnuachan agus cothabháil phleanáilte an bhonneagair a chur san áireamh. Ba cheart a áirithiú leis an bpleanáil sin go leithdháilfear toilleadh bonneagair an iarnróid ar bhealach lena n-uasmhéadófar luach na seirbhísí iarnróid don tsochaí. Ba cheart do bhainisteoirí bonneagair a áirithiú go soláthraíonn pleanáil straitéiseach leibhéal sonraí atá ag | (9) Ba cheart feabhas a chur ar an leas a bhaintear as an mbonneagar iarnróid ach an toilleadh a phleanáil go straitéiseach, tríd an éileamh ar sheirbhísí iarnróid a thuar agus trí fhorbairt, athnuachan agus cothabháil phleanáilte an bhonneagair a chur san áireamh. Ba cheart a áirithiú leis an bpleanáil sin go leithdháilfear toilleadh bonneagair an iarnróid ar bhealach lena n-uasmhéadófar luach na seirbhísí iarnróid don tsochaí ***agus tionchair shocheacnamaíocha agus chomhshaoil á gcur i gcuntas***. Ba cheart do bhainisteoirí |

méadú de réir a chéile faoin toilleadh atá ar fáil agus go bhfuil sí mar bhonn le leithdháileadh an toillte.

bonneagair a áirithiú go soláthraíonn pleanáil straitéiseach leibhéal sonraí atá ag méadú de réir a chéile faoin toilleadh atá ar fáil agus go bhfuil sí mar bhonn le leithdháileadh an toillte. ***Ba cheart dul i gcomhairle le hiarratasóirí, leis an Ardán Eorpach Iarnróid (ERP), le custaiméirí seirbhísí iompair d'iarnród agus a gcomhlachais, le húdaráis phoiblí de chuid an Aontais agus le húdaráis phoiblí náisiúnta le linn na pleanála straitéisí, agus ba cheart deis a bheith acu ionchur a sholáthar maidir leis an staidéar 'Anailís ar fhorbairtí sa mhargadh iompair a bhfuiltear ag súil leo dá dtagraítear in Airteagal 15" agus barúlacha neamhspleácha a thabhairt maidir leis na torthaí***

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Agus toilleadh á leithdháileadh, ba cheart do bhainisteoirí bonneagair cloí leis na pleananna straitéiseacha maidir le toilleadh a sholáthar agus an tráth céanna a áirithiú go leithdháiltear toilleadh i gcomhréir le héileamh an mhargaidh ar bhealach cothrom agus neamh-idirdhealaitheach. Chun na críche sin, féadfar roinnt iarrataí ar thoilleadh a dhiúltú agus ní mór an plean um toilleadh a sholáthar a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun an t-éileamh iarbhír a léiriú. | (11) Agus toilleadh á leithdháileadh, ba cheart do bhainisteoirí bonneagair cloí leis na pleananna straitéiseacha maidir le toilleadh a sholáthar agus an tráth céanna a áirithiú go leithdháiltear toilleadh i gcomhréir le héileamh an mhargaidh ar bhealach cothrom agus neamh-idirdhealaitheach. Chun na críche sin, féadfar toilleadh malartach ***a thairiscint d'iarrataí ar thoilleadh nó mura bhfuil aon fhéidearthacht eile ann,*** a dhiúltú agus ní mór an plean um sholáthar toillte a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun an t-éileamh iarbhír a léiriú. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a) I roinnt margaí náisiúnta iarnróid, is cuid de chuideachta shealbhaíochta atá comhtháite go hingearach é an bainisteoir bonneagair ina bhfuil oibreoir iompair paisinéirí agus lasta amháin nó níos mó. Agus an toilleadh á leithdháileadh ar na gnóthais iarnróid sin, tá sé thar a bheith tábhachtach d'fheidhmiú cuí an mhargaidh go leithdháilfear an toilleadh ar bhealach cóir, réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach. Go háirithe, ba cheart faisnéis íogair a chomhroinntear leis an mbainisteoir bonneagair mar chuid den phróiseas leithdháilte toillte a mheas mar fhaisnéis rúnda.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Tá cumais éagsúla ag deighleoga éagsúla an mhargadh iarnróid chun a riachtanais maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a réamh-mheas. D'fhéadfadh sé nach mbeadh roinnt soláthraithe seirbhísí lasta, go háirithe, in ann a riachtanais maidir le toilleadh a shainaithint in am chun iad a áireamh sa tráthchlár oibre, ***is é sin*** sa phlean bliantúil le haghaidh gluaiseacht traenacha agus rothstoic, agus | (12) Tá cumais éagsúla ag deighleoga éagsúla an mhargadh iarnróid chun a riachtanais maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a réamh-mheas. D'fhéadfadh sé nach mbeadh roinnt soláthraithe seirbhísí lasta, go háirithe, in ann a riachtanais maidir le toilleadh a shainaithint in am chun iad a áireamh sa tráthchlár oibre, ***atá*** sa phlean bliantúil le haghaidh gluaiseacht traenacha agus rothstoic, agus |

| | |
|---|---|
| d'fhéadfadh sé nach n-oirfidh siad dá sceideal bliantúil. Dá bhrí sin, ba cheart do bhainisteoirí bonneagair a bheith in ann toilleadh de cháilíocht agus de chainníocht leordhóthanach a thairiscint freisin i gcás seirbhísí iarnróid a bhfuil éileamh éagobhsaí orthu, a eagraítear faoi fhógra réasúnta gearr, a chuimsíonn níos mó ná rith traenach aonair, agus a fhéadfaidh rith arís agus arís eile ar feadh tréimhse ama a d'fhéadfadh gan a bheith comhthráthach le fad thréimhse bhailíochta an tráthchláir oibre. | d'fhéadfadh sé nach n-oirfidh siad dá sceideal bliantúil. Dá bhrí sin, ba cheart do bhainisteoirí bonneagair a bheith in ann toilleadh de cháilíocht agus de chainníocht leordhóthanach a thairiscint freisin i gcás seirbhísí iarnróid a bhfuil éileamh éagobhsaí orthu, a eagraítear faoi fhógra réasúnta gearr, a chuimsíonn níos mó ná rith traenach aonair, agus a fhéadfaidh rith arís agus arís eile ar feadh tréimhse ama a d'fhéadfadh gan a bheith comhthráthach le fad thréimhse bhailíochta an tráthchláir oibre. ***D'fhéadfaí an cineál sin toilleadh a thairgtear a thairiscint freisin maidir le pacáiste de líon íosta bealaí traenach réamháirithe nach bhfuil in áirithe ar féidir iad a leithdháileadh ar ghearrfhógra ina dhiaidh sin.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Úsáidtear cleachtais éagsúla maidir le pleanáil amchláir sna Ballstáit agus ba cheart na coincheapa sin a chur san áireamh agus an toilleadh straitéiseach á phleanáil. Éilíonn na cleachtais sin comhordú méadaithe idir bainisteoirí bonneagair thar theorainneacha, go háirithe nuair a dhéanann an bainisteoir bonneagair toilleadh a réamhphleanái trí úsáid a bhaint as amchláir chomhtháite lena gcuirfear seirbhís ar fáil go tráthrialta.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Is iompar fad-achar é sciar mór den iompar lasta iarnróid agus éilíonn sé comhordú trasteorann idir bainisteoirí bonneagair. Bíonn sprioc an bheartais maidir le trácht iarnróid a mhéadú ag brath freisin ar sheirbhísí paisinéirí trasteorann a mhéadú. Chun méadú ar thrácht trasteorann sa limistéar Eorpach aonair iarnróid a éascú agus a chur chun cinn, is gá comhsheasmhacht agus comhchuibhiú níos fearr a áirithiú maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le toilleadh bonneagair iarnróid a bhainistiú. Dá réir sin, ba cheart ról Líonra Eorpach na mBainisteoirí Bonneagair a neartú d'fhonn forbairt treoirlínte le haghaidh chur chun feidhme comhchuibhithe an Rialacháin sin maidir le nósanna imeachta agus modheolaíochtaí chun toilleadh bonneagair iarnróid a bhainistiú, agus le comhordú gníomhach an toillte agus tráchta trasteorann, a chur ar iontaoibh aige. Go háirithe, ba cheart do Líonra Eorpach na mBainisteoirí Bonneagair creata Eorpacha a fhorbairt le haghaidh bainistiú toillte, chun bainistiú tráchta trasteorann, bainistiú suaití agus bainistiú géarchéime a chomhordú, agus le haghaidh an athbhreithnithe feidhmíochta. | (14) Is iompar fad-achar é sciar mór den iompar lasta iarnróid agus éilíonn sé comhordú trasteorann idir bainisteoirí bonneagair. Bíonn sprioc an bheartais maidir le trácht iarnróid a mhéadú ag brath freisin ar sheirbhísí paisinéirí trasteorann a mhéadú. Chun méadú ar thrácht trasteorann sa limistéar Eorpach aonair iarnróid a éascú agus a chur chun cinn, is gá comhsheasmhacht agus comhchuibhiú níos fearr a áirithiú maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le toilleadh bonneagair iarnróid a bhainistiú. Dá réir sin, ba cheart ról Líonra Eorpach na mBainisteoirí Bonneagair a neartú d'fhonn forbairt treoirlínte le haghaidh chur chun feidhme comhchuibhithe an Rialacháin sin maidir le nósanna imeachta agus modheolaíochtaí chun toilleadh bonneagair iarnróid a bhainistiú, agus le comhordú gníomhach an toillte agus tráchta trasteorann, a chur ar iontaoibh aige. Go háirithe, ba cheart do Líonra Eorpach na mBainisteoirí Bonneagair creata Eorpacha a fhorbairt le haghaidh bainistiú toillte, chun bainistiú tráchta trasteorann, bainistiú suaití agus bainistiú géarchéime a chomhordú, agus le haghaidh an athbhreithnithe feidhmíochta. ***Ba cheart dul i gcomhairle freisin le gnóthais iarnróid, le hiarratasóirí agus le geallsealbhóirí oibríochtúla eile agus na creataí Eorpacha sin á bhforbairt.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Ba cheart do na creataí Eorpacha arna bhforbairt ag Líonra Eorpach na mBainisteoirí Bonneagair treoirlínte a sholáthar ar cheart do bhainisteoirí bonneagair a ndícheall a dhéanamh iad a leanúint, agus freagracht as a gcinntí oibríochtúla á coinneáil ag an am céanna. Ba cheart do bhainisteoirí bonneagair aon imeacht ó na creataí arna bhforbairt ag Líonra Eorpach na mBainisteoirí Bonneagair ***a thionscnamh***. Meastar go mbaintear an chothromaíocht amach leis an gcur chuige seo idir riachtanais chomhordaithe agus cur i bhfeidhm cineálacha cur chuige comhchuibhithe sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, agus an gá atá le nósanna imeachta agus modheolaíochtaí a oiriúnú do chúinsí sonracha limistéar geografach ar leith. Agus 5 bliana tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm caite, ba cheart don Choimisiún a mheasúnú cé acu an mbarántaíonn nó nach mbarántaíonn staid chóineasaithe nósanna imeachta agus modheolaíochtaí agus éifeachtacht an phróisis chomhordaithe idir bainisteoirí bonneagair, chomh maith leis an dul chun cinn ginearálta maidir le bunú an limistéir Eorpaigh aonair iarnróid, reachtaíocht thánaisteach a thabhairt isteach chun eilimintí arna bhforbairt ag na creataí Eorpacha trí Líonra Eorpach na mBainisteoirí Bonneagair a ionadú. | (15) Ba cheart do na creataí Eorpacha arna bhforbairt ag Líonra Eorpach na mBainisteoirí Bonneagair treoirlínte a sholáthar ar cheart do bhainisteoirí bonneagair a ndícheall a dhéanamh iad a leanúint, agus freagracht as a gcinntí oibríochtúla á coinneáil ag an am céanna. Ba cheart do bhainisteoirí bonneagair ***údar*** a thabhairt le haon imeacht ó na creataí arna bhforbairt ag Líonra Eorpach an Bhainisteora Bonneagair***, imeacht nár cheart a cheadú ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus a bheith faoi réir a bhformheasta ag an gcomhlacht rialála náisiúnta iarnróid***. Meastar go mbaintear an chothromaíocht amach leis an gcur chuige seo idir riachtanais chomhordaithe agus cur i bhfeidhm cineálacha cur chuige comhchuibhithe sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, agus an gá atá le nósanna imeachta agus modheolaíochtaí a oiriúnú do chúinsí sonracha limistéar geografach ar leith. Agus 5 bliana tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm caite, ba cheart don Choimisiún a mheasúnú cé acu an mbarántaíonn nó nach mbarántaíonn staid chóineasaithe nósanna imeachta agus modheolaíochtaí agus éifeachtacht an phróisis chomhordaithe idir bainisteoirí bonneagair, chomh maith leis an dul chun cinn ginearálta maidir le bunú an limistéir Eorpaigh aonair iarnróid, reachtaíocht thánaisteach a thabhairt isteach chun eilimintí arna bhforbairt ag na creataí Eorpacha trí Líonra Eorpach na ***mBainisteoirí*** Bonneagair a ionadú. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(15a) Chun gréasán iarnróid Eorpach gan uaim a áirithiú agus chun trácht iarnróid trasteorann agus illíonra a fheabhsú d'iompar lasta agus paisinéirí araon, ba cheart cúraimí nua a shannadh do ERA. Ba cheart do ERA comhoibriú go dlúth le ENIM agus leis an gComhordaitheoir Líonra chun a chúraimí nua a chur i gcrích.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(15 b) Ní leor acmhainní ERA i bhfianaise mhéid an mhéadaithe atá beartaithe ar chúraimí na Gníomhaireachta agus scála uaillmhianta an Aontais laistigh den Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart méid na n-acmhainní airgeadais a thiomnaítear d'fheidhmiú chúraimí ERA faoin Rialachán seo a tharraingt ó chorrlaigh neamh-leithdháilte faoi uasteorainneacha an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) nó ba cheart é a shlógadh trí ionstraimí speisialta neamhthéamacha CAI. Ós rud é nár athneartaíodh buiséad ERA leis an togra ón gCoimisiún maidir le hathbhreithniú CAI, ní féidir an méadú ar leithreasuithe do ERA a fhritháireamh le laghdú cúiteach ar chaiteachas cláraithe faoi SCE Iompar ná ní féidir laghdú ar an gcistiú d'aon chláir eile de chuid an*** |

***Aontais a bheith mar thoradh air.***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (17) Ní hamháin go n-éilítear dlúthchomhar idir bainisteoirí bonneagair chun bonneagar iarnróid a oibriú, ach éilítear idirghníomhú láidir freisin le gnóthais iarnróid agus le páirtithe leasmhara eile a bhfuil baint dhíreach acu le hoibríochtaí iompair agus lóistíochta iarnróid agus ilmhódaigh. Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le comhordú struchtúrtha idir bainisteoirí bonneagair agus páirtithe leasmhara eile. | (17) Ní hamháin go n-éilítear dlúthchomhar idir bainisteoirí bonneagair chun bonneagar iarnróid a oibriú, ach éilítear idirghníomhú láidir freisin le gnóthais iarnróid agus le páirtithe leasmhara eile a bhfuil baint dhíreach acu le hoibríochtaí iompair agus lóistíochta iarnróid agus ilmhódaigh. Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le comhordú struchtúrtha idir bainisteoirí bonneagair agus páirtithe leasmhara eile. ***Chun ról na nGnóthas Iarnróid agus na n-iarratasóirí a neartú, bunaítear ERP mar chomhlacht comhairleach do ENIM. D'fhéadfadh oibreoirí saoráidí seirbhíse agus críochfort, geallsealbhóir toillte ilmhódaigh, amhail calafoirt farraige agus calafoirt uiscebhealaí intíre agus úinéirí saoráidí seirbhíse eile a bhaineann le hiarnród, a bheith mar chuid de ERP freisin. Ba cheart do ENIM dul i gcomhairle le ERP sula n-ullmhóidh agus sula nglacfaidh sé Creataí Eorpacha le haghaidh Bainistiú Toillte, Bainistiú tráchta agus Bainistiú Feidhmíochta. Thairis sin, d'fhéadfadh ERP dearcadh níos cóngaraí a thabhairt do ENIM maidir le forbairtí sa mhargadh agus d'fhéadfadh sé tuairimí féintionscnaimh a eisiúint freisin maidir le haon tograí nó cinntí ó ENIM agus ERA.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Tá iontaofacht seirbhísí iarnróid ar cheann de na gnéithe is mó a bhfuil meas ag custaiméirí iarnróid air. Is gné chriticiúil í iontaofacht na sceideal freisin maidir le feidhmiú rianúil an chórais iarnróid, i gcás ina bhfuil idirghníomhaíochtaí láidre idir seirbhísí agus seachtrachtaí gréasáin. Ar an ábhar sin, ba cheart imeachtaí ón sceideal a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Ina theannta sin, ba cheart córas dreasachtaí leordhóthanacha a thabhairt isteach chun comhlíonadh gealltanas ó bhainisteoirí bonneagair, gnóthais iarnróid agus páirtithe leasmhara ábhartha eile a chur chun cinn. Ba cheart na dreasachtaí sin a bheith de chineál eacnamaíoch agus neamheacnamaíoch araon. | (18) Tá iontaofacht na seirbhísí iarnróid ar cheann de na gnéithe is mó a bhfuil meas ag custaiméirí iarnróid uirthi, ***agus go háirithe is ceanglas criticiúil é den mhargadh traenach oíche atá ag teacht chun cinn an athuair, ar gá do chustaiméirí iarnróid agus d'iarratasóirí a bheith ar an eolas roimh ré faoi conas is féidir lena gcuid seirbhísí a reáchtáil.*** Is gné chriticiúil í iontaofacht na sceideal freisin maidir le feidhmiú rianúil an chórais iarnróid, i gcás ina bhfuil idirghníomhaíochtaí láidre idir seirbhísí agus seachtrachtaí gréasáin. Ar an ábhar sin, ba cheart imeachtaí ón sceideal a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Ina theannta sin, ba cheart córas dreasachtaí leordhóthanacha a thabhairt isteach chun comhlíonadh gealltanas ó bhainisteoirí bonneagair, gnóthais iarnróid, ***oibreoirí saoráidí seirbhíse*** agus geallsealbhóirí ábhartha eile a chur chun cinn. Ba cheart na dreasachtaí sin a bheith de chineál eacnamaíoch agus neamheacnamaíoch araon. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Réamhchoinníoll chun feidhmíocht | (19) Réamhchoinníoll chun feidhmíocht |

na seirbhísí sin a fheabhsú is ea faireachán leanúnach a dhéanamh ar cháilíocht an bhonneagair iarnróid agus na seirbhísí iompair. ***Is*** gá, dá bhrí sin, córas trédhearcach agus oibiachtúil táscairí a bhunú lena soláthraítear aiseolas ar ghnéithe den fheidhmíocht atá ábhartha do na páirtithe leasmhara oibríochtúla éagsúla agus do chustaiméirí deiridh na seirbhísí iompair ar iarnród. Ba cheart príomhfheidhm an chórais sin a dhíriú ar fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngealltanas arna dtabhairt ag na geallsealbhóirí oibríochtúla agus ar dhul chun cinn na feidhmíochta le himeacht ama, agus imthosca agus saintréithe éagsúla laistigh den earnáil iarnróid á gcur san áireamh. Chun an córas sin a bhunú agus chun anailís a dhéanamh ar a aschur, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann brath ar shaineolaithe neamhspleácha i bhfoirm Comhlachta Athbhreithnithe Feidhmíochta. Ba cheart don chomhlacht sin a bheith in ann comhairle neamhspleách a sholáthar don Choimisiún i ngach réimse ina n-imrítear tionchar ar fheidhmíocht seirbhísí iarnróid agus ar bhainistíocht bonneagair.

na seirbhísí sin a fheabhsú is ea faireachán leanúnach a dhéanamh ar cháilíocht an bhonneagair iarnróid agus na seirbhísí iompair. Dá bhrí sin***, ba cheart do bhainisteoirí bonneagair faireachán agus tagarmharcáil a dhéanamh ar fheidhmíocht seirbhísí bonneagair iarnróid agus seirbhísí iompair d'iarnród. Ba cheart do bhainisteoirí bonneagair, agus a spriocanna feidhmíochta féin á leagan amach acu sa phlean, dul i gcomhairle leis na rialálaithe náisiúnta, leis na haireachtaí náisiúnta agus leis an gCoimisiún chun a áirithiú go bhfuil na spriocanna sin comhsheasmhach le spriocanna feidhmíochta an Aontais. Is*** gá ***freisin*** córas trédhearcach agus oibiachtúil táscairí a bhunú lena soláthraítear aiseolas ar ghnéithe den fheidhmíocht atá ábhartha do na páirtithe leasmhara oibríochtúla éagsúla agus do chustaiméirí deiridh na seirbhísí iompair ar iarnród. Ba cheart príomhfheidhm an chórais sin a dhíriú ar fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngealltanas arna dtabhairt ag na geallsealbhóirí oibríochtúla agus ar dhul chun cinn na feidhmíochta le himeacht ama, agus imthosca agus saintréithe éagsúla laistigh den earnáil iarnróid á gcur san áireamh. Chun an córas sin a bhunú agus chun anailís a dhéanamh ar a aschur, ba cheart don Choimisiún ***agus do ERA*** a bheith in ann brath ar shaineolaithe neamhspleácha a ***bhfuil eolas domhain acu ar an earnáil iarnróid*** i bhfoirm Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta. Ba cheart go mbeadh an comhlacht seo in ann ***sainchomhairle*** neamhspleách a sholáthar don Choimisiún ***agus do ERA*** i ngach réimse ina n-imrítear tionchar ar fheidhmíocht na seirbhísí iarnróid agus ar an mbainistíocht bonneagair.

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Chun feidhmíocht na seirbhísí bonneagair iarnróid a fheabhsú sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, ba cheart do na bainisteoirí bonneagair, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, leis an gComhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta agus le páirtithe leasmhara ábhartha, creat coiteann ***a bhunú agus*** a chur chun feidhme chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht. Ba cheart don chreat sin a áirithiú go n-úsáidfidh bainisteoirí bonneagair uile an Aontais prionsabail agus modheolaíochtaí coiteanna chun feidhmíocht a thomhas trí tháscairí comhaontaithe. Ba cheart don chreat sainaithint easnamh feidhmíochta ar ghréasáin iarnróid an Aontais a éascú. Ba cheart a áirithiú leis go socróidh bainisteoirí bonneagair cuspóirí feidhmíochta ar bhealach a chuireann san áireamh sainiúlachtaí an ghréasáin a bhainistíonn siad, ach a áirithíonn an tráth céanna comhleanúnachas maidir leis na heasnaimh feidhmíochta is ábhartha a shainaithint. Ba cheart don chreat a cheadú do bhainisteoirí bonneagair dul i gcomhar ar leibhéal an Aontais chun bearta a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh feidhmíochta agus chun súil a choimeád ar a dtionchar. Ba cheart do bhainisteoirí bonneagair, ag obair le chéile i Líonra Eorpach na mBainisteoirí Bonneagair agus ag cur tuairim an Chomhlachta Athbhreithnithe Feidhmíochta agus an Choimisiúin san áireamh, an creat seo a athbhreithniú go tráthrialta chun a áirithiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm. | (20) Chun feidhmíocht na seirbhísí bonneagair iarnróid a fheabhsú sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, ba cheart do na bainisteoirí bonneagair, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, ***le ERA,*** leis an gComhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta agus le geallsealbhóirí ábhartha, creat coiteann a bhunú agus a chur chun feidhme chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht. Ba cheart don chreat sin a áirithiú go n-úsáidfidh bainisteoirí bonneagair uile an Aontais prionsabail agus modheolaíochtaí coiteanna chun feidhmíocht a thomhas trí tháscairí comhaontaithe. Ba cheart don chreat sainaithint easnamh feidhmíochta ar ghréasáin iarnróid an Aontais a éascú. Ba cheart a áirithiú leis go socróidh bainisteoirí bonneagair cuspóirí feidhmíochta ar bhealach a chuireann san áireamh sainiúlachtaí an ghréasáin a bhainistíonn siad, ach a áirithíonn an tráth céanna comhleanúnachas maidir leis na heasnaimh feidhmíochta is ábhartha a shainaithint. Ba cheart don chreat a cheadú do bhainisteoirí bonneagair dul i gcomhar ar leibhéal an Aontais, ***lena n-áirítear laistigh de ERA*** chun bearta a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh feidhmíochta agus chun súil a choimeád ar a dtionchar. Ba cheart do bhainisteoirí bonneagair, ag obair le chéile ***le ERA*** i Líonra Eorpach na mBainisteoirí Bonneagair agus ag cur tuairim an Chomhlachta Athbhreithnithe Feidhmíochta agus an Choimisiúin san áireamh, an creat seo a athbhreithniú go tráthrialta chun a áirithiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Ba cheart do na comhlachtaí rialála iarnróid dul i gcomhar ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go gcuirfear an creat rialála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go gcaithfear go comhsheasmhach le hiarratasóirí ar fud an limistéir Eorpaigh aonair iarnróid. Ba cheart dóibh déanamh amhlaidh trí Líonra Eorpach na gComhlachtaí Rialála Iarnróid, d'fhonn cleachtais choiteanna a fhorbairt chun na cinntí a dtugtar de chumhacht dóibh faoin Rialachán sin a dhéanamh. Chun na críche sin, ba cheart do ***Líonra Eorpach na gComhlachtaí Rialála Iarnróid*** cúraimí comhordaithe a chomhlíonadh agus moltaí agus tuairimí neamhcheangailteacha a ghlacadh, ach níor cheart do na nithe sin difear a dhéanamh d'inniúlachtaí na gcomhlachtaí rialála iarnróid ná d'inniúlachtaí na mbainisteoirí bonneagair. | (22) Ba cheart do na comhlachtaí rialála iarnróid dul i gcomhar ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go gcuirfear an creat rialála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go gcaithfear go comhsheasmhach le hiarratasóirí ar fud an limistéir Eorpaigh aonair iarnróid. Ba cheart dóibh déanamh amhlaidh trí Líonra Eorpach na gComhlachtaí Rialála Iarnróid ***(ENRRB)***, d'fhonn cleachtais choiteanna a fhorbairt chun na cinntí a dtugtar de chumhacht dóibh faoin Rialachán seo a dhéanamh. Chun na críche sin, ba cheart do ***ENRRB*** cúraimí comhordaithe a chomhlíonadh agus moltaí agus tuairimí neamhcheangailteacha a ghlacadh, ach níor cheart do na nithe sin difear a dhéanamh d'inniúlachtaí na gcomhlachtaí rialála iarnróid ná d'inniúlachtaí na mbainisteoirí bonneagair. ***Ba cheart do ENRRB comhoiriúnacht na gcreataí Eorpacha a fhíorú, le cuspóirí rialála an Rialacháin. Ba cheart maoirseacht rialála a cheapadh sa chaoi go gcoiscfear cinntí náisiúnta chun an bonn a bhaint ó na nósanna imeachta comhchuibhithe a bhfuil tuairisc orthu sna creataí Eorpacha, mura bhforáiltear dá mhalairt sa Rialachán seo.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Éilítear malartú sonraí agus faisnéise idir bainisteoirí bonneagair, iarratasóirí agus páirtithe leasmhara oibríochtúla eile chun toilleadh iarnróid agus trácht a bhainistiú go héifeachtúil. Féadfaidh an malartú sin a bheith i bhfad níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ach tacaíocht a fháil ó uirlisí digiteacha idir-inoibritheacha agus, nuair is féidir, ó uathoibriú. Ba cheart, dá bhrí sin, sonraíochtaí le haghaidh idir-inoibritheachta a chur chun feidhme mar ábhar tosaíochta agus iad a fhorbairt a thuilleadh chun coimeád suas leis na forbairtí teicneolaíochta agus na próisis nua a chuirtear ar aghaidh sa Rialachán seo. | (23) Éilítear malartú sonraí agus faisnéise idir bainisteoirí bonneagair, iarratasóirí agus páirtithe leasmhara oibríochtúla eile chun toilleadh iarnróid agus trácht a bhainistiú go héifeachtúil. Féadfaidh an malartú sin a bheith i bhfad níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ach tacaíocht a fháil ó uirlisí digiteacha idir-inoibritheacha agus, nuair is féidir, ó uathoibriú. Ba cheart, dá bhrí sin, sonraíochtaí le haghaidh idir-inoibritheachta a chur chun feidhme mar ábhar tosaíochta agus iad a fhorbairt a thuilleadh chun coimeád suas leis na forbairtí teicneolaíochta agus na próisis nua a chuirtear ar aghaidh sa Rialachán seo. ***Chun forbairt agus cur chun feidhme mear a áirithiú, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh chun bainistiú comhtháite digiteach Eorpach ar thrácht iarnróid a chur chun feidhme agus a rialú. Ós rud é gurb é ERA an t-údarás córais Eorpach le haghaidh feidhmchláir theileamaitice, ba cheart dlúthbhaint a bheith aige le forbairt agus cur chun feidhme na n-uirlisí digiteacha dá dtagraítear in Airteagal 62 den Rialachán seo chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad TSI le haghaidh feidhmchláir theileamaitice mar a shainmhínítear i dTreoir (AE)2016/797 agus i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán (AE) 2016/796.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23a) Tá oibrithe ríthábhachtach d'fheidhmiú éifeachtúil na hearnála iarnróid. Chun go mbeidh seirbhísí níos éifeachtúla agus chun a gcáilíocht a mhéadú, tá an digitiú bunriachtanach. Ní mór forbairt scileanna digiteacha d'fhostaithe na hearnála a bheith ag gabháil le digitiú agus uathoibriú na hacmhainneachta iarnróid agus an bhainistithe tráchta. Is é atá i gceist le hoiliúint agus infheistíocht bhreise i leathnú na n-inniúlachtaí digiteacha i ndáil le ceanglais dhigiteacha nua ná a chur ar chumas oibrithe oiriúnú agus rannchuidiú go dearfach le dea-fheidhmiú na hearnála trí chumarsáid fheabhsaithe agus trí chumas feabhsaithe chun déileáil le himeachtaí gan choinne.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht ex-post ar Rialachán (AE) Uimh. 913/2010[20] go raibh tionchar an Rialacháin ró-theoranta chun rannchuidiú le haistriú iompair ó bhóthar go hiarnród. Thairis sin, bhí an comhar idir na Ballstáit agus na bainisteoirí bonneagair maidir le bainistíocht an bhonneagair iarnróid neamhéifeachtach fós i gcomhthéacs trasteorann. Léiríodh sa mheastóireacht freisin nach bhfuil sé éifeachtúil an toilleadh ar na dorchlaí lasta iarnróid agus ar an gcuid eile den ghréasán | (29) Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht ex-post ar Rialachán (AE) Uimh. 913/2010[20] go raibh tionchar an Rialacháin ró-theoranta chun rannchuidiú le haistriú iompair ó bhóthar go hiarnród. Thairis sin, bhí an comhar idir na Ballstáit agus na bainisteoirí bonneagair maidir le bainistíocht an bhonneagair iarnróid neamhéifeachtach fós i gcomhthéacs trasteorann. Léiríodh sa mheastóireacht freisin nach bhfuil sé éifeachtúil an toilleadh ar na dorchlaí lasta iarnróid agus ar an gcuid eile den ghréasán |

| | |
|---|---|
| a bhainistiú ar leithligh. Ba cheart feidhm a bheith ag creat rialála aonair maidir le toilleadh an ghréasáin iarnróid a oibriú, rud a chomhdhlúthódh na forálacha gaolmhara i dTreoir 2012/34/AE agus i Rialachán (AE) Uimh. 913/2010. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus na forálacha i dTreoir 2012/34/AE maidir le toilleadh a leithdháileadh a aisghairm agus an Rialachán sin a chur ina n-ionad. | a bhainistiú ar leithligh. Ba cheart feidhm a bheith ag creat rialála aonair maidir le toilleadh an ghréasáin iarnróid a oibriú, rud a chomhdhlúthódh na forálacha gaolmhara i dTreoir 2012/34/AE agus i Rialachán (AE) Uimh. 913/2010. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus na forálacha i dTreoir 2012/34/AE maidir le toilleadh a leithdháileadh a aisghairm agus an Rialachán sin a chur ina n-ionad. ***Ba cheart Airteagail ábhartha de Rialachán 1315/2013 maidir le Treoirlínte an Aontais chun forbairt an ghréasáin thras-Eorpigh iompair a leasú dá réir.*** |
| [20] SWD(2021) 134 final an 2 Meitheamh 2021. | [20] SWD(2021) 134 final an 2 Meitheamh 2021. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29a) Ar an gcaoi chéanna, ba cheart ailíniú a áirithiú leis na rialacháin cur chun feidhme seo a leanas, le haghaidh na rialacha maidir le leithdháileadh i saoráidí seirbhíse (Rialachán cur chun feidhme 2017/2177) agus le haghaidh nósanna imeachta agus critéir a bhaineann le creat-chomhaontuithe (Rialachán cur chun feidhme 2016/545).*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Chun an tráthchlár oibre a ullmhú, is gá gníomhaíochtaí ullmhúcháin a dhéanamh sna blianta roimh theacht i bhfeidhm an amchláir oibre sin. Dá bhrí sin, leis an aistriú ón gcreat rialála a bunaíodh le Treoir ***2013/34/AE*** agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 go dtí an ceann a bhunaítear leis an Rialachán seo, tugtar le tuiscint gur cheart tosú le hullmhúcháin le haghaidh amchlár oibre faoin gcreat nua i gcomhthreo le cur i bhfeidhm na rialacha faoin gcreat atá ann faoi láthair. Dá réir sin, ní mór feidhm a bheith ag córas déach san idirthréimhse trínar cheart na réamhbhearta is gá do thráthchlár ar leith an creat dlíthiúil is infheidhme maidir leis an amchlár oibre sonrach sin a chomhlíonadh. Maidir le creat-chomhaontuithe arna gcur i gcrích faoin gcreat atá ann faoi láthair, ba cheart an rogha a bheith ann ***feidhm*** leanúnach a ***bheith acu ar feadh idirthréimhse faoin gcóras nua***. | (30) Chun an tráthchlár oibre a ullmhú, is gá gníomhaíochtaí ullmhúcháin a dhéanamh sna blianta roimh theacht i bhfeidhm an amchláir oibre sin. Dá bhrí sin, leis an aistriú ón gcreat rialála a bunaíodh le Treoir ***2012/34/AE*** agus Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 go dtí an ceann a bhunaítear leis an Rialachán seo, tugtar le tuiscint gur cheart tosú le hullmhúcháin le haghaidh amchlár oibre faoin gcreat nua i gcomhthreo le cur i bhfeidhm na rialacha faoin gcreat atá ann faoi láthair. Dá réir sin, ní mór feidhm a bheith ag córas déach san idirthréimhse trínar cheart na réamhbhearta is gá do thráthchlár ar leith an creat dlíthiúil is infheidhme maidir leis an amchlár oibre sonrach sin a chomhlíonadh. Ba cheart an rogha a bheith ann maidir le creat-chomhaontuithe arna gcur i gcrích faoin gcreat atá ann faoi láthair leanúint ar aghaidh ***go dtí deireadh a gconartha***. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Faoin gcreat nua, ba cheart tús a chur leis na réamhbhearta le haghaidh tráthchlár oibre ach straitéis um thoilleadh a fhoilsiú 5 bliana roimh theacht i bhfeidhm amchláir oibre ar leith. Ar mhaithe le cur i bhfeidhm luath an chreata rialála nua agus an obair ullmhúcháin atá déanta cheana féin ag an earnáil á cur san | (31) Faoin gcreat nua, ba cheart tús a chur leis na réamhbhearta le haghaidh tráthchlár oibre ach straitéis um thoilleadh a fhoilsiú 5 bliana roimh theacht i bhfeidhm amchláir oibre ar leith. Ar mhaithe le cur i bhfeidhm luath an chreata rialála nua agus an obair ullmhúcháin atá déanta cheana féin ag an earnáil á cur san |

| | |
|---|---|
| áireamh, d'fhéadfaí sceideal na ngníomhaíochtaí as a dtiocfaidh bunú an chéad dá amchlár oibre a ghiorrú go 38 mí trí chéim na straitéise um thoilleadh a ghiorrú. Dá réir sin, ba cheart an t-amchlár oibre dar tosach an [9 Nollaig 2029] a bheith mar an gcéad amchlár oibre a thagann faoin gcreat rialála nua. Ba cheart do na geallsealbhóirí uile na hullmhúcháin is gá a thosú gan mhoill d'fhonn an creat nua a chomhlíonadh. | áireamh, d'fhéadfaí sceideal na ngníomhaíochtaí as a dtiocfaidh bunú an chéad dá amchlár oibre a ghiorrú go 38 mí trí chéim na straitéise um thoilleadh a ghiorrú. Dá réir sin, ba cheart an t-amchlár oibre dar tosach an [9 Nollaig 2029] a bheith mar an gcéad amchlár oibre a thagann faoin gcreat rialála nua. Ba cheart do na geallsealbhóirí uile na hullmhúcháin is gá a thosú gan mhoill d'fhonn an creat nua a chomhlíonadh. ***D'fhéadfadh na Ballstáit atá in ann a chruthú go bhfuil gach beart riachtanach déanta acu roimh dháta glactha an Rialacháin dáta cur i bhfeidhm níos luaithe a mheas.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Leagtar síos leis an Rialachán seo freisin rialacha agus nósanna imeachta maidir le cur chun feidhme córais chomhtháite dhigitigh Eorpaigh um bainistiú tráchta iarnróid*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le húsáid bonneagair iarnróid do sheirbhísí | 2. Tá feidhm ag an Rialachán seo ***maidir le córas iarnróid an Aontais a*** |

| | |
|---|---|
| iarnróid intíre agus idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Threoir 2012/34/AE, lena n-áirítear saoráidí seirbhíse mar a shainmhínítear in Airteagal 3(11) den Treoir sin. | ***shainítear in Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2016/797***, le húsáid bonneagair iarnróid do sheirbhísí iarnróid intíre agus idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Threoir 2012/34/AE, lena n-áirítear saoráidí seirbhíse mar a shainmhínítear in Airteagal 3(11) den Treoir sin. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ní bheidh feidhm ag Caibidlí II go V den Rialachán seo maidir le bonneagar iarnróid nó seirbhísí iarnróid a eisiatar ó chur i bhfeidhm Chaibidil IV de Threoir 2012/34/AE i gcomhréir le hAirteagal 2(3), (3a), (4), (8), (8a) agus (10) den Treoir sin le linn thréimhse bhailíochta na n-eisiamh ábhartha. | 3. Ní bheidh feidhm ag Caibidlí II go V den Rialachán seo maidir le bonneagar iarnróid nó seirbhísí iarnróid a eisiatar ó chur i bhfeidhm Chaibidil IV de Threoir 2012/34/AE i gcomhréir le hAirteagal 2(3), (3a), (4), (8), (8a)***, (9)*** agus (10) den Treoir sin le linn thréimhse bhailíochta na n-eisiamh ábhartha. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an úsáid éifeachtach is fearr a bhaint as an toilleadh bonneagair atá ar fáil mar a cheanglaítear in Airteagal 26 de Threoir 2012/34/AE; | (a) an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an toilleadh bonneagair atá ar fáil mar a cheanglaítear in Airteagal 26 de Threoir 2012/34/AE ***chun sciar an iompair d'iarnród a mhéadú, le haghaidh seirbhísí paisinéirí agus lasta araon i gcomhréir le*** |

| | |
|---|---|
| | ***spriocanna aeráide an Aontais***; |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) trácht iarnróid gan uaim a chumasú thar níos mó ná gréasán amháin; | (d) trácht iarnróid gan uaim ***agus poncúil*** a chumasú thar níos mó ná gréasán amháin agus thar theorainneacha ***trí iarracht a dhéanamh deireadh a chur le scrogaill agus le constaicí oibriochtúla***; |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 3 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) feidhmíocht bonneagair iarnróid agus seirbhísí iompair a athbhreithniú agus a fheabhsú i ndlúthchomhar le hoibreoirí na hearnála iarnróid; | (f) feidhmíocht an bhonneagair iarnróid agus na seirbhísí iompair a athbhreithniú agus a fheabhsú i ndlúthchomhar le hoibreoirí na hearnála iarnróid, ***lena n-áirítear saoráidí seirbhíse a bhfuil baint dhíreach acu le seirbhís iarnróid***; |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 3 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) rannchuidiú le cur chun feidhme agus le forbairt an limistéir Eorpaigh aonair iarnróid. | (g) rannchuidiú le cur chun feidhme agus forbairt an limistéir Eorpaigh aonair iarnróid***, go háirithe trí rialacha agus caighdeáin theicniúla agus oibríochtúla coiteanna Eorpacha, ceanglais maidir le trealamh teicniúil agus deimhniúchán foirne***. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'force majeure' aon teagmhas nó cás neamh-intuartha ***nó neamhghnách*** nach bhfuil smacht ag an mbainisteoir bonneagair ***nó*** ag an ngnóthas iarnróid air, nach féidir a sheachaint nó a shárú le fadbhreathnaitheacht agus le dúthracht réasúnach, nach féidir a réiteach le bearta atá indéanta go réasúnach ***dóibh*** ó thaobh dearcadh teicniúil, airgeadais nó eacnamaíoch de, ***a*** tharla iarbhír agus ***atá*** infhíoraithe go hoibiachtúil, agus a fhágann go bhfuil sé dodhéanta don bhainisteoir bonneagair a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh, go sealadach nó go buan, i gcomhréir leis an Rialachán seo nó le Treoir 2012/34/AE nó ionas go gcomhlíonfaidh an gnóthas iarnróid a oibleagáidí conarthacha i leith bainisteoir nó bainisteoirí bonneagair; | (1) ciallaíonn 'force majeure' aon teagmhas nó staid neamh-intuartha, ***dosheachanta nó eisceachtúil*** nach bhfuil neart ag an mbainisteoir bonneagair, ag an ngnóthas iarnróid ***nó ag an iarratasóir air***, nach féidir a shárú le fadbhreathnaitheacht agus dúthracht réasúnach, ***nach féidir*** a réiteach le bearta atá teicniúil, airgeadais nó eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann le réasún ***lena n-áirítear athródú thar theorainneacha***; ***ní mór gur*** tharla an teagmhas sin iarbhír agus ***gur gá*** é a bheith infhíoraithe go hoibiachtúil agus a fhágann nach féidir leis an mbainisteoir bonneagair a oibleagáidí a chomhlíonadh, go sealadach nó go buan, i gcomhréir leis an Rialachán seo nó le Treoir 2012/34/AE nó nach féidir leis an ngnóthas iarnróid a oibleagáidí conarthacha i leith bainisteoir nó bainisteoirí bonneagair a chomhlíonadh; |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) ciallaíonn 'iarratasóir' gnóthas iarnróid nó grúpáil idirnáisiúnta gnóthas iarnróid nó daoine nó eintitis dhlíthiúla eile, amhail údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 2(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] agus seoladóirí, seoltóirí lasta agus oibreoirí iompair chomhcheangailte, a bhfuil leas seirbhíse poiblí nó tráchtála acu toilleadh bonneagair a sholáthar;*** |
| | ___________________ |
| | ***[1a] Rialachán (ce) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 1191/69 agus (CEE) Uimh. 1107/70 ón gComhairle (IO L 315, 3.12.2007, lch. 1).*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ciallaíonn 'páirtí leasmhar oibríochtúil' iarratasóir, g***nóthas iarnróid***, bainisteoir bonneagair, oibreoir saoráide | (3) ciallaíonn 'geallsealbhóir oibríochtúil' ***comhlachas iarratasóirí***, bainisteoir bonneagair, ***oibreoir*** saoráide |

| | |
|---|---|
| um sheirbhís ***iarnróid***, ***soláthraí*** seirbhísí a bhaineann le hiarnród agus aon eintiteas eile a bhfuil baint dhíreach aige le seirbhís iompair ar iarnród a oibriú; | seirbhíse, soláthraí seirbhísí a bhaineann le hiarnród agus aon eintiteas eile a bhfuil baint dhíreach aige le seirbhís iompair iarnróid a oibriú; |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17a) ciallaíonn 'bealaí traenach córasacha' bealaí traenach atá bunaithe ar Airteagail 11 agus 20 den Rialachán seo, atá réamhphleanáilte i sceideal rialta ar feadh tréimhse tábla ama oibre,*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féachfaidh bainisteoirí bonneagair le prionsabail agus nósanna imeachta coiteanna a leanúint chun toilleadh bonneagair iarnróid a bhainistiú. Chun na críche sin, déanfaidh ENIM 'creat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú' a fhorbairt agus a ghlacadh i gcomhréir le forálacha Chaibidil II faoin [12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | 1. Féachfaidh bainisteoirí bonneagair le prionsabail agus nósanna imeachta coiteanna a leanúint chun toilleadh bonneagair iarnróid a bhainistiú. Chun na críche sin, déanfaidh ENIM ***i gcomhairle le ERP*** 'creat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú' a fhorbairt agus a ghlacadh i gcomhréir le Caibidil II faoin …[12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfaidh bainisteoirí bonneagair lánaird ar an gcreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú agus an ráiteas gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE á ullmhú acu, go háirithe an t-ábhar a shonraítear in Iarscríbhinn IV den Rialachán seo. ***Míneoidh*** siad sa ráiteas gréasáin an chúis atá le haon imeacht ó na prionsabail agus na nósanna imeachta coiteanna a bhunaítear sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú. | 4. Tabharfaidh bainisteoirí bonneagair lánaird ar an gcreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú agus an ráiteas gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE á ullmhú acu, go háirithe an t-ábhar a shonraítear in Iarscríbhinn IV den Rialachán seo. Tabharfaidh siad ***bonn cirt*** sa ráiteas gréasáin don chúis atá le haon imeacht ó na prionsabail agus na nósanna imeachta coiteanna a bhunaítear sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú. ***Ní cheadófar dialltaí ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus beidh siad faoi réir a bhformheasta ag an gcomhlacht rialála náisiúnta iarnróid.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 chun na prionsabail agus na nósanna imeachta coiteanna a leagan amach maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a bhainistiú agus chun mír 2 den Airteagal seo a leasú. Déanfar na gníomhartha tarmligthe sin a ghlacadh trí ... [24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh iarratasóirí iarrataí ar thoilleadh bonneagair. Chun toilleadh bonneagair den sórt sin a úsáid, ceapfaidh iarratasóirí gnóthas iarnróid chun comhaontú a thabhairt i gcrích leis an mbainisteoir bonneagair i gcomhréir le hAirteagal 28 de Threoir 2012/34/AE. Tá sé sin gan dochar do cheart na n-iarratasóirí chun creat-chomhaontuithe a thabhairt i gcrích le bainisteoirí bonneagair faoi Airteagal 31 den Rialachán seo. | 1. Déanfaidh iarratasóirí iarrataí ar thoilleadh bonneagair. Chun toilleadh bonneagair den sórt sin a úsáid, ceapfaidh iarratasóirí, ***nach gnóthais iarnróid iad*** gnóthas iarnróid chun comhaontú a thabhairt i gcrích leis an mbainisteoir bonneagair i gcomhréir le hAirteagal 28 de Threoir 2012/34/AE. Tá sé sin gan dochar do cheart na n-iarratasóirí chun creat-chomhaontuithe a thabhairt i gcrích le bainisteoirí bonneagair faoi Airteagal 31 den Rialachán seo. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Féadfaidh*** an bainisteoir bonneagair ceanglais a leagan síos maidir le hiarratasóirí chun a áirithiú go ndéanfar a ionchais dhlisteanacha maidir le hioncam agus úsáid an bhonneagair amach anseo a chosaint. Beidh ceanglais den sórt sin iomchuí, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Sonrófar iad sa ráiteas gréasáin dá dtagraítear i bpointe (1)(b) d'Iarscríbhinn IV. Ní fhéadfaidh siad a áireamh ach foráil de ráthaíocht airgeadais nach sáróidh leibhéal iomchuí a bheidh comhréireach leis an leibhéal gníomhaíochta atá beartaithe ag an | 2. ***Déanfaidh*** an bainisteoir bonneagair ceanglais a leagan síos maidir le hiarratasóirí chun a áirithiú go ndéanfar a ionchais dhlisteanacha maidir le hioncam agus úsáid an bhonneagair amach anseo a chosaint. Beidh ceanglais den sórt sin iomchuí, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Sonrófar iad sa ráiteas gréasáin dá dtagraítear i bpointe ***(2)(c)*** d'Iarscríbhinn IV. Ní fhéadfaidh siad a áireamh ach foráil de ráthaíocht airgeadais nach sáróidh leibhéal iomchuí a bheidh comhréireach leis an leibhéal gníomhaíochta atá beartaithe ag an |

| | |
|---|---|
| iarratasóir, agus dearbhú maidir leis an gcumas tairiscintí comhlíontacha a ullmhú le haghaidh an toillte bonneagair. | iarratasóir, agus dearbhú maidir leis an gcumas tairiscintí comhlíontacha a ullmhú le haghaidh an toillte bonneagair. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Féadfaidh*** an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ***leagfar*** amach sonraí na gcritéar a bheidh le leanúint chun mír 2 a chur i bhfeidhm. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 72(3). | *3.* ***Déanfaidh*** *an Coimisiún,* ***faoin [24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** *gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun mionsonraí an na gcritéar a bheidh le leanúint a leagan amach chun mír 2 a chur i bhfeidhm* ***agus chun mír 2 den Airteagal seo a leasú.*** *Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 72(3).* |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gan dochar do rialacha maidir leis an Státchabhair, ***féadfaidh*** na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, cúiteamh a dheonú don bhainisteoir bonneagair a chomhfhreagraíonn do chaillteanais ioncaim a bhaineann go heisiach leis an ngá atá leis an treoraíocht straitéiseach maidir le húsáid thoilleadh an bonneagair iarnróid a chomhlíonadh. | Gan dochar do rialacha maidir leis an Státchabhair, ***déanfaidh*** na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, cúiteamh a dheonú don bhainisteoir bonneagair a chomhfhreagraíonn do chaillteanais ioncaim a bhaineann go heisiach leis an ngá atá leis an treoraíocht straitéiseach maidir le húsáid thoilleadh an bonneagair iarnróid a chomhlíonadh. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis na nósanna imeachta sin, déanfar measúnú ar roghanna malartacha maidir le húsáid toillte bonneagair, bunaithe ar na critéir shocheacnamaíocha agus chomhshaoil seo a leanas, faoi réir infhaighteacht ***sonraí***: | Leis na nósanna imeachta sin, déanfar measúnú ar roghanna malartacha maidir le húsáid toillte bonneagair, bunaithe ar na critéir shocheacnamaíocha agus chomhshaoil seo a leanas, ***faoi réir infhaighteacht na sonraí caighdeánaithe a chuirfidh na hiarratasóirí ar fáil do na bainisteoirí bonneagair. Áireofar na nithe seo a leanas sna critéir sin, ach ní bheifear teoranta dóibh***: |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4 – fomhír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) nascacht agus inrochtaineacht do dhaoine agus do réigiúin ar a bhfreastalaíonn na seirbhísí iompair ar iarnród; | (c) nascacht agus inrochtaineacht, ***mar éifeacht ghréasáin ar an ngréasán foriomlán agus ar chodanna den ghréasán araon,*** do dhaoine agus do réigiúin ar a bhfreastalaíonn na seirbhísí iompair ar iarnród; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4 – fomhír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e a) éifeachtaí aistrithe mhódaigh i dtreo an iarnróid.*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Ullmhóidh agus glacfaidh ENIM na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 4 agus áireoidh sé iad i gcreat an Aontais um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6. Beidh na céimeanna seo a leanas i gceist leis na nósanna imeachta: | 5. Déanfaidh ENIM***, i gcomhairle le ERP***, na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 4 a ullmhú agus a ghlacadh agus cuirfidh sé san áireamh iad sa chreat ***Eorpach*** le haghaidh bainistiú acmhainneachta dá dtagraítear in Airteagal 6.<br>Beidh na céimeanna seo a leanas i gceist leis na nósanna imeachta: |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cásanna malartacha a dhearadh chun an toilleadh atá ar fáil do ***chineálacha*** éagsúla seirbhísí iompair ar iarnród a dheighilt, lena n-áirítear, i gcás inar féidir, soláthar toillte mhalartaigh ar | (a) cásanna malartacha a dhearadh chun an toilleadh atá ar fáil do ***gach cineál*** éagsúil seirbhís iompair ar iarnród ***a bhfuil feidhm acu maidir leis an toilleadh céanna*** a dheighilt, lena n-áirítear, i gcás |

| | |
|---|---|
| bhealaí eile nó uainiú malartach a bhfuil saintréithe inchomparáide aige; | inar féidir, soláthar toillte mhalartaigh ar bhealaí eile nó uainiú malartach a bhfuil saintréithe inchomparáide aige ***maidir le seirbhísí intíre agus trasteorann araon***; |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) cásanna malartacha a dhearadh chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí acmhainneachta idir dhá iarraidh nach bhfuil ag teacht leis an bpleanáil straitéiseach acmhainneachta;*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Forbróidh ENIM na modheolaíochtaí dá dtagraítear i mír 5, pointe b. Trí pharaiméadair na modheolaíochtaí sin, beifear in ann imthosca áitiúla nó náisiúnta a chur san áireamh bunaithe ar chuir chuige a bhfuil glacadh leo agus ar fhianaise eimpíreach. Áireoidh ENIM na modheolaíochtaí sin sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6. | 6. Forbróidh ENIM, ***i gcomhairle le ERP,*** na modheolaíochtaí dá dtagraítear i mír 5, pointe (b)***, den Airteagal seo***. Trí pharaiméadair na modheolaíochtaí sin, beifear in ann imthosca áitiúla nó náisiúnta a chur san áireamh bunaithe ar chuir chuige a bhfuil glacadh leo agus ar fhianaise eimpíreach. Áireoidh ENIM na modheolaíochtaí sin sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6. |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Ag cur san áireamh taithí ar ullmhú agus ar chur chun feidhme an chreata dá dtagraítear i mír 6, ***féadfaidh*** an Coimisiún gníomhartha ***cur chun feidhme*** a ghlacadh lena leagfar amach na nósanna imeachta, na critéir agus na modheolaíochtaí sonracha a bheidh le cur i bhfeidhm chun toilleadh gann a bhainistiú. Déanfar na gníomhartha ***cur chun feidhme*** sin a ghlacadh i gcomhréir leis ***an nós imeachta scrúdúcháin*** dá dtagraítear in ***Airteagal 72(3)***. | *7. Agus eispéiris ar ullmhú agus ar chur chun feidhme an chreata dá dtagraítear i mír 6 á gcur i gcuntas,* ***tabharfar de chumhacht don Choimisiún*** *gníomhartha* ***tarmligthe*** *a ghlacadh* ***i gcomhréir le hAirteagal 71*** *chun na nósanna imeachta sonracha a leagan amach,* ***sonraí caighdeánaithe a léiríonn codanna éagsúla den mhargadh do na*** *critéir agus do na modheolaíochtaí caighdeánaithe a bheidh le cur i bhfeidhm chun toilleadh gann a bhainistiú* ***agus chun mír 6 den Airteagal seo a leasú****. Glacfar na gníomhartha* ***tarmligthe*** *sin faoin ...* ***[24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Áireofar iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Soláthróidh bainisteoirí bonneagair do pháirtithe leasmhara, go háirithe iarratasóirí, iarratasóirí féideartha agus comhlachtaí rialála, faisnéis chruinn agus cothrom le dáta maidir le hinfhaighteacht toillte bonneagair ar feadh an phróisis bainistithe toillte ina iomláine, lena n-áirítear sa chéim pleanála straitéisí dá dtagraítear i roinn 2, le linn na bpróiseas sceidealaithe agus leithdháilte a leagtar | Soláthróidh bainisteoirí bonneagair do pháirtithe leasmhara, go háirithe iarratasóirí agus comhlachtaí rialála, faisnéis chruinn agus cothrom le dáta maidir le hinfhaighteacht toillte bonneagair ar feadh an phróisis bainistithe toillte ina iomláine, lena n-áirítear sa chéim pleanála straitéisí dá dtagraítear i roinn 2, le linn na bpróiseas sceidealaithe agus leithdháilte a leagtar amach i roinn 3 |

| | |
|---|---|
| amach i roinn 3 agus aon uair a dhéanfar athruithe ar an toilleadh leithdháilte dá dtagraítear i roinn 4. | agus aon uair a dhéanfar athruithe ar an toilleadh leithdháilte dá dtagraítear i roinn 4***, ag brath ar infhaighteacht na straitéise um thoilleadh, na samhla maidir le toilleadh agus an phlean um thoilleadh a sholáthar foilsithe***. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Arna iarraidh sin ag na hiarratasóirí, soláthróidh bainisteoirí bonneagair an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn sonraíochtaí coincréiteacha ar riachtanais tráchtála agus oibríochtúla ('measúnuithe féidearthachta'). I gcás seirbhísí trasteorann, gheobhaidh agus freagróidh bainisteoirí bonneagair iarrataí den sórt sin in aon áit amháin agus in oibríocht aonair nó trí chomhéadan aonair. | 3. Arna iarraidh sin ag na hiarratasóirí, soláthróidh bainisteoirí bonneagair an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ***den Airteagal seo*** ar bhonn sonraíochtaí coincréiteacha ar riachtanais tráchtála agus oibríochtúla ('measúnuithe féidearthachta'). I gcás seirbhísí trasteorann, gheobhaidh agus freagróidh bainisteoirí bonneagair iarrataí den sórt sin in aon áit amháin agus in oibríocht aonair nó trí chomhéadan aonair arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal ***27 (4)***. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gan dochar d'Airteagal 7, 7c agus 7e de Threoir 2012/34/AE, déanfaidh bainisteoirí bonneagair obair bhonneagair a phleanáil i gcomhréir leis an bplean gnó | 1. Gan dochar d'Airteagal 7, 7c agus 7e de Threoir 2012/34/AE, déanfaidh bainisteoirí bonneagair obair bhonneagair a phleanáil i gcomhréir leis an bplean gnó |

| | |
|---|---|
| agus leis na cláir infheistíochta agus airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 8(3) de Threoir 2012/34/AE. I gcás ina ndéanann leasuithe ar na cláir sin tar éis an plean gnó a ghlacadh difear do phleanáil oibreacha bonneagair nó inar dócha go ndéanfaidh siad difear do phleanáil oibreacha bonneagair, soláthróidh an bainisteoir bonneagair forbhreathnú ar na leasuithe sin agus ar a dtionchar dóchúil sa ráiteas gréasáin. | agus leis na cláir infheistíochta agus airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 8(3) de Threoir 2012/34/AE. I gcás ina ndéanann leasuithe ar na cláir sin tar éis an plean gnó a ghlacadh difear do phleanáil oibreacha bonneagair nó inar dócha go ndéanfaidh siad difear do phleanáil oibreacha bonneagair, soláthróidh an bainisteoir bonneagair forbhreathnú ar na leasuithe sin agus ar a dtionchar dóchúil sa ráiteas gréasáin. ***Cuirfidh an Ballstát cistiú ilbhliantúil cobhsaí tráthúil ar fáil don bhainisteoir bonneagair chun bonneagar iarnróid a chothabháil, a athnuachan agus a thógáil ar feadh tréimhse rollach 5 bliana ar a laghad tríd an gcomhaontú feidhmíochta ilbhliantúil chun tacú le bainisteoirí bonneagair díghrádú an bhonneagair iarnróid a chosc agus an tionchar ar shrianta toillte a d'fhéadfadh a bheith ann a íoslaghdú. Déanfar an buiséad bliantúil a bheidh ar fáil do bhainisteoirí bonneagair a dhéanamh trédhearcach don bhainisteoir bonneagair agus leithdháilfear é go hiontaofa.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh sé d'aidhm ag an maoiniú a chuirfidh an Ballstát ar fáil don bhainisteoir bonneagair ar chothromaíocht den sórt sin a bhunú. Déanfaidh na hiarratasóirí an fhaisnéis is gá chun go gcomhlíonfaidh an bainisteoir bonneagair an fhoráil seo a sholáthar go tráthúil.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh sé d'aidhm ag an maoiniú a chuirfidh an Ballstát ar fáil don bhainisteoir bonneagair ar chothromaíocht den sórt sin a bhunú. Déanfaidh na hiarratasóirí an fhaisnéis is gá chun go gcomhlíonfaidh an bainisteoir bonneagair an fhoráil seo a sholáthar go tráthúil.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Rachaidh na bainisteoirí bonneagair i gcomhairle le hiarratasóirí maidir leis na hoibreacha bonneagair i gcomhthéacs na sásraí comhordúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7e de Threoir ***2012/34/AE*** agus, a mhéid a bhaineann le seirbhísí iarnróid trasteorann, i gcomhréir le hAirteagal 54 den Rialachán seo. | 3. Rachaidh na bainisteoirí bonneagair i gcomhairle le hiarratasóirí maidir leis na hoibreacha bonneagair i gcomhthéacs na sásraí comhordúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7e de Threoir ***2012/34/AE*** agus, a mhéid a bhaineann le seirbhísí iarnróid trasteorann, i gcomhréir le hAirteagal 54 den Rialachán seo. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Díreofar sa chomhordú go háirithe ar bharrfheabhsú sceideal na n-oibreacha bonneagair agus ar thoilleadh malartach a sholáthar ar an líne a ndéantar difear di agus ar bhealaí eile, agus riachtanais oibríochtúla agus tráchtála na n-iarratasóirí á gcur san áireamh. | Díreofar sa chomhordú go háirithe ar bharrfheabhsú sceideal na n-oibreacha bonneagair agus ar thoilleadh malartach a sholáthar ar an líne a ndéantar difear di agus ar bhealaí eile, agus riachtanais oibríochtúla, ***bhonneagair*** agus tráchtála na n-iarratasóirí *éagsúla* á gcur san áireamh. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 5 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirfidh an rialachas lasta iarnróid moladh maidir le comhordú oibreacha faoi bhráid na mbainisteoirí bonneagair faoi seach trí mhí roimh an tréimhse arna sainmhíniú in Airteagal 10(4).*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leagtar amach ábhar na mbunspriocanna inghnóthaithe sin agus an sceideal lena n-ullmhú i ranna 1 agus 2 d’Iarscríbhinn I. | Leagtar amach ábhar na mbunspriocanna inghnóthaithe sin agus an sceideal lena n-ullmhú i ranna 1 agus 2 d’Iarscríbhinn I. |

| | |
|---|---|
| | ***Cuirfidh an bainisteoir bonneagair an t-inneachar go léir ar fáil i dteanga oifigiúil an Bhallstáit agus i mBéarla.*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2 – fomhír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 chun ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a leasú, chun próiseas pleanála straitéisí éifeachtach a áirithiú agus chun ábhair imní oibríochtúla na mbainisteoirí bonneagair agus na n-iarratasóirí a léiriú, agus taithí ENIM, bainisteoirí bonneagair, iarratasóirí agus páirtithe leasmhara oibríochtúla eile, comhlachtaí rialála agus ***ENRB*** á cur san áireamh agus an roinn seo á cur chun feidhme acu. | Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 chun ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I a leasú, chun próiseas pleanála straitéisí éifeachtach a áirithiú agus chun ábhair imní oibríochtúla na mbainisteoirí bonneagair agus na n-iarratasóirí a léiriú, ***agus moladh ó ERA agus*** taithí ENIM, bainisteoirí bonneagair, iarratasóirí agus páirtithe leasmhara oibríochtúla eile, comhlachtaí rialála agus ***ENRRB*** á gcur san áireamh agus an roinn seo á cur chun feidhme acu. |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoi réir phrionsabal an neamhspleáchais bainistíochta a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2012/34/AE, féadfaidh na Ballstáit treoraíocht straitéiseach a sholáthar don bhainisteoir bonneagair bunaithe ar na straitéisí táscacha um | Faoi réir phrionsabal an neamhspleáchais bainistíochta a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2012/34/AE, féadfaidh na Ballstáit treoraíocht straitéiseach a sholáthar don bhainisteoir bonneagair bunaithe ar na straitéisí táscacha um |

| | |
|---|---|
| fhorbairt an bhonneagair iarnróid dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de Threoir 2012/34/AE. Féadfaidh an treoraíocht sin na nithe seo a leanas a chumhdach/a chuimsiú go háirithe: | fhorbairt an bhonneagair iarnróid dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de Threoir 2012/34/AE. ***Cuirfidh na Ballstáit an treoir ar fáil go tráthúil ionas go mbeidh bainisteoirí bonneagair agus geallsealbhóirí oibríochtúla in ann na spriocdhátaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a leanúint.*** Féadfaidh an treoraíocht sin na nithe seo a leanas a chumhdach/a chuimsiú go háirithe: |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) dearcadh ar fhorbairt an bhonneagair ar iarnród, ag cur san áireamh pleananna agus straitéisí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach agus pleananna oibre na gConairí Iompair Eorpacha dá dtagraítear in Airteagal 53 de [Rialachán nua TEN-T]; | (b) dearcadh ar fhorbairt an bhonneagair iarnróid, agus ***pleananna*** ábhartha á gcur san áireamh, ***lena n-áirítear pleananna agus straitéisí bonneagair straitéiseacha*** fadtéarmacha ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach agus pleananna oibre na gConairí Eorpacha Iompair dá dtagraítear in Airteagal 54 de ***Rialachán (AE) 2024/ ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a]*** [Rialachán nua TEN-T];<br>_________________<br>***[1a] Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO...).*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit comhordú ***chun*** comhsheasmhacht a áirithiú idir an treoraíocht straitéiseach faoi seach a sholáthróidh siad i gcomhréir leis an mír sin d'fhonn tacú le forbairt seirbhísí idirnáisiúnta iarnróid do phaisinéirí agus lasta. | Déanfaidh na Ballstáit ***soláthar tráthúiul treoraíochta*** a chomhordú ***agus*** comhsheasmhacht a áirithiú idir an treoraíocht straitéiseach faoi seach a sholáthróidh siad i gcomhréir leis an mír seo d'fhonn tacú le forbairt seirbhísí idirnáisiúnta iarnróid do phaisinéirí agus lasta. ***I bhfianaise Airteagal 8 de Threoir 2012/34/AE, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar acmhainní airgeadais a leithdháileadh roimh ré ar na bainisteoirí bonneagair chun bonneagar agus acmhainní airgeadais a chothabháil go rialta i gcomhair forbairt bonneagair a bhfuil tuairisc uirthi sa straitéis um thoilleadh dá dtagraítear in Airteagal 16 den Rialachán sin. Comhordóidh na Ballstáit a mbonneagar straitéiseach fadtéarmach agus a bpleananna tráthchláir fadtéarmacha, a bhforbairt bonneagair bunaithe ar na pleananna sin agus comhordóidh siad amlínte a gcur chun feidhme.*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Agus an taithí maidir leis an treoir straitéiseach dá dtagraítear i mír 3 a ullmhú agus a chur chun feidhme á cur i*** |

| | |
|---|---|
| | ***gcuntas, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 chun an stádas dlíthiúil sonrach, an teimpléad, na nósanna imeachta, na critéir agus na modheolaíochtaí a leagan amach atá le cur i bhfeidhm chun treoir straitéiseach náisiúnta a ghlacadh chun comhsheasmhacht a áirithiú idir na treoracha straitéiseacha sin arna n-eisiúint ag na Ballstáit, ar treoracha iad atá riachtanach chun tacú le forbairt seirbhísí idirnáisiúnta lasta iarnróid agus paisinéirí.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Más gá, i bhfianaise na taithí a fuarthas agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, féadfaidh ENIM liosta níos mionsonraithe a shainmhíniú a dhéanfaidh idirdhealú breise idir na cineálacha seirbhísí iompair ar iarnród. D’fhonn tacú le comhsheasmhacht trasteorann an phróisis pleanála straitéisí, áireofar liosta comhchuibhithe sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6. | Más gá, i bhfianaise na taithí a fuarthas agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, féadfaidh ENIM i ***gcomhar le ERP*** liosta níos mionsonraithe a shainmhíniú a dhéanfaidh idirdhealú breise idir na cineálacha seirbhísí iompair ar iarnród. D’fhonn tacú le comhsheasmhacht trasteorann an phróisis pleanála straitéisí, áireofar liosta comhchuibhithe sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6. |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ionchur ón gcomhairliúchán le hiarratasóirí reatha agus iarratasóirí féideartha i gcomhréir le hAirteagal 13; | (c) ***na riachtanais toillte arna bhfógairt ag geallsealbhóirí oibríochtúla agus*** an t-ionchur ón gcomhairliúchán le hiarratasóirí reatha agus iarratasóirí ionchasacha i gcomhréir le hAirteagal 13; |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(f a) a mhéid is féidir, an tionchar socheacnamaíoch agus comhshaoil a bhaineann le húsáid na hacmhainne bonneagair.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 6 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an bpleanáil straitéiseach maidir le toilleadh, cumhdófar na ***línte atá mar chuid de chroíghréasán TEN-T agus de chroíghréasán leathnaithe TEN-T dá dtagraítear in Airteagal 6 de [Rialachán nua TEN-T] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis. Féadfaidh bainisteoirí bonneagair línte agus nóid eile den ghréasán a bhainistíonn siad a áireamh.*** | Cumhdófar ***an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid*** le pleanáil straitéiseach acmhainne. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 8 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) athruithe ar éileamh an mhargaidh le haghaidh toilleadh bonneagair; | (b) athruithe ar éileamh an mhargaidh ar thoilleadh bonneagair ***agus na riachtanais a d'fhógair iarratasóirí ar sheirbhísí nua nó modhnaithe á gcur i gcuntas***; |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Forbróidh ENIM treoirlínte lena leagfar amach prionsabail, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí coiteanna le haghaidh na pleanála toillte straitéisí. Áireoidh sé na treoirlínte sin sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6 den Rialachán seo. Ba cheart na heilimintí a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a bheith sna treoirlínte sin ar a laghad. Tabharfaidh na bainisteoirí bonneagair lánaird ar na treoirlínte sin sa ráiteas gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE. Míneoidh siad sa ráiteas gréasáin an chúis atá le haon imeacht ó na prionsabail, na nósanna imeachta agus na modheolaíochtaí coiteanna a leagtar síos | *9.* **Faoin... [12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],** *forbróidh ENIM treoirlínte lena leagfar amach prionsabail, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí coiteanna le haghaidh na pleanála toillte straitéisí. Áireoidh sé na treoirlínte sin sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6 den Rialachán seo. Ba cheart na heilimintí a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a bheith sna treoirlínte sin ar a laghad. Tabharfaidh na bainisteoirí bonneagair lánaird ar na treoirlínte sin sa ráiteas gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE. Míneoidh siad sa ráiteas gréasáin an chúis atá le haon imeacht ó na prionsabail, na nósanna imeachta agus na* |

| | |
|---|---|
| sna treoirlínte. | *modheolaíochtaí coiteanna a leagtar síos sna treoirlínte.* |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9 a. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 chun prionsabail, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí coiteanna a leagan amach le haghaidh pleanáil toillte straitéisigh agus chun mír 9 den Airteagal seo a leasú. Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoin ... [24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Áireofar iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú.*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Rachaidh bainisteoirí bonneagair i gcomhairle leis na geallsealbhóirí oibríochtúla uile a oibríonn seirbhísí iarnróid ilghréasáin i dtaobh pleanáil straitéiseach maidir le toilleadh i gcomhréir le hAirteagail 53 agus 54. | 2. Rachaidh na bainisteoirí bonneagair i gcomhairle leis na geallsealbhóirí oibríochtúla uile a oibríonn seirbhísí iarnróid ilghréasáin i dtaobh pleanáil straitéiseach maidir le toilleadh ***i rith na céime maidir le toilleadh a bhainistiú go straitéiseach, agus ar a laghad i gcomhréir leis na garspriocanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I*** i gcomhréir le hAirteagail 53 agus 54. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Tabharfaidh na bainisteoirí bonneagair an deis d'iarratasóirí a riachtanais toillte a fhógairt i bhformáid struchtúrtha tríd an bpróiseas bainistíochta toillte, agus sonróidh ENIM amlínte iomchuí ina leith. Déanfaidh na bainisteoirí bonneagair a ndícheall na riachtanais fógartha ag iarratasóirí a chomhtháthú sna doiciméid pleanála straitéisí toillte dá dtagraítear in Airteagal 11(2). Mura mbeidh roghanna malartacha ar fáil do na riachtanais toillte uile atá fógartha, déanfaidh na bainisteoirí bonneagair a seacht ndícheall chun na coinbhleachtaí féideartha a réiteach tríd an sásra um réiteach comhthoiliúil coinbhleachta dá dtagraítear in Airteagal 36.*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 b. Déanfaidh an comhlacht rialála faireachán ar ghníomhaíochtaí an bhainisteora bonneagair sa phleanáil toillte straitéisigh i gcomhréir le hAirteagal 63.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – fomhír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara oibríochtúla agus na gcomhlachtaí rialála uile, Líonra Eorpach na gComhlachtaí Rialála Iarnróid ('ENRRB'), na gComhordaitheoirí Eorpacha agus, i gcás inar gá, údaráis na mBallstát agus páirtithe leasmhara eile. | (d) rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí oibríochtúla uile ***agus ERP***, na gcomhlachtaí rialála, agus Líonra Eorpach na gComhlachtaí Rialála Iarnróid ('ENRRB'), na gComhordaitheoirí Eorpacha agus, i gcás inar gá, údaráis na mBallstát agus geallsealbhóirí eile. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Cuirfidh an rialachas lasta iarnróid moladh maidir le straitéis chomhordaithe toillte faoi bhráid na mbainisteoirí bonneagair faoi seach trí mhí roimh an tréimhse arna sainmhíniú in Airteagal 10(4).*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 1. Déanfaidh bainisteoirí bonneagair agus ENIM faireachán agus anailís go tráthrialta ar mhargaí iompair chun a straitéis ghnó fhoriomlán, a mbainistiú toillte agus a mbainistiú teagmhasach agus a gcuid cinntí infheistíochta a threorú. Cuirfidh bainisteoirí bonneagair torthaí na hanailíse sin in iúl do pháirtithe leasmhara eile chun críoch comhchosúil, lena n-áirítear na Comhordaitheoirí Eorpacha. | 1. Déanfaidh bainisteoirí bonneagair agus ENIM***, i gcomhairle le ENRRB agus ERP,*** faireachán agus anailís go tráthrialta ar mhargaí iompair ***agus gnéithe ilmhódacha ábhartha don iarnród*** chun a straitéis ghnó fhoriomlán, a mbainistiú toillte agus a mbainistiú teagmhasach agus a gcinntí infheistíochta a threorú. Cuirfidh bainisteoirí bonneagair torthaí na hanailíse sin in iúl do gheallsealbhóirí eile chun críoch comhchosúil, lena n-áirítear na Comhordaitheoirí Eorpacha. |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(c a) más féidir, tionchar éifeachtaí réamh-mheasta an athraithe aeráide ar an mbonneagar agus ar na seirbhísí a sholáthraítear.*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 4. Rachaidh ENIM i gcomhairle le hiarratasóirí, le custaiméirí seirbhísí | 4. Rachaidh ENIM i gcomhairle le hiarratasóirí, ***le ERP***, le custaiméirí seirbhísí |

| | |
|---|---|
| iompair ar iarnród agus lena gcomhlachais, le húdaráis phoiblí náisiúnta agus le húdaráis phoiblí an Aontais maidir le téarmaí tagartha an staidéir, go háirithe a mhéid a bhaineann le cuspóir an staidéir agus leis an bpróiseas maidir le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí. | iompair ar iarnród agus lena gcomhlachais, le húdaráis phoiblí náisiúnta agus le húdaráis phoiblí an Aontais maidir le téarmaí tagartha an staidéir, go háirithe a mhéid a bhaineann le cuspóir an staidéir agus leis an bpróiseas maidir le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Foilseofar na sonraí uile don staidéar agus don staidéar féin agus beidh rochtain éasca orthu. Beidh na sonraí inléite ag meaisín.*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh an bainisteoir bonneagair an straitéis um thoilleadh a ullmhú, a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta i gcomhréir leis an sceideal agus leis an ábhar a leagtar amach i roinn 2 d'Iarscríbhinn I. | 4. Déanfaidh an bainisteoir bonneagair an straitéis um thoilleadh a ullmhú, a fhoilsiú agus***, nuair is gá,*** a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta i gcomhréir leis an sceideal agus leis an ábhar a leagtar amach i roinn 2 d'Iarscríbhinn I. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Rachaidh bainisteoirí bonneagair i gcomhairle le hiarratasóirí maidir leis an straitéis um thoilleadh i gcomhréir le hAirteagal 13 agus comhordóidh siad straitéisí um thoilleadh le bainisteoirí bonneagair eile i gcomhréir le hAirteagal 14. | 5. Rachaidh bainisteoirí bonneagair i gcomhairle le hiarratasóirí ***agus áiseanna seirbhíse buailte*** maidir leis an straitéis um thoilleadh i gcomhréir le hAirteagal 13 agus comhordóidh siad straitéisí um thoilleadh le bainisteoirí bonneagair eile ***lena mbaineann*** i gcomhréir le hAirteagal 14. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Cuirfidh an bainisteoir bonneagair an straitéis toillte faoi bhráid an chomhlachta rialála. Laistigh de thrí mhí tar éis í a fhoilsiú beidh an chumhacht ag an gcomhlacht rialála, tar éis anailíse, a cheangal ar an mbainisteoir bonneagair í a leasú.*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leis an tsamhail maidir le toilleadh, | 2. Leis an tsamhail maidir le toilleadh, |

| | |
|---|---|
| soláthrófar ar a laghad faisnéis faoi mhéid iomlán an toillte atá ar fáil de réir an stráice gréasáin, faoin sciar den toilleadh a chuirtear i leataobh le haghaidh codanna éagsúla de sheirbhísí iompair ar iarnród agus faoi shrianta ar an toilleadh a eascraíonn as oibreacha bonneagair. Ullmhóidh agus foilseoidh na bainisteoirí bonneagair an tsamhail maidir le toilleadh le haghaidh gach tréimhse bailíochta tráthchláir oibre agus tabharfaidh siad an tsamhail maidir le toilleadh cothrom le dáta go tráthrialta i gcomhréir leis na hábhair agus leis an sceideal a leagtar amach i ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I. | soláthrófar ar a laghad faisnéis faoi mhéid iomlán an toillte atá ar fáil de réir an stráice gréasáin, faoin sciar den toilleadh a chuirtear i leataobh le haghaidh codanna éagsúla de sheirbhísí iompair ar iarnród agus faoi shrianta ar an toilleadh a eascraíonn as oibreacha bonneagair. ***Beidh faisnéis ann freisin maidir le toilleadh na saoráidí seirbhíse faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 29(1).*** Ullmhóidh agus foilseoidh na bainisteoirí bonneagair an tsamhail i gcás toilleadh le haghaidh gach tréimhse bailíochta tráthchláir oibre agus tabharfaidh siad an tsamhail toillte cothrom le dáta ***nuair is gá*** i gcomhréir leis na hábhair agus leis an sceideal a leagtar amach i ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn I. |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh bainisteoirí bonneagair aon dibhéirseacht idir an tsamhail maidir le toilleadh agus an straitéis um thoilleadh a bhaineann le tréimhse bhailíochta an tráthchláir oibre chéanna a dhoiciméadú agus, i gcás inarb ábhartha, tabharfaidh siad údar léi. I gcás inar gá, déanfar an straitéis um thoilleadh a athbhreithniú i bhfianaise forbairtí ó ghlactar an straitéis um thoilleadh nó ón nuashonrú is déanaí a dhéantar uirthi. | 3. Déanfaidh bainisteoirí bonneagair aon dibhéirseacht idir an tsamhail maidir le toilleadh agus an straitéis um thoilleadh a bhaineann le tréimhse bhailíochta an tráthchláir oibre chéanna a dhoiciméadú agus, i gcás inarb ábhartha, tabharfaidh siad údar léi. Ní gá an straitéis toillte ***a thabhairt cothrom le dáta i gcás inar foilsíodh an tsamhail*** toillte ***cheana féin le haghaidh na tréimhse ama céanna***. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Rachaidh bainisteoirí bonneagair i gcomhairle le hiarratasóirí i dtaobh na samhla maidir le toilleadh i gcomhréir le hAirteagal 13 agus comhordóidh siad straitéisí um thoilleadh le bainisteoirí bonneagair eile i gcomhréir le hAirteagal 14. | 4. Rachaidh bainisteoirí bonneagair i gcomhairle le hiarratasóirí ***agus leis an gcomhlacht rialála*** i dtaobh na samhla maidir le toilleadh i gcomhréir le hAirteagal 13 agus comhordóidh siad straitéisí um thoilleadh le bainisteoirí bonneagair eile ***lena mbaineann*** i gcomhréir le hAirteagal 14. |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Cuirfidh an bainisteoir bonneagair an tsamhail toillte faoi bhráid an chomhlachta rialála chun í a ghrinnscrúdú dhá mhí roimh an bhfoilsiú. Féadfaidh an comhlacht rialála cinneadh a dhéanamh tráth nach déanaí ná mí amháin roimh a fhoilsiú, lena gceanglófar ar an mbainisteoir bonneagair an tsamhail toillte a leasú sula bhfoilseofar í. D'fhonn comhsheasmhacht trasteorann samhlacha toillte a áirithiú, cuirfear i gcuntas i gcinneadh an chomhlachta rialála, i gcás inarb ábhartha, aon tuairim nó moladh ó ENIM, ó ERA nó ó chomhlachtaí rialála eile.*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) toilleadh bonneagair atá ar fáil lena leithdháileadh ar iarratasóirí; | (a) toilleadh bonneagair atá ar fáil lena leithdháileadh ar iarratasóirí ***sa tráthchlár oibre agus arna gcosaint le haghaidh iarrataí níos déanaí de réir Airteagal 33, lena n-áirítear saoráidí seirbhíse***; ***;*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Sa phlean um thoilleadh a sholáthar, féadfaidh bainisteoirí bonneagair toilleadh bonneagair a léiriú mar thoilleadh réamhphleanáilte. Ciallaíonn toilleadh réamhphleanáilte toilleadh a sainíonn an bainisteoir bonneagair saintréithe agus méideanna an toillte atá ar fáil ina leith d'iarrataí ó iarratasóirí, ina leagtar amach rialacha maidir le toilleadh den sórt sin a leithdháileadh agus ina sainítear an próiseas trínar féidir toilleadh den sórt sin a iarraidh, i gcomhréir le hAirteagal 20. Cuirfear na saintréithe sonraithe, na rialacha sonraithe agus na próisis leithdháilte shonraithe san áireamh agus toilleadh réamhphleanáilte á leithdháileadh. | 4. Sa phlean toillte soláthair, féadfaidh bainisteoirí bonneagair toilleadh bonneagair ***agus toilleadh i saoráidí seirbhíse dá dtagraítear in Airteagal 29(1)*** a léiriú mar thoilleadh réamhphleanáilte. Ciallaíonn toilleadh réamhphleanáilte toilleadh a sainmhíníonn an bainisteoir bonneagair saintréithe agus méideanna an toillte atá ar fáil ina leith d'iarrataí ó iarratasóirí, ina leagtar amach rialacha maidir leis an toilleadh sin a leithdháileadh agus ina sainmhínítear an próiseas trínar féidir an toilleadh sin a iarraidh, i gcomhréir le hAirteagal 20. Cuirfear na saintréithe sonraithe, na rialacha sonraithe agus na próisis leithdháilte shonraithe i gcuntas agus toilleadh réamhphleanáilte á leithdháileadh. |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 7 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áireoidh na bainisteoirí bonneagair sa phlean um thoilleadh a sholáthar na heilimintí uile a liostaítear i mír 6 do na línte agus na nóid uile a áirítear i gcroíghréasán TEN-T agus i gcroíghréasán sínte TEN-T mar a shainmhínítear i [Rialachán nua TEN-T]. | Áireoidh na bainisteoirí bonneagair sa phlean um thoilleadh a sholáthar na heilimintí a liostaítear i mír 6, ***agus áiritheoidh siad comhleanúnachas leis an straitéis toillte***. |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Déanfaidh an comhlacht rialála anailís ar an bplean um thoilleadh a sholáthar agus féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh lena gceanglófar ar an mbainisteoir bonneagair an plean um thoilleadh a sholáthar a leasú. ***Déanfar aon tuairim nó aon mholadh ó ENIM a chur san áireamh i gcinneadh an chomhlachta rialála, i gcás ina soláthraítear an tuairim nó an moladh sin.*** | 9. ***Cuirfidh an bainisteoir bonneagair an dréachtphlean toillte soláthair faoi bhráid an chomhlachta rialála chun é a ghrinnscrúdú dhá mhí roimh an bhfoilsiú.*** Déanfaidh an comhlacht rialála anailís ar an bplean ***seo*** agus féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh ***tráth nach déanaí ná mí amháin roimh a fhoilsiú***, lena gceanglófar ar an mbainisteoir bonneagair an plean soláthair toillte. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9 a. D'fhonn comhsheasmhacht trasteorann pleananna soláthair toillte a áirithiú, cuirfear i gcuntas i gcinneadh an chomhlachta rialála, i gcás inarb ábhartha, aon tuairim nó moladh ó ENRRB, ó ERA nó ó chomhlachtaí rialála eile.*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 10 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Déanfaidh ENIM treoirlínte a ghlacadh agus iad a áireamh sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6, ina leagfar amach an méid seo a leanas: | 10. ***Faoin... [12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus i gcomhairle le ERP,*** Déanfaidh ENIM treoirlínte a ghlacadh agus iad a áireamh sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6, ina leagfar amach an méid seo a leanas: |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10 a. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 chun prionsabail, nósanna imeachta agus*** |

***modheolaíochtaí coiteanna a leagan amach le haghaidh na dtreoirlínte dá dtagraítear i mír 10 den Airteagal seo agus chun mír 10 den Airteagal seo a leasú. Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoi ... [24 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Áireofar iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú.***

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) bealaí malartacha a ainmniú lena gceadaítear trácht a athródú i gcás nach mbeidh na línte a áirítear i gcroíghréasán TEN-T agus i gcroíghréasán sínte TEN-T ar fáil mar a leagtar amach in Airteagal 6 de [Rialachán TEN-T nua] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis; | (a) bealaí malartacha a ainmniú lenar féidir trácht a chur faoi bhealach arís i gcás nach bhfuil ***líne*** ar fáil; |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina leagfar amach mionsonraí an nós imeachta agus na gcritéar a bheidh le leanúint chun mír 2 a chur i bhfeidhm, go háirithe i gcásanna a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar thrácht trasteorann. ***Déanfar na*** | 5. Cumhachtófar don Choimisiún ***gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 71 ina leagfar*** amach mionsonraí an nós imeachta agus na gcritéar a bheidh le leanúint chun mír 2 ***den Airteagal seo*** a chur i bhfeidhm, go háirithe i gcásanna a bhféadfadh tionchar |

***gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 72(3).***

a bheith acu ar thrácht trasteorann. ***Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoi ... [24 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Sainmhíneoidh réada pleanála toillte saintréithe agus airíonna cineálacha éagsúla toillte réamhphleanáilte, lena n-áirítear an toilleadh atá ar fáil d'iarrataí ó iarratasóirí, an toilleadh a chuirtear i leataobh le haghaidh oibreacha bonneagair agus an toilleadh a leithdháileadh cheana féin. Áireofar sna saintréithe agus sna hairíonna sin na gnéithe uile atá ábhartha do chineálacha sonracha toillte réamhphleanáilte, amhail bealach, uainiú, luas íosta ráthaithe nó riachtanach, an chomhoiriúnacht theicniúil idir rothstoc agus bonneagar, paraiméadair agus an líon sliotán a áirítear. | 2. Sainmhíneoidh réada pleanála toillte saintréithe agus airíonna cineálacha éagsúla toillte réamhphleanáilte, lena n-áirítear an toilleadh atá ar fáil d'iarrataí ó iarratasóirí, an toilleadh a chuirtear i leataobh le haghaidh oibreacha bonneagair agus an toilleadh a leithdháileadh cheana féin. Áireofar sna saintréithe agus sna hairíonna sin na gnéithe uile atá ábhartha do chineálacha sonracha toillte réamhphleanáilte, amhail bealach, uainiú, luas íosta ráthaithe nó riachtanach, an chomhoiriúnacht theicniúil idir rothstoc agus bonneagar, paraiméadair agus an líon aistir traenach a áirítear. |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Forbróidh ENIM creat comhchoiteann maidir leis na critéir agus | 3. ***Faoin ... [12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus i*** |

na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 agus cuirfidh sé san áireamh é sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6. Beidh cothromaíocht sa chreat comhchoiteann sin idir na tairbhí a bhaineann le toilleadh a chur i leataobh le haghaidh cineálacha sonracha seirbhísí iarnróid nó próisis leithdháilte agus an gá atá le solúbthacht a áirithiú chun freastal ar riachtanais an mhargaidh maidir le toilleadh a leithdháileadh. Chun na críche sin, déanfar foráil sa chreat comhchoiteann maidir leis an bhféidearthacht iarrataí ar chearta toillte nach bhfuil comhsheasmhach leis an toilleadh réamhphleanáilte i gcomhthéacs an tsásra um réiteach comhthoiliúil coinbhleachta dá dtagraítear in Airteagal 36 a chur san áireamh.

***gcomhairle le ERP,*** forbróidh ENIM creat comhchoiteann maidir leis na critéir agus na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus cuirfidh sé i gcuntas é sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6. Beidh cothromaíocht sa chreat comhchoiteann sin idir na tairbhí a bhaineann le toilleadh a chur i leataobh le haghaidh cineálacha sonracha seirbhísí iarnróid nó próisis leithdháilte agus an gá atá le solúbthacht a áirithiú chun freastal ar riachtanais an mhargaidh maidir le toilleadh a leithdháileadh. Chun na críche sin, déanfar foráil sa chreat comhchoiteann maidir leis an bhféidearthacht iarrataí ar chearta toillte nach bhfuil comhsheasmhach leis an toilleadh réamhphleanáilte i gcomhthéacs an tsásra um réiteach comhthoiliúil coinbhleachta dá dtagraítear in Airteagal 36 a chur san áireamh.

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Forbróidh agus glacfaidh ENIM sonraíochtaí foirmiúla le haghaidh réada pleanála toillte i bhformáid atá inléite ag an duine agus atá meaisín-inléite. Áireoidh ENIM na sonraíochtaí sin sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6. Bunaithe ar a thaithí maidir leis an Airteagal sin a chur i bhfeidhm, soláthróidh ENIM faisnéis don Choimisiún maidir le leasuithe a d’fhéadfaí a dhéanamh ar na sonraíochtaí teicniúla maidir le hidir-inoibritheacht dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2016/797 agus

*Leasú*

4. Forbróidh agus glacfaidh ENIM sonraíochtaí foirmiúla le haghaidh réada pleanála toillte i bhformáid atá inléite ag an duine agus atá meaisín-inléite. Áireoidh ENIM na sonraíochtaí sin sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6 **den Rialachán seo**. Bunaithe ar a thaithí maidir leis an Airteagal seo a chur i bhfeidhm, soláthróidh ENIM***, tar éis dul i gcomhairle le ERP*** faisnéis don Choimisiún maidir le leasuithe féideartha ar na sonraíochtaí teicniúla maidir le hidir-inoibritheacht dá

| | |
|---|---|
| sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoin Treoir sin, i gcomhréir le hAirteagal 62(3) den Rialachán sin. | bhforáiltear i dTreoir (AE) 2016/797 agus sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoin Treoir sin, i gcomhréir le hAirteagal 62(3) den Rialachán seo. |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 71 ina leagfar amach mionsonraí an nós imeachta agus na gcritéar a bheidh le leanúint chun mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm, go háirithe i gcásanna a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar thrácht trasteorann, agus chun mír 1 den Airteagal seo a leasú. Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoi ... [24 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Maidir le hiarrataí coinbhleachta aonair ar thoilleadh arna gcur isteach le linn thréimhse an tráthchláir oibre, ní bheidh siad ina bhforas chun a dhearbhú go bhfuil an-úsáid á baint as eilimint den bhonneagar nó go bhfuil sí plódaithe mura | 3. Maidir le hiarrataí coinbhleachta aonair ar thoilleadh arna gcur isteach le linn ***thréimhse*** an tráthchláir oibre, ní bheidh siad ina bhforas chun a dhearbhú go bhfuil an-úsáid á baint as eilimint den bhonneagar nó go bhfuil sí plódaithe mura |

| | |
|---|---|
| gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos i mír 1. | gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos i mír 1. |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Déanfar na nósanna imeachta a bheidh le leanúint agus na critéir a bheidh le húsáid i gcás ina mbeidh bonneagar plódaithe a leagan amach sa ráiteas gréasáin agus urramófar leo aon bheart agus aon chritéar arna nglacadh i gcomhréir le mír ***7***. | 8. Déanfar na nósanna imeachta a bheidh le leanúint agus na critéir a bheidh le húsáid i gcás ina mbeidh bonneagar plódaithe a leagan amach sa ráiteas gréasáin agus urramófar leo aon bheart agus aon chritéar arna nglacadh i gcomhréir le mír ***6***. |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 chun Iarscríbhinn II a leasú, chun bainistiú éifeachtúil an toillte ar bhonneagar a bhfuil an-úsáid á baint as agus atá plódaithe a áirithiú agus chun ábhair imní oibríochtúla bainisteoirí bonneagair agus iarratasóirí bonneagair a léiriú, agus taithí ENIM, na mbainisteoirí bonneagair, na n-iarratasóirí agus na bpáirtithe leasmhara oibríochtúla eile, na gcomhlachtaí rialála agus ENRB á cur san áireamh agus an | 9. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 chun Iarscríbhinn II a leasú, chun bainistiú éifeachtúil an toillte ar bhonneagar a bhfuil an-úsáid á baint as agus atá plódaithe a áirithiú agus chun ábhair imní oibríochtúla bainisteoirí bonneagair agus iarratasóirí bonneagair a léiriú, agus taithí ENIM, na mbainisteoirí bonneagair, na n-iarratasóirí agus na ngeallsealbhóirí oibríochtúla eile, na gcomhlachtaí rialála agus ***ENRRB*** á cur i gcuntas agus an |

| | |
|---|---|
| tAirteagal seo á chur chun feidhme. | tAirteagal seo á chur chun feidhme. |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áireofar san anailís ar thoilleadh freisin an chéad tacar táscach de bhearta a d'fhéadfaí a dhéanamh sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma chun an plódú a mhaolú agus chun infhaighteacht toillte a mhéadú. | Áireofar san anailís ar thoilleadh freisin an chéad tacar táscach de bhearta a d'fhéadfaí a dhéanamh sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma chun an plódú a mhaolú agus chun infhaighteacht toillte a mhéadú. ***Déanfar idirdhealú san anailís ar thoilleadh idir bearta maidir le bonneagar a úsáidtear go mór agus maidir le bonneagar plódaithe.*** |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfear saintréithe an bhonneagair san áireamh san anailís ar thoilleadh, ar chumais agus ar idir-inoibritheacht, ar nósanna imeachta oibriúcháin, ar chineál na seirbhísí éagsúla a oibríonn agus ar an éifeacht atá ag na tosca sin uile ar thoilleadh bonneagair. Maidir leis na bearta a bheidh le breithniú, áireofar go háirithe seirbhísí athródaithe, seirbhísí athuainíochta, athruithe luais, comhchuibhiú nósanna imeachta | 2. Cuirfear saintréithe an bhonneagair san áireamh san anailís ar thoilleadh, ar chumais agus ar idir-inoibritheacht, ar nósanna imeachta oibriúcháin, ar chineál na seirbhísí éagsúla a oibríonn agus ar an éifeacht atá ag na tosca sin uile ar thoilleadh bonneagair. Maidir leis na bearta a bheidh le breithniú, áireofar go háirithe seirbhísí athródaithe, ***lena n-áirítear trí ghréasáin éagsúla más infheidhme,*** seirbhísí athuainíochta, |

oibriúcháin agus feabhsuithe ar an mbonneagar.

athruithe luais, comhchuibhiú nósanna imeachta oibriúcháin agus feabhsuithe ar an mbonneagar.

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh na bainisteoirí bonneagair torthaí aon anailíse ar thoilleadh a dhéanfar de bhun an Airteagail sin san áireamh sa phleanáil straitéiseach maidir le toilleadh, go háirithe sa straitéis um thoilleadh, sa tsamhail maidir le toilleadh agus sa phlean um thoilleadh a sholáthar. | Cuirfidh na bainisteoirí bonneagair torthaí aon anailíse ar thoilleadh a dhéanfar, ***lena n-áirítear i líonraí eile lena mbaineann,*** de bhun an Airteagail sin i gcuntas sa phleanáil straitéiseach maidir le toilleadh, go háirithe sa straitéis um thoilleadh, sa tsamhail maidir le toilleadh agus sa phlean um thoilleadh a sholáthar. |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Laistigh de 6 mhí ón anailís ar thoilleadh a thabhairt chun críche i gcomhréir le hAirteagal 22, bunóidh an bainisteoir bonneagair plean um thoilleadh a fheabhsú. | ***I gcás bonneagair a ndearbhaítear go bhfuil plódú air i gcomhréir le hAirteagal 21 agus*** laistigh de shé mhí ón anailís ar thoilleadh a thabhairt chun críche i gcomhréir le hAirteagal 22, bunóidh an bainisteoir bonneagair plean um thoilleadh a fheabhsú. |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – fomhír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) na roghanna agus na costais a bhaineann le toilleadh a fheabhsú, lena n-áirítear athruithe dóchúla ar mhuirir rochtana. | (d) na roghanna agus na costais a bhaineann le toilleadh a fheabhsú , lena n-áirítear ***bearta a bhfuil tuairisc orthu in Airteagal 22 (2) agus*** athruithe dóchúla ar mhuirir rochtana. |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 3 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ar bhonn anailíse ar thoilleadh, déanfaidh an Ballstát an bonneagar is gá a thógáil nó a uasghrádú.*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus toilleadh bonneagair á dheighilt de bhun mhír 1, gníomhóidh an bainisteoir bonneagair i gcomhréir le hAirteagal 8. | Agus toilleadh bonneagair á dheighilt ***a ndearbhaítear go bhfuil plódú air*** de bhun mhír 1, gníomhóidh an bainisteoir bonneagair i gcomhréir le hAirteagal 8. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoin... [24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcás inar dearbhaíodh go raibh toilleadh bonneagair deighilte á úsáid go mór de bhun mhír 1 den Airteagal seo, gníomhóidh an bainisteoir bonneagair i gcomhréir le hAirteagal 8.*** |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an bainisteoir bonneagair an gá atá le toilleadh le haghaidh seirbhísí iarnróid ilghréasáin a chur san áireamh. | Déanfaidh an bainisteoir bonneagair an gá atá le toilleadh le haghaidh seirbhísí iarnróid ilghréasáin***, go háirithe seirbhísí idirnáisiúnta lasta iarnróid,*** a chur i gcuntas. |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh sé de cheart ag iarratasóirí cearta toillte ilghréasáin a iarraidh, agus freagraí | Iarrfaidh iarratasóirí cearta toillte ilghréasáin, agus ***gheobhaidh*** siad freagraí |

| | |
|---|---|
| ar iarrataí den sórt sin a fháil, in aon áit amháin agus in aon oibríocht amháin. Rachaidh na bainisteoirí bonneagair i gcomhar maidir leis an toilleadh a leithdháileadh le haghaidh seirbhísí iarnróid ilghréasáin, lena n-áirítear go háirithe seirbhísí idirnáisiúnta lasta iarnróid agus seirbhísí idirnáisiúnta iarnróid do phaisinéirí. | ar na hiarrataí sin, in aon áit amháin agus in aon oibríocht amháin ***dá bhforáiltear i mír 4 den Airteagal seo***. Rachaidh na bainisteoirí bonneagair i gcomhar le linn toilleadh a leithdháileadh le haghaidh seirbhísí iarnróid ilghréasáin, lena n-áirítear go háirithe seirbhísí idirnáisiúnta lasta iarnróid agus seirbhísí idirnáisiúnta iarnróid do phaisinéirí. |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Urramóidh na bainisteoirí bonneagair rúndacht tráchtála na faisnéise a sholáthrófar dóibh. | 3. Urramóidh na bainisteoirí bonneagair rúndacht tráchtála na faisnéise a sholáthrófar dóibh***, go háirithe i gcás cuideachtaí iarnróid atá comhtháite go ceartingearach. Measfar faisnéis amhail an líne shonrach atá faoi réir na hiarrata, a líon, nó minicíocht na faisnéise sin a bheith rúnda.*** |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le cearta toillte ilghréasáin, bunóidh ENIM comhéadan aonair nó comhchóras i gcomhréir le hAirteagal 62, chun leithdháileadh an toillte a bhainistiú in aon áit amháin agus in aon oibríocht | I gcás cearta toillte ilghréasáin, déanfaidh ENIM***, ar fhormheas chomhlíonadh STIanna ag ERA agus faoi ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ionad ilfhreastail*** a bhunú i |

| | |
|---|---|
| amháin. | gcomhéadan aonair nó i gcóras coiteann arna ***fhorbairt*** i gcomhréir le hAirteagal 62. ***Úsáidfidh bainisteoirí bonneagair an comhéadan aonair sin*** chun leithdháileadh toillte a bhainistiú in áit agus oibríocht amháin. ***Beidh bainisteoir bonneagair amháin ag seirbhísí iarnróid nasctha nó grúpáilte mar phointe teagmhála aonair. Dearbhófar na seirbhísí iarnróid nasctha nó grúpáilte sin san iarraidh ar thoilleadh.*** |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 6 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cealóidh an bainisteoir bonneagair ceart toillte a úsáideadh, i gcaitheamh tréimhse míosa amháin ar a laghad, níos lú ná cuóta tairsí, a bheidh le leagan síos sa ráiteas gréasáin, mura raibh sé sin mar gheall ar chúiseanna neamheacnamaíocha nach raibh neart ag an iarratasóir orthu. Sainmhíneoidh ENIM réimsí le haghaidh cuóta tairsí agus cuirfidh sé san áireamh iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6. | Cealóidh an bainisteoir bonneagair ceart toillte a úsáideadh, i gcaitheamh tréimhse míosa amháin ar a laghad, níos lú ná cuóta tairsí, a bheidh le leagan síos sa ráiteas gréasáin, mura raibh sé sin mar gheall ar chúiseanna neamheacnamaíocha nach raibh neart ag an iarratasóir orthu. ***Rachaidh ENIM i gcomhairle le ERP chun*** raonta a shainmhíniú le haghaidh cuóta tairsí agus cuirfidh sé san áireamh iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6. |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. I gcás ina gcealóidh an bainisteoir bonneagair, i gcomhréir le mír 6, cearta toillte ilghréasáin, cuirfidh an comhlacht rialála atá freagrach as an mbainisteoir bonneagair sin na comhlachtaí rialála ábhartha agus ENRRB ar an eolas. | 7. I gcás ina gcealóidh an bainisteoir bonneagair, i gcomhréir le mír 6, cearta toillte illghréasáin, ***cuirfidh sé é sin in iúl*** don chomhlacht rialála atá freagrach as an mbainisteoir bonneagair sin**.** Cuirfidh ***an comhlacht rialála sin*** na comhlachtaí rialála ábhartha agus ENRRB ar an eolas. |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 a. Lamhálfar don bhainisteoir bonneagair, i gcás inarb ábhartha, cineálacha sonracha cur chuige amscála a úsáid. Má chinneann an bainisteoir bonneagair toilleadh a réamhphleanáil trí chonairí traenach córasacha a úsáid a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leo, déanfaidh an bainisteoir bonneagair comhordú le bainisteoirí bonneagair comharsanachta agus le bainisteoirí bonneagair eile lena mbaineann chun teacht ar réitigh arna gcomhaontú go frithpháirteach i gcás trácht trasteorann. Gan beann ar an rogha náisiúnta lena gcloíonn na Ballstáit dá dtráthchlárú, áiritheoidh na bainisteoirí bonneagair go ndéanfar conairí traenach a leithdháileadh go cothrom agus go neamh-idirdhealaitheach. Maidir leis an gcúiteamh as athruithe ar chearta toillte dá dtagraítear in Airteagal 40 a bhfuil conairí traenach córasacha i gceist leo freisin, socrófar a luach ar a laghad 1, 25 oiread an luacha a shainmhínítear do*** |

| | |
|---|---|
| | ***chonairí traenach neamhchórasacha de réir an phróisis a leagtar amach in Airteagal 40.*** |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 7 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 b. Cuirfidh na bainisteoirí bonneagair an comhlacht rialála ar an eolas faoi na hiarrataí uile ar thoilleadh a fuarthas nár oir do pharaiméadair an toillte a bhí ar fáil mar a shainmhínítear iad sa phlean um thoilleadh a sholáthar, gan beann ar ar glacadh leo nó ar diúltaíodh dóibh. Ar bhonn na faisnéise sin, eiseoidh an comhlacht rialála tuairim ar a laghad gach 2 bhliain, ina bhféadfaidh sé a mholadh don bhainisteoir bonneagair an tsamhail toillte a leasú.*** |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) pointe teagmhála aonair a cheapadh a bheidh i gceannas ar chumarsáid leis an iarratasóir maidir leis an iarraidh ar cheart toillte ilghréasáin, a dtabharfar fógra ina leith don iarratasóir gan mhoill tar éis an iarraidh a fháil; | (a) ***ionad ilfhreastail dtagraítear in Airteagal 27(4)*** a cheapadh a bheidh i gceannas ar chumarsáid leis an iarratasóir i ndáil ***gach*** iarraidh ar cheart toillte ilghréasáin, a dtabharfar fógra ina leith don iarratasóir gan mhoill tar éis an iarraidh a fháil; ***Beidh feidhm aige sin*** |

| | |
|---|---|
| | ***freisin i gcás péirí traenachatrasteorann ar seirbhísí traenach idirnáisiúnta iad go dtí ceann scríbe i mBallstát eile agus uaidh***; |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Sainmhíneoidh ENIM na nósanna imeachta mionsonraithe agus na modhanna chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme agus na híoscheanglais cháilíochta dá dtagraítear i mír 2(b) agus áireoidh sé iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6. | 5. ***Faoin... [24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus i gcomhairle le ERP,*** sainmhíneoidh ENIM na nósanna imeachta mionsonraithe agus na modhanna chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme agus na híoscheanglais cháilíochta dá dtagraítear i mír 2(b) agus áireoidh sé iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6. |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Déanfaidh an Coimisiún, faoin ... [24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na nósanna imeachta mionsonraithe agus na modhanna a leagan amach chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme agus na híoscheanglais cháilíochta dá dtagraítear*** |

***i mír 2(b) den Airteagal seo a leasú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 72(3). Áireofar iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú.***

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Oibreoirí saoráidí seirbhíse a sholáthraíonn faisnéis tháscach maidir le toilleadh saoráide seirbhíse atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2177 ón gCoimisiún, rachaidh siad i gcomhar le bainisteoirí bonneagair chun bealaí traenach a bhfuil toilleadh saoráide iarnróid san áireamh iontu a thairiscint. Féadfaidh oibreoirí eile saoráidí seirbhíse comhaontú a dhéanamh le bainisteoirí bonneagair chun an toilleadh a sholáthar go comhpháirteach. | 1. Comhoibreoidh oibreoirí saoráidí seirbhíse a sholáthraíonn faisnéis tháscach maidir le toilleadh saoráide seirbhíse atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2177[22] ón gCoimisiún, le bainisteoirí bonneagair chun bealaí traenach a bhfuil toilleadh saoráide ***seirbhíse*** san áireamh iontu a thairiscint. Féadfaidh oibreoirí eile saoráidí seirbhíse comhaontú a dhéanamh le bainisteoirí bonneagair chun an toilleadh a sholáthar go comhpháirteach. |
| [22] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2177 ón gCoimisiún an 22 Samhain 2017 maidir le rochtain ar shaoráidí seirbhísí agus ar sheirbhísí a bhaineann leis an iarnród (IO L 307, 23.11.2017, lch. 1). | [22] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2177 ón gCoimisiún an 22 Samhain 2017 maidir le rochtain ar shaoráidí seirbhísí agus ar sheirbhísí a bhaineann leis an iarnród (IO L 307, 23.11.2017, lch. 1). |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na bainisteoirí bonneagair gur féidir le hiarratasóirí iarraidh a dhéanamh in aon áit amháin ar na cearta maidir le toilleadh oibríochta ar an mbonneagar iarnróid agus sna saoráidí seirbhíse dá dtagraítear i mír 1. | 3. Áiritheoidh na bainisteoirí bonneagair gur féidir le hiarratasóirí in áit amháin ***arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 27(4),*** a iarraidh ar na cearta toillte oibríochta ar an mbonneagar iarnróid agus sna saoráidí seirbhíse dá dtagraítear i mír 1. |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Chun críche mhír 3, déanfaidh bainisteoirí bonneagair agus oibreoirí saoráidí seirbhíse an toilleadh a chomhordú agus soláthróidh siad cearta toillte, lena n-áirítear an toilleadh sa tsaoráid iarnróid a chomhlíonann ceanglais an iarratasóra, nó déanfaidh siad iarracht rogha mhalartach inmharthana a sholáthar. | 4. Chun críche mhír 3, déanfaidh bainisteoirí bonneagair agus ***oibreoirí*** saoráidí seirbhíse an toilleadh a chomhordú agus soláthróidh siad cearta toillte, lena n-áirítear an toilleadh sa tsaoráid ***seirbhíse*** a chomhlíonann ceanglais an iarratasóra, nó déanfaidh siad iarracht rogha mhalartach inmharthana a sholáthar. |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Déanfaidh oibreoirí na saoráidí seirbhíse dá dtagraítear i mír 1 faisnéis a | 5. Déanfaidh oibreoirí na saoráidí seirbhíse ***buailte*** dá dtagraítear i mír 1 |

chur ar fáil, arna iarraidh sin nó i bhfíor-am i gcás inar gá, faoin toilleadh atá ar fáil don bhainisteoir bonneagair i bhformáid dhigiteach i gcomhréir le hAirteagal 62.

faisnéis a chur ar fáil i bhfíor-am faoin toilleadh atá ar fáil don bhainisteoir bonneagair i bhformáid dhigiteach i gcomhréir le hAirteagal 62.

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Agus cearta toillte á n-iarraidh acu chun rochtain a fháil ar shaoráid seirbhíse, déanfaidh iarratasóirí comhaontú úinéir na saoráide seirbhíse chun cóiríocht a thabhairt dá bhfeithiclí a dhoiciméadú.*** |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Chun críoch an Airteagail seo agus i gcomhréir le hAirteagal 62, soláthróidh ENIM treoirlínte maidir leis na ceanglais fheidhmiúla agus theicniúla chun faisnéis a mhalartú idir oibreoirí saoráidí iarnróid agus bainisteoirí bonneagair. Gan dochar d’Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2177, féadfaidh oibreoirí saoráidí seirbhíse a iarraidh go ndíolmhófar iad ó chur i bhfeidhm an Airteagail seo. Cuirfear iarrataí den sórt sin faoi bhráid an chomhlachta rialála agus | 6. Chun críche an Airteagail seo agus i gcomhréir le hAirteagal 62, déanfaidh ENIM, ***ar fhormheas a fháil ó ERA agus faoin... [24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** treoirlínte a sholáthar maidir leis na ceanglais fheidhmiúla agus theicniúla chun faisnéis a mhalartú idir oibreoirí saoráidí seirbhíse agus bainisteoirí bonneagair. Gan dochar d’Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2177, féadfaidh oibreoirí saoráidí seirbhíse a iarraidh go |

| | |
|---|---|
| beidh siad cuí-réasúnaithe. Féadfaidh comhlachtaí rialála cinneadh a dhéanamh síneadh a chur le díolúine i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. | ndíolmhófar iad ó chur i bhfeidhm an Airteagail seo. Cuirfear iarrataí den sórt sin faoi bhráid an chomhlachta rialála agus beidh siad cuí-réasúnaithe. Féadfaidh comhlachtaí rialála cinneadh a dhéanamh síneadh a chur le díolúine i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Déanfaidh ENRRB faireachán ar chur i bhfeidhm mhír ***7*** agus soláthróidh sé moltaí maidir leis na critéir a bheidh le húsáid chun measúnú a dhéanamh ar na hiarrataí ar dhíolúintí. | 7. Déanfaidh ENRRB faireachán ar chur i bhfeidhm mhír ***6*** agus soláthróidh sé moltaí maidir leis na critéir a bheidh le húsáid chun measúnú a dhéanamh ar na hiarrataí ar dhíolúintí. |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 a. Cuirfidh na bainisteoirí bonneagair an comhlacht rialála ar an eolas faoi na hiarrataí uile ar thoilleadh a fuarthas nár oir do pharaiméadair an toillte a bhí ar fáil mar a shainítear iad sa phlean um thoilleadh a sholáthar, agus ar diúltaíodh dóibh, mar sin. Ar bhonn na faisnéise sin, eiseoidh an comhlacht rialála tuairim ar a laghad gach 2 bhliain, ina bhféadfaidh sé a mholadh don bhainisteoir bonneagair*** |

***an tsamhail toillte a leasú.***

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 7 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 b. Déanfaidh an Coimisiún, faoin ... [24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], gníomhartha cur chun feidhme chun sonraí a leagan amach i dtaobh na gceanglas feidhmiúil agus teicniúil chun faisnéis a mhalartú idir oibreoirí saoráidí iarnróid agus bainisteoirí bonneagair chun críocha an Airteagail seo agus chun mír 6 den Airteagal seo a leasú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 72(3).*** |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh na bainisteoirí bonneagair an tráthchlár oibre a thabhairt cothrom le dáta ***ar bhonn leanúnach*** go dtí deireadh thréimhse bhailíochta an tráthchláir oibre, agus an toilleadh arna leithdháileadh tríd an bpróiseas rollach pleanála dá dtagraítear in Airteagal 33 á chur san áireamh, mar aon le toilleadh arna | 2. Déanfaidh na bainisteoirí bonneagair an tráthchlár oibre a thabhairt cothrom le dáta ***go tráthrialta*** go dtí deireadh thréimhse bhailíochta an tráthchláir oibre, agus an toilleadh arna leithdháileadh tríd an bpróiseas rollach pleanála dá dtagraítear in Airteagal 33 á chur i gcuntas, mar aon le toilleadh arna leithdháileadh |

leithdháileadh tríd an bpróiseas ad hoc dá dtagraítear in Airteagal 34, athruithe ar chearta toillte i gcomhréir le hAirteagal 39 agus athsceidealú i gcomhthéacs an bhainistithe suaite agus an bhainistithe géarchéime i gcomhréir le hAirteagal 41.

tríd an bpróiseas ad hoc dá dtagraítear in Airteagal 34, athruithe ar chearta toillte i gcomhréir le hAirteagal 39 agus athsceidealú i gcomhthéacs na bainistíochta suaite agus na bainistíochta géarchéime i gcomhréir le hAirteagal 41.

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – fomhír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tabharfar fógra i dtaobh creat-chomhaontuithe don chomhlacht rialála agus déanfaidh sé iad a fhormheas. I gcás creat-chomhaontuithe ilghréasáin, cuirfear tuairim ENRRB i gcuntas san fhormheas.*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ní thabharfaidh bainisteoirí bonneagair creat-chomhaontuithe i gcrích ach amháin i gcás ina bhfuil an ceart toillte a iarrtar comhsheasmhach le doiciméid phleanála na pleanála straitéisí maidir le toilleadh dá dtagraítear in Airteagal 11(2). Cuirfidh na bainisteoirí bonneagair in iúl an toilleadh atá beartaithe acu a chur i leataobh lena leithdháileadh trí chreat-chomhaontuithe sna doiciméid phleanála | 3. Ní thabharfaidh bainisteoirí bonneagair creat-chomhaontuithe i gcrích ach amháin i gcás ina bhfuil an ceart toillte a iarrtar comhsheasmhach le doiciméid phleanála na pleanála straitéisí maidir le toilleadh dá dtagraítear in Airteagal 11(2). Déanfaidh bainisteoirí bonneagair***,*** ***tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na líonraí comharsanachta,*** an toilleadh a chur in iúl atá beartaithe acu a chur i |

| | |
|---|---|
| sin. | leataobh lena leithdháileadh trí chreat-chomhaontuithe sna doiciméid phleanála sin. |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní chuirfidh creat-chomhaontuithe bac ar iarratasóirí nó seirbhísí eile an bonneagar ábhartha a úsáid. Chun na críche sin, socróidh na bainisteoirí bonneagair na sciartha uasta den toilleadh iomlán is féidir a leithdháileadh trí chreat-chomhaontuithe agus cuirfidh siad na sciartha sin san áireamh sa ráiteas gréasáin. | 4. Ní chuirfidh creat-chomhaontuithe bac ar iarratasóirí nó seirbhísí eile an bonneagar ábhartha a úsáid. Chun na críche sin, socróidh na bainisteoirí bonneagair***, tar éis dul i gcomhairle leis an gcomhlacht rialála,*** na sciartha uasta den toilleadh iomlán is féidir a leithdháileadh trí chreat-chomhaontuithe agus cuirfidh siad na sciartha sin san áireamh sa ráiteas gréasáin. ***Déanfaidh bainisteoirí bonneagair tíortha comharsanachta a bhfuil creat-chomhaontuithe trasteorann tugtha i gcrích acu na scaireanna uasta sin den toilleadh iomlán a ailíniú agus beidh siad chomh comhsheasmhach agus is féidir.*** |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Cumhdófar leis na creat-chomhaontuithe, i bprionsabal, an tréimhse a luaitear i roinn 5 | 7. Cumhdófar leis na creat-chomhaontuithe, i bprionsabal, an tréimhse a luaitear i roinn 5 |

| | |
|---|---|
| d'Iarscríbhinn I. Féadfaidh an bainisteoir bonneagair teacht ar chomhaontú maidir le tréimhse níos giorra nó níos faide i gcásanna sonracha. Aon tréimhse is faide ná an tréimhse a luaitear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn I, tabharfar údar léi leis an gceanglas maidir le hinfheistíochtaí tiomnaithe ó iontrálaithe nua nó le húrnuacht shubstaintiúil na seirbhíse. | d'Iarscríbhinn I. Féadfaidh an bainisteoir bonneagair teacht ar chomhaontú maidir le tréimhse níos giorra nó níos faide i gcásanna sonracha. Aon tréimhse is faide ná an tréimhse a luaitear i roinn 5 d'Iarscríbhinn I, tabharfar údar léi leis an gceanglas na n-infheistíochtaí tiomnaithe ó iontrálaithe nua nó le húrnuacht shubstaintiúil na seirbhíse. |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. Bunaithe ar thaithí na gcomhlachtaí rialála, na n-údarás inniúil agus na ngnóthas iarnróid agus bunaithe ar ghníomhaíochtaí ENRRB, féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh ina leagtar amach sonraí an nós imeachta agus na gcritéar a bheidh le leanúint chun an tAirteagal seo agus Airteagal 33 a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 72(3). | 11. Bunaithe ar thaithí na gcomhlachtaí rialála, na n-údarás inniúil agus na ngnóthas iarnróid agus bunaithe ar ghníomhaíochtaí ENRRB, féadfaidh an Coimisiún ***faoi... [24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** gníomh cur chun feidhme a ghlacadh ***chun*** sonraí an nós imeachta agus na gcritéar ***a leagan amach*** a bheidh le leanúint chun an tAirteagal seo agus Airteagal 33 a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach ***agus chun an tAirteagal seo agus in Airteagal 33 a leasú***. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 72(3). |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 3. I gcás coinbhleacht idir dhá iarraidh ar thoilleadh nó níos mó, déanfaidh na bainisteoirí bonneagair iarracht ar dtús an choinbhleacht a réiteach tríd an sásra comhairliúcháin comhthoiliúil dá dtagraítear in Airteagal 36. | 3. I gcás coinbhleacht idir dhá iarraidh ar thoilleadh nó níos mó***, nó i gcás iarrataí ar thoilleadh nach bhfuil comhsheasmhach leis an phlean um thoilleadh a sholáthar,*** déanfaidh na bainisteoirí bonneagair iarracht ar dtús an choinbhleacht a réiteach tríd an sásra um ***réiteach*** comhthoiliúil ***coinbhleachta*** dá dtagraítear in Airteagal 36. |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| I gcomhréir le hAirteagal 18 agus le hAirteagal 20, tabharfaidh an bainisteoir bonneagair tosaíocht d'iarrataí atá comhsheasmhach leis an toilleadh réamhphleanáilte a shainítear sa phlean um thoilleadh a sholáthar. Dá thoradh sin, féadfaidh an bainisteoir bonneagair glacadh le hiarrataí nach bhfuil ag teacht leis an bplean um thoilleadh a sholáthar nó diúltú dóibh. | I gcomhréir le hAirteagal 18 agus le hAirteagal 20, tabharfaidh an bainisteoir bonneagair tosaíocht d'iarrataí atá comhsheasmhach leis an toilleadh réamhphleanáilte a shainmhínítear sa phlean um thoilleadh a sholáthar***, ar choinníoll go ndeachthas i gcomhairle go cuí le geallsealbhóirí oibríochtúla agus gur cuireadh a bhfógraí toillte i gcuntas a mhéid is féidir***. |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus é ag glacadh le hiarrataí nach bhfuil i gcomhréir leis an bplean um thoilleadh a sholáthar, beidh sé d'aidhm ag an mbainisteoir bonneagair an chothromaíocht fhoriomlán a choinneáil ar bun idir na heilimintí den phlean um thoilleadh a sholáthar a liostaítear in Airteagal 18(6). | Agus é ag glacadh le hiarrataí nach bhfuil i gcomhréir leis an bplean um thoilleadh a sholáthar, beidh sé d'aidhm ag an mbainisteoir bonneagair an chothromaíocht fhoriomlán a choinneáil ar bun idir na heilimintí den phlean um thoilleadh a sholáthar a liostaítear in Airteagal 18(6) ***agus an iarraidh féin***. ***Ní mór na hiarratais sin a chur i gcuntas má tá dóthain toillte saor ar fáil gan srian a chur leis na riachtanais le haghaidh iarrataí dá éis sin.*** |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 5 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus iarrataí á ndiúltú aige nach bhfuil ag teacht leis an bplean um thoilleadh a sholáthar, cuirfidh an bainisteoir bonneagair an t-iarratasóir lena mbaineann ar an eolas gan mhoill go bhfuil rún aige iarraidh a dhiúltú. Beidh sé de cheart ag an iarratasóir gearán a thaisceadh leis an gcomhlacht rialála. | Agus iarrataí ***á bpróiseáil*** nach bhfuil ag teacht leis an bplean um thoilleadh a sholáthar, ba cheart don bhainisteoir bonneagair rogha mhalartach a thairiscint agus, i gcás inar féidir ó thaobh ama de, comhairliúchán leis na hiarratasóirí lena mbaineann roimh ré. ***Mura féidir tairiscint eile a dhéanamh agus iarraidh á diúltú***, cuirfidh an bainisteoir bonneagair an t-iarratasóir lena mbaineann ar an eolas gan mhoill go bhfuil rún aige iarraidh a dhiúltú. Beidh sé de cheart ag an iarratasóir gearán a thaisceadh leis an gcomhlacht rialála. |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Breithneoidh an bainisteoir bonneagair iarrataí a cuireadh isteach tar éis an sprioc-ama tosaigh agus roimh an sprioc-am deiridh a leagtar amach i bpointe 4 d'Iarscríbhinn I. Sna cásanna sin, leithdháilfidh na bainisteoirí bonneagair cearta toillte i gcomhréir le roinn 4, pointe 2 d'Iarscríbhinn I. | 8. Breithneoidh an bainisteoir bonneagair iarrataí a cuireadh isteach tar éis an sprioc-ama tosaigh agus roimh an sprioc-am deiridh a leagtar amach i ***roinn*** 4 d'Iarscríbhinn I. Sna cásanna sin, leithdháilfidh na bainisteoirí bonneagair cearta toillte i gcomhréir le roinn 4, pointe 2 d'Iarscríbhinn I. |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh bainisteoirí bonneagair an toilleadh a leithdháileadh tríd an bpróiseas rollach pleanála i gcomhréir leis na sprioc-amanna a leagtar amach i bpointe 6 d'Iarscríbhinn I. Déanfaidh bainisteoirí bonneagair toilleadh a chur i leataobh chun na críche sin sa phlean um thoilleadh a sholáthar dá dtagraítear in Airteagal 18. | 1. Déanfaidh bainisteoirí bonneagair an toilleadh a leithdháileadh tríd an bpróiseas rollach pleanála i gcomhréir leis na sprioc-amanna a leagtar amach i roinn 6 d'Iarscríbhinn I. Déanfaidh bainisteoirí bonneagair toilleadh a chur i leataobh chun na críche sin sa phlean um thoilleadh a sholáthar dá dtagraítear in Airteagal 18. |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) sonraíochtaí toillte le haghaidh na laethanta gluaiseachta uile tar éis thréimhse bhailíochta an tráthchláir oibre ina gcuimsítear an chéad lá a áirítear san iarraidh ar feadh uastréimhse a shonraítear i bpointe 6 d’Iarscríbhinn I. | (b) sonraíochtaí toillte le haghaidh na laethanta gluaiseachta uile tar éis thréimhse bhailíochta an tráthchláir oibre ina gcuimsítear an chéad lá a áirítear san iarraidh ar feadh uastréimhse a shonraítear i ***roinn*** 6 d’Iarscríbhinn I. |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Gan dochar d’Airteagal 18, leithdháilfidh bainisteoirí bonneagair toilleadh a chuirfear i leataobh don phróiseas rollach pleanála maidir le leithdháileadh ar bhonn phrionsabal an leithdháilte a leagtar amach i roinn ***5***, pointe 2 d’Iarscríbhinn I. | 3. Gan dochar d’Airteagal 18, leithdháilfidh bainisteoirí bonneagair toilleadh a chuirfear i leataobh don phróiseas rollach pleanála maidir le leithdháileadh ar bhonn phrionsabal an leithdháilte a leagtar amach i roinn ***6***, pointe 2 d’Iarscríbhinn I. |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 20, féadfaidh bainisteoirí bonneagair diúltú do thoilleadh a leithdháileadh d’iarrataí rollacha pleanála | 4. I gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 20, ***déanfaidh*** bainisteoirí bonneagair ***a ndícheall*** toilleadh malartach ***a thairiscint*** d’iarrataí rollacha pleanála |

| | |
|---|---|
| má tá iarrataí ar neamhréir leis an bplean um thoilleadh a sholáthar a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 18. Cuirfear diúltú in iúl don iarratasóir gan mhoill. Beidh sé de cheart ag an iarratasóir gearán a thaisceadh leis an gcomhlacht rialála. | má tá iarrataí ar neamhréir leis an bplean um thoilleadh a sholáthar a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 18. ***Mura féidir rogha mhalartach a thairiscint, féadfaidh an bainisteoir bonneagair diúltú do thoilleadh a leithdháileadh ar an iarraidh neamhréireach sin***. Beidh sé de cheart ag an iarratasóir gearán a thaisceadh leis an gcomhlacht rialála. |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Cuirfidh na bainisteoirí bonneagair an comhlacht rialála ar an eolas faoi na hiarrataí uile ar thoilleadh a fuarthas nár oir do pharaiméadair an toillte a bhí ar fáil mar a shainmhínítear iad sa phlean um thoilleadh a sholáthar, gan beann ar glacadh leo nó ar diúltaíodh dóibh. Ar bhonn na faisnéise sin, eiseoidh an comhlacht rialála tuairim ar a laghad gach 2 bhliain, a fhéadfaidh a mholadh don bhainisteoir bonneagair an tsamhail maidir le toilleadh a leasú.*** | 5. ***Le scriosadh*** |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Ullmhóidh ENIM treoirlínte don | 8. ***Faoin ... [24 mhí ó theacht i*** |

sásra um réiteach comhthoiliúil coinbhleachta d'iarrataí ar thoilleadh ilghréasáin agus áireoidh sé iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6.

***bhfeidhm an Rialacháin seo] agus tar éis dul i gcomhairle le ERP,*** ullmhóidh ENIM treoirlínte don sásra um réiteach comhthoiliúil coinbhleachta d'iarrataí ar thoilleadh ilghréasáin agus áireoidh iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6.

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8 a. Glacfaidh an Coimisiún, faoin [24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], gníomh cur chun feidhme chun mionsonraí an nós imeachta agus na gcritéar a bheidh le leanúint le haghaidh an tsásra um réiteach comhthoiliúil coinbhleachta i gcás iarrataí ar thoilleadh ilghréasáin a leagan amach agus chun mír 8 den Airteagal seo a leasú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 72(3). Áireofar iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú.*** |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcomhthéacs an phróisis fhoirmiúil | 2. I gcomhthéacs an ***tsásra*** fhoirmiúil |

| | |
|---|---|
| um réiteach coinbhleachta, cuirfear iarrataí ar chearta toillte ilghréasáin san áireamh ina n-iomláine. Más rud é, i gcomhréir le hAirteagal 8(6), go mbeidh feidhm ag paraiméadair náisiúnta éagsúla, úsáidfear na paraiméadair sin do na stráicí ábhartha. | um réiteach coinbhleachta, cuirfear iarrataí ar chearta toillte ilghréasáin san áireamh ina n-iomláine. Más rud é, i gcomhréir le hAirteagal 8(6), go mbeidh feidhm ag paraiméadair náisiúnta éagsúla, úsáidfear na paraiméadair sin do na stráicí ábhartha. |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Chuige sin, tiomsóidh ENRRB treoirlínte chun cur i bhfeidhm comhchuibhithe Airteagal 3 a éascú.*** |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. I gcásanna ina gcuirtear toilleadh in áirithe ach nach n-úsáidtear é, beidh feidhm ag íocaíocht chúitimh i gcomhréir le hAirteagal 40.*** |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 7 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an bainisteoir bonneagair cearta toillte malartacha a thairiscint don iarratasóir laistigh de na sprioc-amanna a leagtar amach i roinn 8 d'Iarscríbhinn I. I gcás ***nach féidir é sin a dhéanamh***, soláthróidh an bainisteoir bonneagair faisnéis ábhartha don iarratasóir lena gcuirfear ar chumas an iarratasóra iarraidh nua ar thoilleadh bonneagair a chur isteach. I gcás inarb ábhartha, déanfar tagairt san fhaisnéis sin don phlean um thoilleadh a sholáthar dá dtagraítear in Airteagal 18 agus don phleanáil theagmhasach dá dtagraítear in Airteagal 19. | Déanfaidh an bainisteoir bonneagair cearta toillte malartacha a thairiscint don iarratasóir laistigh de na sprioc-amanna a leagtar amach i roinn 8 d'Iarscríbhinn I. I gcás nach mbeidh ***aon tairiscint mhalartach indéanta i gcomhréir le hAirteagal 32(5) agus Airteagal 33(4)***, solathróidh an bainisteoir bonneagair nó na bainisteoirí bonneagair faisnéis ábhartha don iarratasóir lena gcuirfear ar chumas an iarratasóra iarraidh nua ar thoilleadh bonneagair a chur isteach. I gcás inarb ábhartha, déanfar tagairt san fhaisnéis sin don phlean um thoilleadh a sholáthar dá dtagraítear in Airteagal 18 agus don phleanáil theagmhasach dá dtagraítear in Airteagal 19. |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 8 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ullmhóidh agus glacfaidh ENIM nósanna imeachta comhchuibhithe chun athruithe ar chearta toillte a bhainistiú tar éis a leithdháilte agus áireoidh sé iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6. | ***Faoin ... [24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** ullmhóidh agus glacfaidh ENIM nósanna imeachta comhchuibhithe chun athruithe ar chearta toillte a bhainistiú tar éis a leithdháilte agus áireoidh sé iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6. |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8 a. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 chun rialacha agus nósanna imeachta a leagan amach chun athruithe ar chearta toillte a bhainistiú tar éis iad a leithdháileadh agus chun mír 8 den Airteagal seo a leasú. Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoi ... [24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Áireofar iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú.*** |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tar éis dul i gcomhairle le ENRRB, saineoidh ENIM coinníollacha comhchuibhithe as a dtiocfaidh cúiteamh. Leis na coinníollacha sin, cuirfear na rialacha a leagtar amach in Airteagal 39(4) agus (8) san áireamh. Áireoidh ENIM na coinníollacha sin sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6. Foilseoidh ENRRB tuairim maidir leis na coinníollacha arna sainiú ag ENIM. | 3. Tar éis dul i gcomhairle le ENRRB ***agus ERP,*** sainmhíneoidh ENIM, faoi ***[12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** coinníollacha comhchuibhithe as a n-eascraíonn cúiteamh. Leis na coinníollacha sin, cuirfear na rialacha a leagtar amach in Airteagal 39(4) agus (8) i gcuntas. Áireoidh ENIM na coinníollacha sin sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6. Foilseoidh ENRRB tuairim maidir leis na coinníollacha arna sainiú ag ENIM. |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Déanfaidh comhlachtaí rialála cinneadh maidir le díospóidí a bhaineann leis an gcúis atá leis an athrú ar cheart toillte nó le cúiteamh moillithe agus déanfaidh siad cinneadh gan mhoill agus laistigh de mhí amháin tar éis dóibh an fhaisnéis uile is gá a bhailiú chun measúnú a dhéanamh ar an gcúis leis an athrú. Cuirfidh comhlachtaí rialála ENRRB ar an eolas faoi chinntí den sórt sin agus féadfaidh siad dul i gcomhairle le ENRRB. Áiritheoidh ENRRB go mbeidh na cinntí sin comhleanúnach agus go mbeidh siad bunaithe ar phrionsabail a aithnítear go coitianta. | 6. Déanfaidh comhlachtaí rialála cinneadh maidir le díospóidí a bhaineann leis an gcúis atá leis an athrú ar cheart toillte nó le ***moill ar íocaíocht*** an chúitimh agus déanfaidh siad cinneadh gan mhoill agus laistigh de mhí amháin tar éis dóibh an fhaisnéis uile is gá a bhailiú chun measúnú a dhéanamh ar an gcúis leis an athrú. Cuirfidh comhlachtaí rialála ENRRB ar an eolas faoi chinntí den sórt sin agus féadfaidh siad dul i gcomhairle le ENRRB. Áiritheoidh ENRRB go mbeidh na cinntí sin comhleanúnach agus go mbeidh siad bunaithe ar phrionsabail a aithnítear go coitianta. |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach na coinníollacha as a dtiocfadh íocaíocht cúiteamh, aicmiú na n-athruithe ar chearta toillte agus na modheolaíochtaí chun na leibhéil chúitimh a shocrú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 72(3). | 7. ***Cumhachtófar don*** Choimisiún ***gníomhartha tarmligthe*** a ghlacadh ***i gcomhréir le hAirteagal 71 chun*** na coinníollacha ***a leagan*** amach as a dtiocfadh íocaíocht cúiteamh, aicmiú na n-athruithe ar chearta toillte agus na modheolaíochtaí chun na leibhéil chúitimh a shocrú ***agus chun mír 2 den Airteagal seo a leasú***. Glacfar na gníomhartha ***tarmligthe*** sin ***faoi ... [24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Áireofar iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú***. |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh ENIM treoirlínte a fhorbairt agus a ghlacadh chun toilleadh bonneagair a bhainistiú agus a leithdháileadh i gcás suaitheadh ar an ngréasán ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Go háirithe, soláthróidh ENIM treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm an phróisis chomhuainigh maidir le toilleadh a leithdháileadh agus maidir leis an bprionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce'. | ***Faoi... [12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** déanfaidh ENIM treoirlínte a fhorbairt agus a ghlacadh chun toilleadh bonneagair a bhainistiú agus a leithdháileadh i gcás suaitheadh ar an ngréasán ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Go háirithe, soláthróidh ENIM treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm an phróisis chomhuainigh maidir le toilleadh a leithdháileadh agus maidir leis an bprionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce'. |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina mbeidh feidhm ag an bpróiseas leithdháilte comhuaineach, soláthróidh ENIM treoirlínte maidir leis na nósanna imeachta a chuirfear i bhfeidhm, lena n-áireofar, de réir mar is iomchuí, an próiseas maidir le réiteach comhthoiliúil coinbhleachta dá dtagraítear in Airteagal 36 a chur i bhfeidhm agus maidir leis an bpróiseas foirmiúil maidir le réiteach coinbhleachta dá dtagraítear in | I gcás ina mbeidh feidhm ag an bpróiseas leithdháilte comhuaineach, soláthróidh ENIM treoirlínte maidir leis na nósanna imeachta a chuirfear i bhfeidhm, lena n-áireofar, de réir mar is iomchuí, an ***sásra*** um réiteach comhthoiliúil coinbhleachta dá dtagraítear in Airteagal 36 a chur i bhfeidhm agus maidir leis an ***sásra*** foirmiúil um réiteach coinbhleachta dá dtagraítear in Airteagal 37. Áireoidh ENIM |

| | |
|---|---|
| Airteagal 37. Áireoidh ENIM na treoirlínte sin sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6. | na treoirlínte sin sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6. |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Agus iad ag athsceidealú, ní dhéanfaidh bainisteoirí bonneagair na cearta toillte atá ann cheana a athrú ná a chealú ar bhonn aontaobhach chun suaití a bhainistiú. Mar sin féin, bunaithe ar thaithí comhlachtaí rialála, bainisteoirí bonneagair agus gnóthas iarnróid agus ar ghníomhaíochtaí ENIM agus ENRRB, féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar amach na critéir agus na nósanna imeachta maidir le hathsceidealú, lena n-áirítear athruithe aontaobhacha ar chearta toillte leithdháilte ag bainisteoirí bonneagair chun suaití ar an ngréasán a bhainistiú. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 72(3). | 3. Agus iad ag athsceidealú, ní dhéanfaidh bainisteoirí bonneagair na cearta toillte atá ann cheana a athrú ná a chealú ar bhonn aontaobhach chun suaití a bhainistiú. Mar sin féin, bunaithe ar thaithí comhlachtaí rialála, bainisteoirí bonneagair agus gnóthas iarnróid agus ar ghníomhaíochtaí ENIM agus ENRRB, ***cumhachtófar don*** Choimisiún ***gníomh tarmligthe*** a ghlacadh ***i gcomhréir le hAirteagal 71 chun*** na critéir agus na nósanna imeachta ***a leagan amach*** maidir le hathsceidealú, lena n-áirítear athruithe aontaobhacha ar chearta toillte leithdháilte ag bainisteoirí bonneagair chun suaití ar an ngréasán a bhainistiú ***agus chun mír 2 den Airteagal seo a leasú***. ***Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoi ... [24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Áireofar iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú***. |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 42 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Déanfaidh bainisteoirí bonneagair na rialacha agus na nósanna imeachta speisialta dá dtagraítear i mír 2 a fhoilsiú agus a chur ar fáil gan bhac. Tabharfaidh ESMA fógra ina dtaobh don Choimisiún.*** |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh na bainisteoirí bonneagair rialacha agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun dialltaí gluaiseachtaí traenach ón amchlár oibre a bhainistiú. Foilseofar na rialacha agus na nósanna imeachta sin sa ráiteas gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE agus cumhdófar leo bainistiú tráchta sna cásanna a leagtar amach in Airteagal 42(1), pointí (a), (b) agus (c) den Rialachán seo. | 1. ***Faoin ... [18 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** cuirfidh na bainisteoirí bonneagair rialacha agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun dialltaí gluaiseachtaí traenach ón amchlár oibre a bhainistiú. Foilseofar na rialacha agus na nósanna imeachta sin sa ráiteas gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE agus cumhdófar leo bainistiú tráchta sna cásanna a leagtar amach in Airteagal 42(1), pointí (a), (b) agus (c) den Rialachán seo. |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh sé d’aidhm ag na rialacha agus | 2. Beidh sé d’aidhm ag na rialacha agus |

| | |
|---|---|
| na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 tionchar foriomlán na ndialltaí ón amchlár ar thrácht iarnróid a íoslaghdú, agus riachtanais gach cineáil iompair á gcur san áireamh. Féadfaidh rialacha tosaíochta a bheith i gceist leis na prionsabail maidir le bainistíocht idir na cineálacha éagsúla tráchta agus na nósanna imeachta, na critéir agus na spriocanna sonracha atá le cur i bhfeidhm i gcur chuige atá bunaithe ar bharrfheabhsú a bhraitheann ar fheidhm sprice a bharrfheabhsú, amhail na nóiméid mhoille nó an t-am chun filleadh ar ghnáthoibríochtaí a íoslaghdú, seachas rialacha tosaíochta sainráite. | na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 tionchar foriomlán na ndialltaí ón amchlár ar thrácht iarnróid a íoslaghdú, agus riachtanais gach cineáil iompair á gcur i gcuntas. Féadfaidh rialacha tosaíochta a bheith i gceist leis na ***rialacha agus na nósanna imeachta*** bainistíochta idir na cineálacha éagsúla tráchta agus na nósanna imeachta, na critéir agus na spriocanna sonracha atá le cur i bhfeidhm i gcur chuige atá bunaithe ar bharrfheabhsú a bhraitheann ar fheidhm sprice a bharrfheabhsú, amhail na nóiméid mhoille nó an t-am chun filleadh ar ghnáthoibríochtaí a íoslaghdú, seachas rialacha tosaíochta sainráite. |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina gcuirfear isteach ar ghluaiseachtaí traenach de dheasca teip theicniúil nó timpiste, déanfaidh an bainisteoir bonneagair gach beart is gá chun an staid a athbhunú mar is gnách. Chuige sin, cuirfidh sé plean teagmhais chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 19. I gcás suaitheadh a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar thrácht trasteorann, comhoibreoidh na bainisteoirí bonneagair lena mbaineann le chéile chun an trácht trasteorann a athbhunú mar is gnách i gcomhréir leis an gcreat Eorpach um chomhordú ar thrácht, suaitheadh agus bainistiú géarchéime dá dtagraítear in Airteagal 44. | 3. I gcás ina gcuirfear isteach ar ghluaiseachtaí traenach de dheasca teip theicniúil nó timpiste, déanfaidh an bainisteoir bonneagair***, gan mhoill,*** gach beart is gá chun an staid a athbhunú mar is gnách. Chuige sin, cuirfidh sé plean teagmhais chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 19. I gcás suaitheadh a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar thrácht trasteorann, comhoibreoidh na bainisteoirí bonneagair lena mbaineann le chéile chun an trácht trasteorann a athbhunú mar is gnách i gcomhréir leis an gcreat Eorpach um chomhordú ar thrácht, suaitheadh agus bainistiú géarchéime dá dtagraítear in Airteagal 44. |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***4 a. Ní cheadófar dialltaí ach amháin i gcásanna cuí-réasúnaithe agus déanfaidh an comhlacht rialála náisiúnta iad a fhormheas.*** |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| I gcásanna force majeure, agus, i gcás ina bhfuil géarghá leis, mar gheall ar theagmhas a fhágann go bhfuil an bonneagar neamh-inúsáidte go sealadach, féadfar cearta toillte leithdháilte a tharraingt siar gan rabhadh chomh fada agus is gá chun an córas a dheisiú. | I gcásanna force majeure, agus, i gcás ina bhfuil géarghá leis, mar gheall ar theagmhas a fhágann go bhfuil an bonneagar neamh-inúsáidte go sealadach, féadfar cearta toillte leithdháilte a tharraingt siar gan rabhadh chomh fada agus is gá chun an córas a dheisiú ***agus, ag an am céanna, sáriarracht a dhéanamh roghanna eile féideartha a chur ar fáil***. |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. I gcás toilleadh a bheith tarraingthe siar, cuirfidh bainisteoirí bonneagair bainistiú ama, dul chun cinn deisiúcháin agus roghanna malartacha ar a dtoilleadh leithdháilte in iúl do ghnóthais iarnróid go tráthúil.*** |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6 a. Déanfaidh an Coimisiún, faoi [24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun rialacha agus nósanna imeachta a leagan amach chun dialltaí gluaiseachtaí traenach ón tráthchlár oibre a bhainistiú agus mír 1 den Airteagal seo a leasú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 72(3).*** |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Forbróidh ENIM an creat Eorpach um bainistiú tráchta, bainistiú suaite agus bainistiú géarchéime trasteorann a chomhordú i gcomhar le páirtithe leasmhara oibríochtúla agus le páirtithe leasmhara tríd an bpróiseas comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 54, agus obair an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa a bhunaítear le Teideal IV de Rialachán (AE) 2021/2085 á cur san áireamh. | Forbróidh ENIM an creat Eorpach um bainistiú tráchta, bainistiú suaite agus bainistiú géarchéime trasteorann a chomhordú i gcomhar le páirtithe leasmhara oibríochtúla agus le páirtithe leasmhara tríd an bpróiseas comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 54, agus obair an Chomhghnóthais um Iarnród na hEorpa a bhunaítear le Teideal IV de Rialachán (AE) ***2021/2085*** á cur i gcuntas. |

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leis an gcreat Eorpach um bainistiú tráchta, suaite agus géarchéime trasteorann a chomhordú, soláthrófar treoirlínte maidir le comhar idir bainisteoirí bonneagair, gnóthais iarnróid agus páirtithe leasmhara oibríochtúla eile. | 2. Leis an gcreat Eorpach um bainistiú tráchta, suaite agus géarchéime trasteorann a chomhordú, soláthrófar treoirlínte maidir le comhar idir bainisteoirí bonneagair, gnóthais iarnróid agus geallsealbhóirí oibríochtúla eile***, lena n-áirítear ENRRB***. |

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***3 a. Agus an creat a ghlac ENIM i gcomhréir le mír 1 á chur i gcuntas, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 chun na mionsonraí a leagan amach chun bainistiú tráchta trasteorann, bainistiú suaite agus bainistiú géarchéime a chomhordú agus chun mír 2 den Airteagal seo a leasú. Glacfar na gníomhartha tarmligthe sin faoi ... [24 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 2. I gcás ina bhfuil tionchar ag an teagmhas, nó inar dócha go mbeidh tionchar aige, ar níos mó ná gréasán amháin, dearbhóidh an bainisteoir bonneagair inar tharla an teagmhas suaitheadh ilghréasáin agus comhordóidh sé gníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 44, Airteagal 45 agus Airteagal 53. | 2. I gcás ina bhfuil tionchar ag an teagmhas, nó inar dócha go mbeidh tionchar aige, ar níos mó ná gréasán amháin, dearbhóidh an ***bainisteoir*** bonneagair ***inar*** tharla an teagmhas suaitheadh ilghréasáin agus comhordóidh sé gníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 44, Airteagal 45 agus Airteagal 53. |

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 3. Sainmhíneoidh ENIM modh comhchuibhithe chun meastachán a dhéanamh ar fhad dóchúil an tsuaite gréasáin agus ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith aige agus déanfaidh sé é a áireamh sa chreat Eorpach um bainistiú tráchta, suaite agus géarchéime a chomhordú dá dtagraítear in Airteagal 44. | 3. Sainmhíneoidh ENIM modh comhchuibhithe chun meastachán a dhéanamh ar fhad dóchúil an tsuaite gréasáin agus ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith aige agus déanfaidh sé é a áireamh sa chreat Eorpach um ***bainistíocht*** tráchta, suaite agus géarchéime a chomhordú dá dtagraítear in Airteagal 44. |

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***4 a. I gcás ina gcuirtear isteach go páirteach nó go hiomlán ar sheirbhísí de dheasca briseadh in oibríocht traenach de dheasca cliseadh teicniúil, teagmhas teicniúil nó tionóisc theicniúil ar líne trasteorann a mhaireann níos faide ná 15 lá, déanfaidh na bainisteoirí bonneagair buailte, laistigh de 30 lá ón tarlú, tuarascáil ar an teagmhas a ullmhú. Beidh an méid seo a leanas, ar a laghad, ar áireamh sa tuarascáil ar an teagmhas:*** <br> ***a) faisnéis faoi na bearta oibríochtúla go léir a dhéantar chun slite malartacha a áirithiú;*** <br> ***b) faisnéis faoi na gníomhaíochtaí go léir a dhéantar chun seirbhísí rialta a chur ar ais ar an líne idirbhriste.*** <br> ***Cuirfear an tuarascáil ar fáil go poiblí agus déanfar í a nuashonrú go rialta go dtí go mbainfear an briseadh.*** <br> ***Féadfaidh ERA moltaí a eisiúint maidir le*** |

***bearta feabhsaithe chun aghaidh a thabhairt ar an gcur isteach agus ar na srianta ar thoilleadh tráchta arb é an tionóisc ba chúis leo.***

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann go leanfaidh na bearta éigeandála, a mhéid is féidir, na prionsabail maidir le toilleadh a bhainistiú agus bainistiú tráchta a leagtar amach sa Rialachán seo agus go mbainfidh siad úsáid as pleananna atá ann cheana arna n-ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 19. Comhordóidh sé bearta éigeandála den sórt sin le Ballstáit eile. | Áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann go leanfaidh na bearta éigeandála, a mhéid is féidir, na prionsabail maidir le toilleadh a bhainistiú agus bainistiú tráchta a leagtar amach sa Rialachán seo agus go mbainfidh siad úsáid as pleananna atá ann cheana arna n-ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 19. Comhordóidh ***sé*** bearta éigeandála den sórt sin le Ballstáit eile. |

**Leasú 182**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcomhréir le hAirteagal 7f, pointe (d) de Threoir 2012/34/AE, déanfaidh ENIM faireachán agus tagarmharcáil ar fheidhmíocht seirbhísí bonneagair iarnróid agus na cuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 2 den Rialachán seo á gcur san áireamh. Déanfaidh bainisteoirí bonneagair iarnróid faireachán freisin ar fheidhmíocht seirbhísí | 1. ***Glacfaidh an Coimisiún spriocanna feidhmíochta an Aontais i gcás na réimsí feidhmíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn VII. Beidh na spriocanna i gcomhréir le spriocanna an aistrithe mhódúil agus nuashonrófar iad go rialta.*** I gcomhréir le hAirteagal 7f, pointe (d) de Threoir 2012/34/AE, déanfaidh ENIM***, le tacaíocht ó bhainisteoirí bonneagair*** |

| | |
|---|---|
| iompair ar iarnród. | ***iarnróid*** faireachán agus tagarmharcáil ar fheidhmíocht seirbhísí bonneagair iarnróid ***agus seirbhísí iompair iarnróid*** agus ***spriocanna feidhmíochta*** an ***Aontais*** agus bainisteoirí bonneagair á gcur i gcuntas. Cuirfidh ***ENIM*** an ***Comhlacht Athbhreithnithe*** Feidhmíochta ***agus an Coimisiún ar an eolas go tréimhsiúil***. |

**Leasú 183**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun na críche sin, déanfaidh na bainisteoirí bonneagair a spriocanna feidhmíochta féin ***a leagan amach*** sa phlean dá dtagraítear in Airteagal 8(3) de Threoir 2012/34/AE, agus aon chuspóirí a leagtar amach sna comhaontuithe conarthacha dá dtagraítear in Airteagal 30 den Treoir sin á gcur san áireamh. Déanfaidh siad nósanna imeachta a chur i bhfeidhm agus a fheidhmiú chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo na spriocanna a bhaint amach agus chun tuairisciú ina leith, chun cúiseanna na n-easnamh feidhmíochta a shainaithint in éineacht le páirtithe leasmhara oibríochtúla agus chun bearta feabhais a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht. Sna nósanna imeachta sin, déanfar an creat Eorpach le haghaidh athbhreithniú feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 50 den Rialachán seo a chur san áireamh. Míneoidh na bainisteoirí bonneagair sa ráiteas gréasáin an chúis atá le haon diall ó na nósanna imeachta comhchoiteanna arna mbunú sa chreat Eorpach le haghaidh athbhreithniú | 2. Chun na críche sin, déanfaidh na bainisteoirí bonneagair a spriocanna feidhmíochta féin a ***leagan síos*** sa phlean dá dtagraítear in Airteagal 8(3) de Threoir 2012/34/AE, agus aon chuspóirí a leagtar amach sna comhaontuithe conarthacha dá dtagraítear in Airteagal 30 den Treoir sin á gcur san áireamh. ***Rachaidh na bainisteoirí bonneagair i gcomhairle leis na comhlachtaí ábhartha náisiúnta agus Eorpacha chun a chinntiú go bhfuil na spriocanna sin comhsheasmhach le spriocanna feidhmíochta an Aontais.*** Déanfaidh siad nósanna imeachta a chur i bhfeidhm agus a fheidhmiú chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo na spriocanna a bhaint amach agus chun tuairisciú ina leith, chun cúiseanna na n-easnamh feidhmíochta a shainaithint in éineacht le páirtithe leasmhara oibríochtúla agus chun bearta feabhais a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht. Sna nósanna imeachta sin, déanfar an creat Eorpach le haghaidh athbhreithniú feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 50 den Rialachán seo a chur san áireamh. |

feidhmíochta.

Míneoidh na bainisteoirí bonneagair sa ráiteas gréasáin an chúis atá le haon diall ó na nósanna imeachta comhchoiteanna arna mbunú sa chreat Eorpach le haghaidh athbhreithniú feidhmíochta. ***Ní cheadófar dialltaí ach amháin i gcásanna cuí-réasúnaithe agus déanfaidh an comhlacht rialála iad a fhormheas.***

**Leasú 184**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh ENIM creat Eorpach chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht a chur ar bun agus a chur chun feidhme faoi [12 mhí ***tar éis*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Cuirfear san áireamh sa chreat sin go háirithe na prionsabail a shainítear in Airteagal 2(3), Airteagal 8(4), Airteagal 42(3) agus na ceanglais oibríochtúla, na cuspóirí feidhmíochta agus na spriocluachanna a leagtar amach in [Airteagal ***18*** de Rialachán nua TEN-T]. | 1. Déanfaidh ***ERA, le tacaíocht*** ENIM, creat Eorpach chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht a chur ar bun agus a chur chun feidhme faoi [12 mhí ***ó*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Cuirfear san áireamh sa chreat sin go háirithe na prionsabail a shainítear in Airteagal 2(3), Airteagal 8(4), Airteagal 42(3) agus na ceanglais oibríochtúla, na cuspóirí feidhmíochta agus na spriocluachanna a leagtar amach in Airteagal ***19*** de Rialachán (AE) 2024/... [Rialachán nua TEN-T]. |

**Leasú 185**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Déanfaidh ENRRB moladh a*** |

| | |
|---|---|
| | ***ghlacadh maidir leis an gcreat Eorpach chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht faoi [sé mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Agus an creat Eorpach chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht á chur ar bun agus á chur chun feidhme, cuirfidh ERA san áireamh an moladh a d'eisigh ENRRB.*** |

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Féadfaidh*** an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, ***lena leagtar*** amach rialacha mionsonraithe maidir leis na heilimintí i mír 2, pointí (b) go (d), i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 72(2). Agus sin á dhéanamh aige, déanfaidh an Coimisiún ***an obair a dhéanfaidh ENIM i gcomhréir le mír 3 agus aon mholtaí ón*** gcomhlacht athbhreithnithe feidhmíochta ***a chur san áireamh***. | 5. ***Déanfaidh*** an Coimisiún, ***faoi [24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun ***coinníollacha aonfhoirmeacha a leagan amach do chur i bhfeidhm na n-eilimintí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo faoin***... ***[36 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear*** rialacha mionsonraithe maidir leis na heilimintí i mír 2, pointí (b) go (d) ***agus spriocanna feidhmíochta***. ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh*** i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 72(2). Agus an méid sin á dhéanamh aige, rachaidh an Coimisiún ***i gcomhairle le ENIM, le ERP, le ENRRB***, leis an gComhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta, ***le ERA agus leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa***. |

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gan dochar d'Airteagal 15 de Threoir 2012/34/AE agus d'Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1100 ón gCoimisiún, déanfaidh ENIM tuarascáil Eorpach maidir le hathbhreithniú ar fheidhmíocht a ullmhú agus a fhoilsiú faoi [24 mhí ***tar éis*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar bhonn an chreata Eorpaigh um athbhreithniú ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 50 den Rialachán seo agus ***foilseoidh*** sé í gach bliain. | 1. Gan dochar d'Airteagal 15 de Threoir 2012/34/AE agus d'Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1100 ón gCoimisiún, déanfaidh ENIM ***dréacht-tuarascáil*** Eorpach maidir le hathbhreithniú ar fheidhmíocht a ullmhú agus a fhoilsiú faoi [24 mhí ***ó*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar bhonn an chreata Eorpaigh um athbhreithniú ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 50 den Rialachán seo agus ***tabharfaidh sé cothrom le dáta*** í gach bliain. ***Bunaithe ar an tuarascáil sin, tacóidh ERA leis an gCoimisiún faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le cuspóirí an Aontais don iarnród, lena n-áirítear fás tuartha ar thrácht iarnróid atá beartaithe do 2030 agus 2050. Seolfar an dréacht-tuarascáil Eorpach maidir le hathbhreithniú ar fheidhmíocht chuig an gComhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta.*** |
| [23]Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1100 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2015 maidir le hoibleagáidí tuairiscithe na mBallstát faoi chuimsiú faireacháin ar an margadh iarnróid (IO L 181, 9.7.2015, lch. 1). | [23] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1100 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2015 maidir le hoibleagáidí tuairiscithe na mBallstát faoi chuimsiú faireacháin ar an margadh iarnróid (IO L 181, 9.7.2015, lch. 1). |

**Leasú 188**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Ullmhóidh*** an Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta ***cuid neamhspleách den*** tuarascáil ina soláthrófar a mheasúnú ar fheidhmíocht seirbhísí bonneagair iarnróid agus seirbhísí iompair ar iarnród, moltaí maidir le saincheisteanna feidhmíochta ***a dtabharfar aghaidh orthu le tosaíocht agus moltaí maidir le*** bearta chun feidhmíocht a fheabhsú. | 2. Déanfaidh an Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta tuarascáil ***Eorpach maidir le hathbhreithniú ar fheidhmíocht a fhorbairt agus a ghlacadh***, ina soláthrófar a mheasúnú ar fheidhmíocht seirbhísí bonneagair iarnróid agus seirbhísí iompair ar iarnród, ***easaontais a ardaíodh agus*** moltaí maidir le saincheisteanna feidhmíochta, ***lena n-áirítear*** bearta chun feidhmíocht a fheabhsú, ***déanfar iad a áireamh sa chéad chlár eile a bheidh ann amach anseo i gcomhréir le hAirteagal 55(8).*** |

**Leasú 189**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cumhdófar sa tuarascáil maidir le hathbhreithniú ar fheidhmíocht ar a laghad na línte a áirítear ***sna Conairí Iompair*** Eorpacha ***dá dtagraítear i Rialachán [Rialachán TEN-T nua]*** agus áireofar inti an fhaisnéis a éilítear le [hAirteagal ***53***(3)(g)] ***de***. Beidh an fhaisnéis a chuirfear i láthair mionsonraithe go leordhóthanach i dtéarmaí raon feidhme geografach agus ba cheart a chumhdach léi tréimhse ama fada a dhóthain chun gur féidir léirmhínithe fóinteacha a dhéanamh. | 3. Cumhdófar leis an tuarascáil ***Eorpach*** maidir le hathbhreithniú ar fheidhmíocht ar a laghad na línte a áirítear sa ***Limistéar*** Eorpach ***Aonair Iarnróid*** agus áireofar inti an fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal ***54***(3)(g) ***de Rialachán (AE) 2024/...[Rialachán nua TEN-T]***. Beidh an fhaisnéis a chuirfear i láthair mionsonraithe go leordhóthanach i dtéarmaí raon feidhme geografach agus ba cheart a chumhdach léi tréimhse ama fada a dhóthain chun gur féidir léirmhínithe fóinteacha a dhéanamh. |

**Leasú 190**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áireofar sa tuarascáil maidir le hathbhreithniú feidhmíochta roinn thiomnaithe maidir le feidhmíocht an chomhordaithe idir bainisteoirí bonneagair i gcomhréir le hAirteagal 53 agus maidir leis an sásra comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 54 den Rialachán sin. | 4. Áireofar sa tuarascáil ***Eorpach*** maidir le hathbhreithniú ar fheidhmíocht roinn thiomnaithe maidir le feidhmíocht an chomhordaithe idir bainisteoirí bonneagair i gcomhréir le hAirteagal 53 agus maidir leis an sásra comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 54 den Rialachán seo. |

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Beidh roinn ar leith sa tuarascáil Eorpach maidir le hathbhreithniú ar fheidhmíocht i ndáil le cur chun feidhme na bpróiseas a thug ENIM isteach. Beidh anailís inti freisin ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gcur chun feidhme i mBallstáit éagsúla, lena n-áirítear tuarascálacha a bhaineann le díolúintí náisiúnta agus moltaí le haghaidh tuilleadh comhchuibhithe.*** |

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I ***gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 73(3), féadfaidh an Coimisiún comhlacht neamhchlaonta inniúil a bhunú nó a ainmniú chun gníomhú mar*** Chomhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta. | 1. ***Faoi... [6 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], bunófar*** Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta ***mar chomhlacht neamhchlaonta, inniúil agus neamhspleách***. ***Ceapfar a chomhaltaí ar bhonn tuillteanais, chun go áiritheofar meascán scileanna agus taithí a bheidh ábhartha maidir le bainistiú toillte iarnróid.***<br><br>***Ainmneoidh an Coimisiún comhaltaí an Chomhlachta Athbhreithnithe Feidhmíochta trí nós imeachta um ghlao ar shaineolaithe. Cumhachtófar don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 chun mionsonraí maidir le heagrú, rialachas agus maoiniú an Chomhlachta Athbhreithnithe Feidhmíochta a leagan amach. Glacfar an gníomh tarmligthe sin, faoin... [12 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***<br><br>***Le linn don Chomhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, gníomhóidh an Bord Rialála um Athbhreithniú Feidhmíochta go neamhspleách agus ní lorgóidh sé ná ní leanfaidh sé treoracha ó rialtas Ballstáit, ón gCoimisiún, ó ERA nó aon eintiteas poiblí nó príobháideach eile.*** |

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Soláthróidh an Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta comhairle don Choimisiún agus do na Comhordaitheoirí Eorpacha maidir le hábhair a bhaineann le feidhmíocht seirbhísí bonneagair iarnróid agus seirbhísí iompair ar iarnród, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún nó ag na Comhordaitheoirí Eorpacha. | 2. Soláthróidh an Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta comhairle don Choimisiún, ***do ERA***, ***do ENIM*** agus do na Comhordaitheoirí Eorpacha maidir le hábhair a bhaineann le feidhmíocht seirbhísí bonneagair iarnróid agus seirbhísí iompair ar iarnród, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, ***ag ERA*** nó ag na Comhordaitheoirí Eorpacha. |

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) moltaí a sholáthar do ENIM maidir leis an gcreat Eorpach um athbhreithniú feidhmíochta a bhunú agus a athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 50, lena n-áirítear maidir le réimsí feidhmíochta, saincheisteanna feidhmíochta a dtabharfar aghaidh orthu faoi gach ceann de na réimsí feidhmíochta, comhchuibhiú modheolaíochtaí, próiseas, critéar agus sainmhínithe chun anailís a dhéanamh ar shonraí a bhaineann le táscairí feidhmíochta agus feidhmíochta chun iad a bhailiú; | (a) moltaí a sholáthar ***don Choimisiún agus*** do ENIM maidir leis an gcreat Eorpach um athbhreithniú feidhmíochta a bhunú agus a athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 50, lena n-áirítear maidir le réimsí feidhmíochta, saincheisteanna feidhmíochta a dtabharfar aghaidh orthu faoi gach ceann de na réimsí feidhmíochta, comhchuibhiú modheolaíochtaí, próiseas, critéar agus sainmhínithe chun anailís a dhéanamh ar shonraí a bhaineann le táscairí feidhmíochta agus feidhmíochta chun iad a bhailiú; |

**Leasú 195**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) moltaí a sholáthar do ENIM, ENRRB, bainisteoirí bonneagair, iarratasóirí, comhlachtaí rialála, údaráis na mBallstát, agus, i gcás inarb ábhartha, geallsealbhóirí eile le haghaidh bearta ceartaitheacha, maidir le bainistiú toillte, bainistiú tráchta, bainistiú suaite agus bainistiú géarchéime; | (b) moltaí a sholáthar do ENIM, ***do ERA,*** do ENRRB, do bhainisteoirí bonneagair, d'iarratasóirí, do chomhlachtaí rialála, d'údaráis na mBallstát, agus, i gcás inarb ábhartha, do gheallsealbhóirí eile le haghaidh bearta ceartaitheacha, maidir le bainistiú toillte, bainistiú tráchta, bainistiú suaite agus bainistiú géarchéime; |

**Leasú 196**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na dréacht-tuarascála Eorpaí ar fheidhmíocht agus ***an chuid neamhspleách*** dá dtagraítear in Airteagal 51(2) a ullmhú; | (c) athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na dréacht-tuarascála Eorpaí ***maidir le hathbhreithniú*** ar fheidhmíocht agus ***an tuarascáil*** dá dtagraítear in Airteagal 51(2) a ullmhú; |

**Leasú 197**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Rachaidh ENIM, an Comhordaitheoir Gréasáin, bainisteoirí bonneagair, comhlachtaí rialála, ENRRB agus, i gcás inarb ábhartha, páirtithe leasmhara eile, i gcomhar leis an gcomhlacht | 5. Rachaidh ENIM, an Comhordaitheoir Gréasáin, bainisteoirí bonneagair, comhlachtaí rialála, ENRRB, ***ERA*** agus, i gcás inarb ábhartha, páirtithe leasmhara eile, i gcomhar leis an gcomhlacht |

| | |
|---|---|
| athbhreithnithe feidhmíochta, go háirithe trí fhaisnéis a sholáthar a bhaineann le feidhmíocht ***ar a dtionscnamh féin nó ar iarraidh ón gcomhlacht*** agus déanfaidh siad a ndícheall chun a mholtaí a chur san áireamh ina gcuid oibre maidir le bainistíocht feidhmíochta iarnróid. | athbhreithnithe feidhmíochta, go háirithe trí fhaisnéis a sholáthar a bhaineann le feidhmíocht agus déanfaidh siad a ndícheall chun a mholtaí a chur san áireamh ina gcuid oibre maidir le bainistíocht feidhmíochta iarnróid. |

**Leasú 198**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Cumhdófar*** leis an gcomhordú ***gach*** líne agus nód ar cuid de Chonairí Iompair Eorpacha iad a leagtar amach in Airteagal 7 de [Rialachán nua TEN-T] agus in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. | Déanfar comhordú do na línte agus nóid ***TEN-T sin a threisiú go háirithe***, ar cuid de Chonairí Iompair Eorpacha iad a leagtar amach in Airteagal 7 de [Rialachán nua TEN-T] agus in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. |

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 3 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Is féidir leis na Ballstáit agus leis na húdaráis seirbhíse poiblí an cumhdach a leathnú chuig línte eile.*** |

**Leasú 200**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh ENIM treoirlínte a ullmhú, a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun a áirithiú go rachfar i gcomhairle go hiomchuí agus go tráthrialta leis na páirtithe leasmhara agus go n-áireofar iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6, sa chreat Eorpach um chomhordú trasteorann ar bhainistiú tráchta, ar bhainistiú suaite agus ar bhainistiú géarchéime dá dtagraítear in Airteagal 44 agus sa chreat Eorpach um athbhreithniú feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 50. Déanfar an ***próiseas*** a fhorbairt agus a chur chun feidhme le tacaíocht ón gComhordaitheoir Gréasáin agus le rannpháirtíocht phointí fócasacha ***ainmnithe na*** mbainisteoirí bonneagair dá dtagraítear in Airteagal 60. | 1. Déanfaidh ENIM, ***faoin ... [12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*** déanfar treoirlínte a ullmhú, a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun a áirithiú go rachfar i gcomhairle go hiomchuí agus go tráthrialta leis na páirtithe leasmhara, ***lena n-áirítear ionadaithe ó ERA agus ó na Ballstáit, chomh maith leis na comhlachtaí ionadaíocha dá dtagraítear in Airteagal 38(4) de Rialachán (AE) 2016/796*** agus go n-áireofar iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6, sa chreat Eorpach um chomhordú trasteorann ar bhainistiú tráchta, ar bhainistiú suaite agus ar bhainistiú géarchéime dá dtagraítear in Airteagal 44 agus sa chreat Eorpach um athbhreithniú feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 50. Déanfar ***an sásra*** a fhorbairt agus a chur chun feidhme le tacaíocht ón gComhordaitheoir Gréasáin agus le rannpháirtíocht phointí fócasacha ***arna n-ainmniú ag*** na mbainisteoirí bonneagair dá dtagraítear in Airteagal 60. |

**Leasú 201**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina nglacfaidh ENIM tuairim nó moladh ar dócha go mbeidh tionchar aige ar ghnóthais iarnróid, ar iarratasóirí eile, ar gheallsealbhóirí oibríochtúla agus ar pháirtithe leasmhara eile, foilseoidh sé dréacht le haghaidh comhairliúcháin leis na páirtithe lena mbaineann. Tabharfar | 2. I gcás ina nglacfaidh ENIM tuairim nó moladh ar dócha go mbeidh tionchar aige ar ghnóthais iarnróid, ar iarratasóirí eile, ar gheallsealbhóirí oibríochtúla agus ar pháirtithe leasmhara eile, ***lena n-áirítear ionadaithe ó ERA agus ó na Ballstáit, chomh maith leis na comhlachtaí*** |

méid iomchuí ama do na páirtithe lena mbaineann chun aiseolas a thabhairt maidir leis an dréachtchinneadh. Beidh údaráis na mBallstát rannpháirteach nuair is gá.

***ionadaíocha dá dtagraítear in Airteagal 38(4) de Rialachán (AE) 2016/796***, foilseoidh sé dréacht chun dul i gcomhairle leis na páirtithe lena mbaineann. Tabharfar méid iomchuí ama do na páirtithe lena mbaineann chun aiseolas a thabhairt maidir leis an dréachtchinneadh. Beidh údaráis na mBallstát rannpháirteach nuair is gá. ***Nuair a dhéanfaidh ENIM cinneadh ar dócha go mbeidh tionchar aige ar ERP, rachaidh ENIM i gcomhairle leis na grúpaí comhairleacha faoi seach.***

**Leasú 202**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh ENIM an t-aiseolas a chuirfidh na páirtithe lena mbaineann ar fáil i gcomhréir le mír 2 a chur san áireamh agus an tuairim chríochnaitheach nó an moladh deiridh á glacadh acu. I gcás ina mainníonn ENIM gnéithe suntasacha den aiseolas a soláthraíodh a chur san áireamh, soláthróidh sé na cúiseanna le déanamh amhlaidh. | 3. Déanfaidh ENIM an t-aiseolas a chuirfidh na páirtithe lena mbaineann ar fáil i gcomhréir le mír 2 a chur san áireamh agus an tuairim chríochnaitheach nó an moladh deiridh á glacadh acu. I gcás ina mainníonn ENIM gnéithe suntasacha den aiseolas a soláthraíodh a chur san áireamh, soláthróidh sé na cúiseanna ***a mbeidh údar cuí*** leis sin a dhéanamh. |

**Leasú 203**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. I gcás tuairimí éagsúla idir ENIM*** |

***agus na comhlachtaí comhairliúcháin, cuirfidh na comhlachtaí comhairliúcháin ENRRB ar an eolas. Cuirfidh ENRRB tuairimí éagsúla den sórt sin san áireamh ina thuarascáil Eorpach maidir le hathbhreithniú ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 51.***

**Leasú 204**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 b. Déanfaidh an Coimisiún, faoin ... [24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun coinníollacha aonfhoirmeacha a leagan amach chun a áirithiú go rachfar i gcomhairle go hiomchuí agus go tráthrialta leis na páirtithe leasmhara agus chun mír 1 den Airteagal seo a leasú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 72(3). Áireofar iad sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú.*** |

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 55 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh gach bainisteoir bonneagair | 2. Beidh gach bainisteoir bonneagair |

iarnróid ***atá freagrach as línte atá mar chuid*** de ***chroíghréasán TEN-T agus de chroíghréasán sínte TEN-T, dá dtagraítear in [Airteagal 6 de Rialachán nua TEN-T agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis]***, ina gcomhaltaí de ENIM. Ceapfaidh siad ionadaí agus ionadaí malartach.

iarnróid ar an ***Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid*** ina gcomhaltaí de ENIM. Ceapfaidh siad ionadaí agus ionadaí malartach.

**Leasú 206**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 55 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Beidh an Coimisiún ina chomhalta neamhvótála ar ENIM. Tacóidh sé le hobair ENIM agus éascóidh sé comhordú. | 7. Beidh an Coimisiún ***agus ERA*** ina gcomhalta neamhvótála ar ENIM. Tacóidh ***siad*** le hobair ENIM agus éascóidh sé comhordú. |

**Leasú 207**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 55 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Sainmhíneoidh ENIM a chlár oibre. Cumhdóidh an clár oibre tréimhse dhá bhliain ar a laghad. Rachaidh ENIM i gcomhairle le hiarratasóirí agus le geallsealbhóirí oibríochtúla eile tríd an sásra comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 54 maidir leis an dréachtchlár oibre. Ina theannta sin, rachaidh sé i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach, le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus leis an gComhghnóthas um | 8. Sainmhíneoidh ENIM a chlár oibre. Cumhdóidh an clár oibre tréimhse dhá bhliain ar a laghad. Rachaidh ENIM i gcomhairle le ***ERP, le grúpaí comhairleacha mar a bhunaítear in Airteagal 55 a***, le hiarratasóirí agus le geallsealbhóirí oibríochtúla eile tríd an sásra comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 54 maidir leis an dréachtchlár oibre. Ina theannta sin, rachaidh sé i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach, le |

| | |
|---|---|
| Iarnród na hEorpa agus, de réir mar is iomchuí, le geallsealbhóirí eile | Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa agus, de réir mar is iomchuí, le geallsealbhóirí eile |

**Leasú 208**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 55 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8 a. Agus na creataí Eorpacha le haghaidh bainistiú toillte, bainistiú tráchta agus bainistiú feidhmíochta á bhforbairt, rachaidh ENIM i gcomhairle le ERP.*** |

**Leasú 209**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 55 – mír 8 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8 b. Maidir le bainisteoirí bonneagair iarnróid agus comhlachtaí leithdháilte tríú tíortha atá freagrach as línte den ghréasán tras-Eorpach iompair, ceadófar dóibh dul isteach in ENIM.*** |

**Leasú 210**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 55 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 55a*** |
| | ***An tArdán Eorpach Iarnróid*** |
| | ***1. Bunaítear leis seo an tArdán Eorpach Iarnróid (ERP) mar chomhlacht comhairliúcháin do ENIM.*** |
| | ***2. Beidh ERP comhdhéanta d'ionadaithe ó ghnóthais iarnróid a úsáideann bonneagar iarnróid na hEorpa. Féadfaidh ERP a áireamh freisin, mar chomhalta, aon iarratasóir a úsáideann bonneagar iarnróid na hEorpa ina aonar nó trí chomhlachais, oibreoirí saoráidí seirbhíse agus críochfoirt, geallsealbhóirí toillte ilmhódacha, amhail calafoirt farraige agus uiscebhealaí intíre agus úinéirí saoráidí seirbhíse eile a bhaineann le hiarnród. Ceapfaidh gach comhalta ionadaí amháin agus ionadaí malartach amháin. Ceapfar an Coimisiún agus ERA freisin mar bhreathnóirí laistigh de ERP. Féadfar cuireadh a thabhairt don tionscal iarnróid freastal ar ghrúpaí comhairliúcháin agus ar phléití chun faisnéis agus ullmhacht níos fearr a chumasú.*** |
| | ***3. Tabharfaidh an Coimisiún cúnamh do ERP trí mhódúlachtaí feidhmíochta ERP a bhunú, lena n-áirítear coinníollacha le haghaidh ionadaithe na gcatagóirí atá faoi mhír 2 a ligean isteach ar an ardán.*** |
| | ***4. Tar éis comhairliúcháin leis an gCoimisiúin agus tar éis formheas a fháil uaidh, glacfaidh agus foilseoidh ERP a rialacha nós imeachta. Eagróidh sé a ghníomhaíochtaí i gcomhréir leis an riail nós imeachta. Socrófar le rialacha nós imeachta ERP, inter alia, minicíocht na gcruinnithe agus eagrú a ngníomhaíochtaí. Féadfaidh ERP a ghníomhaíochtaí a eagrú i bhfoghrúpaí, cineálacha geallsealbhóirí agus braislí*** |

| | |
|---|---|
| | ***réigiúnacha a ghrúpáil.*** |
| | ***5. Rachaidh ENIM i gcomhairle le ERP sula n-ullmhóidh agus sula nglacfaidh sé creataí Eorpacha le haghaidh bainistiú toillte, bainistiú tráchta agus bainistiú feidhmíochta. Féadfaidh ERP a thuairimí féin a eisiúint, agus cuirfidh ENIM iad sin san áireamh. Féadfaidh ERP tuairimí féintionscnaimh a eisiúint freisin chuig ERA agus/nó chuig an gCoimisiún.*** |
| | ***6. Beidh comhairliúcháin faoin Airteagal sin gan dochar do cheart iarratasóirí achomharc a dhéanamh in aghaidh chinntí ENIM.*** |
| | ***7. Is chuig ERA agus chuig an gCoimisiún a dhíreoidh ERP tuarascáil bhliantúil ar a ghníomhaíochtaí. Déanfar an tuarascáil seo a fhoilsiú.*** |

**Leasú 211**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 57 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfaidh ENIM cuireadh don Choimisiún, lena n-áirítear na Comhordaitheoirí Eorpacha agus, i gcás inarb ábhartha, ionadaithe na mBallstát, chuig a chruinnithe d'fhonn saincheisteanna a bhaineann le forbairt an bhonneagair iarnróid a phlé agus chun comhar leis na Comhordaitheoirí Eorpacha a áirithiú, mar a leagtar amach sa [Rialachán nua TEN-T]. Soláthróidh ENIM an fhaisnéis a cheanglaítear faoi [Airteagal 53, an tríú fomhír de Rialachán nua TEN-T]. | 2. Tabharfaidh ENIM cuireadh don Choimisiún, lena n-áirítear na Comhordaitheoirí Eorpacha***, ERP*** agus, i gcás inarb ábhartha, d'ionadaithe ***ó ERA agus*** ó na Ballstáit, ***chomh maith leis na comhlachtaí ionadaíocha dá dtagraítear in Airteagal 38(4) de Rialachán (AE) 2016/796***, chuig a chruinnithe d'fhonn saincheisteanna a bhaineann le forbairt an bhonneagair iarnróid a phlé agus chun comhar leis na Comhordaitheoirí Eorpacha a áirithiú, mar a leagtar amach sa [Rialachán nua TEN-T]. Soláthróidh ENIM an fhaisnéis a cheanglaítear faoi [Airteagal 53, an tríú |

fomhír de Rialachán nua TEN-T].

**Leasú 212**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 57 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 57a*** |
| | ***Freagrachtaí ERA*** |
| | ***1. De bhreis ar na cúraimí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/796, beidh ERA freagrach as na cúraimí uile a shanntar dó sa Rialachán seo. Déanfaidh sé, go háirithe, an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) tacaíocht a chur ar fáil, arna iarraidh sin don Choimisiún, chun na gníomhartha sonracha cur chun feidhme agus na gníomhartha tarmligthe a ullmhú dá bhforáiltear sa Rialachán seo;*** |
| | ***(b) comhordú a dhéanamh, mar údarás córais, i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán (AE) 2016/796 ar na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 62 den Rialachán seo;*** |
| | ***(c) na cúraimí a chomhlíonadh mar a leagtar amach in Airteagal 50 den Rialachán seo;*** |
| | ***(d) tacaíocht a chur ar fáil, arna iarraidh sin, do na comhlachtaí rialála chun rialacha, nósanna imeachta agus uirlisí a shainaithint laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo;*** |
| | ***(e) constaicí do sheirbhísí ilghréasáin iarnróid a shainaithint;*** |
| | ***2. Ina cuid oibre, déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:*** |
| | ***a) a mholtaí a tharraingt suas bunaithe ar*** |

***obair ENIM agus ar obair an chomhordaitheora gréasáin;***

***b) i gcás inarb iomchuí, dul chun cinn teicniúil agus obair aitheanta taighde a chur san áireamh;***

***c) costais mheasta agus sochair a mheastar a bheidh ar a mholtaí a chur san áireamh agus béim a leagan ar na réitigh is inmharthana;***

***d) critéir na hoscailteachta, na comhthola agus na trédhearcachta a chomhlíonadh mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.***

***3. Déanfar méid na n-acmhainní airgeadais atá tiomnaithe d'fheidhmiú chúraimí ERA faoin rialachán seo a tharraingt ó chorrlaigh neamh-leithdháilte faoi uasteorainneacha CAI nó déanfar é a shlógadh trí ionstraimí speisialta neamhthéamacha CAI.***

**Leasú 213**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 58 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Soláthróidh na bainisteoirí bonneagair na hacmhainní is gá do ENIM chun a chúraimí a chomhlíonadh. Chun na críche sin, ceapfaidh ***siad*** eintiteas neamhchlaonta inniúil faoin [***12*** mhí ***tar éis*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] chun na feidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 59 a chomhlíonadh. Ainmneofar an t-eintiteas sin mar Chomhordaitheoir Gréasáin . | Soláthróidh na bainisteoirí bonneagair na hacmhainní is gá do ENIM chun a chúraimí a chomhlíonadh. Chun na críche sin, ceapfaidh ***an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le Ballstáit agus le ENIM***, eintiteas neamhchlaonta inniúil faoi [***6*** mhí ***ó*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] chun na feidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 59 a chomhlíonadh. Ainmneofar an t-eintiteas sin mar Chomhordaitheoir Gréasáin . ***Is le toiliú an Choimisiúin go bhféadfaidh ENIM a chinneadh an t-*** |

***eintiteas a cheapfar ina Chomhordaitheoir Gréasáin a athrú.***

**Leasú 214**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 58 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Forghníomhóidh an Comhordaitheoir Gréasáin a chúraimí ar bhealach neamhchlaonta agus costéifeachtach agus gníomhóidh sé thar ceann ENIM. Chun na críche sin, cuirfidh sé a chlár oibre bliantúil maidir leis na cúraimí a leagtar amach sa Rialachán seo faoi bhráid ENIM chomh maith le tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme an chláir bhliantúil. | 2. Forghníomhóidh an Comhordaitheoir Gréasáin a chúraimí ar bhealach neamhchlaonta agus costéifeachtach agus gníomhóidh sé thar ceann ENIM ***agus an Choimisiúin***. Chun na críche sin, cuirfidh sé a chlár oibre bliantúil maidir leis na cúraimí a leagtar amach sa Rialachán seo faoi bhráid ENIM ***agus an Choimisiúin*** chomh maith le tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme an chláir bhliantúil. |

**Leasú 215**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 59 – mír 1 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) seirbhísí comhroinnte B2B atá ann cheana agus seirbhísí comhroinnte nua B2B a sholáthar do Bhainisteoirí Bonneagair agus do Ghnóthais Iarnróid chun seirbhísí iarnróid a fheabhsú agus trácht iarnróid tras-Eorpach a threisiú.*** |

**Leasú 216**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 61 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ullmhóidh agus glacfaidh ENIM struchtúr comhchoiteann don ráiteas gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE, a chuirfidh san áireamh an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo, agus sceideal comhchoiteann le haghaidh chomhairliúchán na bpáirtithe leasmhara maidir leis an dréachtráiteas gréasáin. Tabharfaidh bainisteoirí bonneagair lánaird ar an struchtúr agus an sceideal sin agus ráiteas gréasáin á ullmhú acu. | 1. Ullmhóidh agus glacfaidh ENIM, ***faoi [12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** struchtúr comhchoiteann don ráiteas gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 27 de Threoir 2012/34/AE, a chuirfidh san áireamh an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo, agus sceideal comhchoiteann le haghaidh chomhairliúchán na bpáirtithe leasmhara maidir leis an dréachtráiteas gréasáin. Tabharfaidh bainisteoirí bonneagair lánaird ar an struchtúr agus an sceideal sin agus ráiteas gréasáin á ullmhú acu. |

**Leasú 217**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) feabhas a chur ar thrédhearcacht na bainistithe toillte agus tráchta iarnróid ar fud a gcéimeanna uile; | (b) feabhas a chur ar thrédhearcacht na bainistithe toillte agus tráchta iarnróid ar fud a gcéimeanna uile, ***lena n-áirítear réitigh dhigiteacha agus fíor-ama a fhorbrófar de réir a chéile leis na geallsealbhóirí ábhartha***; |

**Leasú 218**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 – mír 2 – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás inarb infheidhme, comhlíonfaidh na huirlisí digiteacha agus na seirbhísí digiteacha TAF/TAP TSI agus RINF, dá dtagraítear in Airteagal 49 de Threoir AE 2016/797, chun idir-inoibritheacht na gcóras ábhartha a áirithiú.*** |

**Leasú 219**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Áiritheoidh na bainisteoirí bonneagair go gcomhlíonfaidh na huirlisí digiteacha agus na seirbhísí digiteacha ceanglais an phróisis pleanála agus leithdháilte toillte a leagtar amach i Roinn 3 den Rialachán seo. Chun na feabhsuithe a léirítear i mír 2, pointe (a) den Airteagal seo a bhaint amach, úsáidfidh na bainisteoirí bonneagair freisin uirlis chun srianta sealadacha toillte a dhigitiú agus léiriú digiteach a dhéanamh ar na traenacha a bhíonn ag gluaiseacht ar an ngréasán iarnróid Eorpach.*** |

**Leasú 220**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás inar gá na huirlisí digiteacha nó ***na*** seirbhísí digiteacha is gá chun tacú le próisis bainistithe toillte nó bainistithe tráchta a chumhdach le sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht, nó i gcás inar gá sonraíochtaí atá ann cheana a chumhdaíonn nó a chumhdaíonn go páirteach na huirlisí sin, mar a dhéantar foráil dóibh le Treoir (AE) 2016/797 agus na gníomhartha cur chun feidhme a glacadh faoin Treoir sin, a leasú, cuirfidh ENIM agus bainisteoirí bonneagair le forbairt agus cothabháil sonraíochtaí den sórt sin i gcomhar leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa agus tríd an bpróiseas dá dtagraítear in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2016/797. | 3. I gcás inar gá na huirlisí digiteacha nó na seirbhísí digiteacha is gá chun tacú le próisis bainistithe toillte nó bainistithe tráchta a chumhdach le sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht, nó i gcás inar gá sonraíochtaí atá ann cheana a chumhdaíonn nó a chumhdaíonn go páirteach na huirlisí sin, mar a dhéantar foráil dóibh le Treoir (AE) 2016/797 agus na gníomhartha cur chun feidhme a glacadh faoin Treoir sin, a leasú, cuirfidh ENIM agus bainisteoirí bonneagair le forbairt agus cothabháil sonraíochtaí den sórt sin i gcomhar le ***ERA agus*** leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa agus tríd an bpróiseas dá dtagraítear in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2016/797. |

**Leasú 221**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Áiritheoidh bainisteoirí bonneagair go mbeidh na huirlisí digiteacha agus na seirbhísí digiteacha dá dtagraítear i mír 1 lánoibríochtúil i gcomhréir leis na hamlínte a leagtar amach sa Rialachán seo: Cuirfear chun feidhme na córais dhigiteacha Eorpacha maidir le toilleadh iarnróid agus bainistiú tráchta seo a leanas:***<br><br>***(a) córas digiteach Eorpach le haghaidh na bpróiseas bainistithe toillte a leagtar amach i gCaibidil II den Rialachán seo, ina mbeidh:*** |

*(i) léiriú digiteach na samhlacha toillte dá dtagraítear in Airteagal 17 faoin 1 Iúil 2025 ('an uirlis Eorpach um bainistiú toillte') a bheidh le húsáid ón tréimhse ama 2027;*

*(ii) uirlis chun iarrataí bliantúla ilghréasáin maidir le toilleadh a chur isteach agus chun freagraí a fháil in aon áit amháin agus in aon oibríocht amháin faoin 1 Eanáir 2026 (= 'córas um chomhordú conairí') a bheidh le húsáid ón tréimhse ama 2027;*

*(iii) léiriú digiteach den phlean um thoilleadh a sholáthar i bhfíor-am dá dtagraítear in Airteagail 9 agus 18 faoin 1 Nollaig 2028 ('an uirlis Eorpach um bainistiú toillte') a bheidh le húsáid ó thréimhse an tráthchláir 2030;*

*(iv) léiriú digiteach agus uirlis chun comhordú a dhéanamh ar na srianta ar thoilleadh shealadach dá dtagraítear in Airteagal 10 faoin 1 Nollaig 2027 ('uirlis um shrianta sealadacha ar thoilleadh') a bheidh le húsáid ó thréimhe an tráthchláir 2029;*

*(v) bróicéir toillte chun toilleadh ilghréasáin a iarraidh de réir na bpróiseas a thuairiscítear in Airteagail 32 go 34 faoin 1 Eanáir 2029 ('bróicéir toillte') a bheidh le húsáid ó thréimhse an tráthchláir 2030;*

*(b) córas digiteach Eorpach atá mar thacaíocht ar choincheap an ghréasáin Eorpaigh um bainistiú tráchta, le haghaidh na bpróiseas bainistithe tráchta a leagtar amach i gCaibidil III den Rialachán seo ('Córas faisnéise traenach'), lena ndéantar foráil maidir le*

*(i) forbhreathnú uile-Eorpach ar thurais traenacha ilghréasáin ó thús go ceann scríbe amhail ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin;*

*(ii) malartú rialta faisnéise maidir leis an am teachta measta faoi mhí na*

| | |
|---|---|
| | ***Nollag 2027;*** |
| | ***(iii) teagmhais a thuairisciú don chóras coiteann seo nó tríd an gcóras comhchoiteann sin faoi mhí na Nollag 2030;*** |
| | ***(iv) ardán coiteann le haghaidh cumarsáide agus comhair idir na lárionaid náisiúnta rialaithe tráchta faoi mhí na Nollag 2030.*** |
| | ***Soláthróidh ERA, i gcomhar le ENIM agus leis an gcomhordaitheoir gréasáin, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2016/796, faoin... [12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], moladh don Choimisiún, ina leagtar amach uirlisí maidir le cur chun feidhme agus rialachas an chórais dhigitigh Eorpaigh maidir le toilleadh iarnróid agus bainistiú tráchta. Cuirfear san áireamh sa mholadh na huirlisí atá i bhfeidhm cheana féin nó atá á bhforbairt, chomh maith le hinfheistíochtaí a rinneadh, agus na huirlisí agus na hamlínte dá bhforáiltear sa mhír seo. Bunaithe ar an moladh sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 71 chun na huirlisí sin a leagan amach i ndáil le cur chun feidhme agus rialachas an chórais dhigitigh Eorpaigh maidir le toilleadh iarnróid agus bainistiú tráchta agus chun cúraimí Chomhghnóthas Iarnróid na hEorpa, ERA, bainisteoirí bonneagair, ENIM, ENRRB agus an Chomhordaitheora Gréasáin a shainaithint sa phróiseas sin.*** |

**Leasú 222**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 – mír 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 b. Comhordóidh ERA na cúraimí sin.*** <br> ***Is é an Comhordaitheoir Gréasáin a oibreoidh uirlisí lárnacha na gcóras digiteach Eorpach maidir le toilleadh agus bainistiú tráchta.*** <br> ***Áiritheoidh ERA go gcomhlíonfaidh na córais dhigiteacha arna bhforbairt ag an earnáil leis na caighdeáin theicniúla don idir-inoibritheacht.*** |

**Leasú 223**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 – mír 5 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 c. Tacóidh an Coimisiún agus na Ballstáit le maoiniú na ngníomhaíochtaí a leagtar amach san Airteagal seo, lena n-áirítear ó SCE, chun cur chun feidhme tráthúil, comhchuibhithe trasteorann agus idir-inoibritheach na n-uirlisí agus na seirbhísí digiteacha a áirithiú.*** |

**Leasú 224**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 63 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Feidhmeofar freisin na feidhmeanna agus na cumhachtaí a leagtar síos in | 1. Feidhmeofar freisin na feidhmeanna agus na cumhachtaí a leagtar síos in |

| | |
|---|---|
| Airteagal 56 de Threoir 2012/34/AE maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Go háirithe, déanfaidh an comhlacht rialála faireachán ar ghníomhaíochtaí bainisteoirí bonneagair mar a leagtar amach i gCaibidlí II go V agus fíoróidh sé comhlíontacht leis an Rialachán seo ar a thionscnamh féin agus d'fhonn idirdhealú in aghaidh iarratasóirí a chosc. | Airteagal 56 de Threoir 2012/34/AE maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Go háirithe, déanfaidh an comhlacht rialála faireachán ar ghníomhaíochtaí na mbainisteoirí bonneagair ***agus an comhordaitheora gréasáin Eorpaigh*** mar a leagtar amach i gCaibidlí II go V ***den Rialachán seo*** agus fíoróidh sé comhlíontacht leis an Rialachán seo ar a thionscnamh féin agus d'fhonn idirdhealú in aghaidh iarratasóirí a chosc. |

**Leasú 225**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 63 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Beidh an comhlacht rialála rannpháirteach i bpleanáil straitéiseach toillte dá bhforáiltear i Roinn II den Rialachán seo, agus déanfaidh sé maoirseacht uirthi. Déanfaidh an comhlacht rialála meastóireacht freisin ar chomhréireacht, neamh-idirdhealú agus trédhearcacht. Féadfaidh an comhlacht rialála tuairimí a eisiúint agus a chomhroinnt le bainisteoirí bonneagair, le ENIM agus le ERP. Cuirfidh na bainisteoirí bonneagair san áireamh na tograí ó chomhlachtaí rialála maidir le pleanáil straitéiseach toillte a fhorbairt.*** |

**Leasú 226**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 63 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh an ceart ag gnóthas iarnróid, ag ***an*** iarratasóir, ag iarratasóir ionchasach, ag údarás náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil atá freagrach as iompar chun achomharc a dhéanamh chuig an gcomhlacht rialála i gcomhréir le hAirteagal 56 de Threoir 2012/34/AE má chreideann sé gur caitheadh go héagothrom leo, go ndearnadh idirdhealú ina n-aghaidh nó go ndearna an bainisteoir bonneagair éagóir ar aon bhealach eile dóibh agus é ag déanamh na gníomhaíochtaí a leagtar amach i gCaibidlí II, III, IV agus V den Rialachán sin ***(Bainistiú bonneagair; Bainistiú tráchta agus géarchéime; Athbhreithniú agus bainistiú feidhmíochta; Gréasán Eorpach le haghaidh comhordaithe).*** | 2. Beidh an ceart ag gnóthas iarnróid, ag iarratasóir ***eile***, ag iarratasóir ionchasach, ag údarás náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil atá freagrach as iompar chun achomharc a dhéanamh chuig an gcomhlacht rialála i gcomhréir le hAirteagal 56 de Threoir 2012/34/AE má chreideann sé gur caitheadh go héagothrom leo, go ndearnadh idirdhealú ina n-aghaidh nó go ndearna an bainisteoir bonneagair éagóir ar aon bhealach eile dóibh agus é ag déanamh na gníomhaíochtaí a leagtar amach i gCaibidlí II, III, IV agus V den Rialachán sin. |

**Leasú 227**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 64 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun críoch a bhfreagrachtaí faoin Rialachán sin a chomhlíonadh, rachaidh na comhlachtaí rialála i gcomhar faoi chuimsiú ENRRB dá dtagraítear in Airteagal 57(1) de Threoir 2012/34/AE, lena n-áirítear trí comhairliúcháin agus imscrúduithe comhpháirteacha, trí thuairimí nó moltaí a ghlacadh nó trí ghníomhaíochtaí ábhartha eile. Soláthróidh comhlachtaí rialála an fhaisnéis uile is gá do ENRRB. | Chun críoch a bhfreagrachtaí faoin Rialachán sin a chomhlíonadh, rachaidh na comhlachtaí rialála i gcomhar faoi chuimsiú ENRRB dá dtagraítear in Airteagal 57(1) de Threoir 2012/34/AE, lena n-áirítear trí comhairliúcháin agus imscrúduithe comhpháirteacha, trí thuairimí nó moltaí a ghlacadh nó trí ghníomhaíochtaí ábhartha eile. Soláthróidh na comhlachtaí rialála an fhaisnéis uile is gá do ENRRB ***agus cuirfidh siad na tuairimí agus na moltaí arna*** |

***nglacadh ag ENRRB san áireamh***.

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 64 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcás ina nglacann comhlacht rialála cinneadh, a imíonn ó aon tuairim nó moladh ábhartha ENRRB nó i gcás ina ndiúltaíonn sé cinneadh a ghlacadh, soláthróidh sé chuig ENRRB míniú lena leagtar amach na difríochtaí agus a réasúnú nach leanann sé tuairimí nó moltaí ENRRB. | 5. I gcás ina nglacann comhlacht rialála cinneadh, a imíonn ó aon tuairim nó moladh ábhartha ENRRB nó i gcás ina ndiúltaíonn sé cinneadh a ghlacadh, soláthróidh sé chuig ENRRB míniú lena leagtar amach na difríochtaí agus a réasúnú nach leanann sé tuairimí nó moltaí ENRRB ***agus áireoidh sé an míniú ábhartha sa chinneadh uaidh***. |

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 64 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8 a. Áiritheoidh ENRRB go ndéanfar a struchtúr, a mhodhanna oibríochta agus an fhaisnéis ábhartha uile faoina chuid oibre, lena n-áirítear tuairimí agus moltaí, a chur ar fáil go poiblí ar a shuíomh gréasáin. Áireofar ann sonraí teagmhála na meithleacha.*** |

**Leasú 230**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 65 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Sula nglacfar creataí Eorpacha le haghaidh bainistiú toillte, bainistiú tráchta agus athbhreithniú ar fheidhmíocht, déanfaidh ENRRB measúnú orthu chomh maith leis an ráiteas gréasáin ar struchtúr coiteann agus eiseoidh sé agus roinnfidh sé tuairim le comhlachtaí rialála náisiúnta trína bhféadfaidh gníomhú i gcomhréir le hAirteagal 56 de Threoir 2012/34/AE. Féadfaidh ENRRB measúnú a dhéanamh ar chinntí uile ENIM agus tuairimí a eisiúint agus a chomhroinnt le ENIM, le comhlachtaí rialála, le ERP agus le bainisteoirí bonneagair.*** |

**Leasú 231**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 65 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Bunaithe ar iarrataí ag iarratasóirí, bainisteoirí bonneagair, agus páirtithe leasmhara eile, soláthróidh ENRRB tuairimí nó moltaí maidir le cinntí ar feitheamh nó a glacadh maidir le gearáin a cuireadh faoi bhráid na gcomhlachtaí rialála iarnróid.*** | 3. ***Scriosta*** |

**Leasú 232**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 65 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Déanfaidh ENRRB moltaí a sholáthar do ENIM maidir leis an gcreat Eorpach um athbhreithniú feidhmíochta a bhunú agus a athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 50, lena n-áirítear maidir le réimsí feidhmíochta, saincheisteanna feidhmíochta a dtabharfar aghaidh orthu faoi gach ceann de na réimsí feidhmíochta, comhchuibhiú modheolaíochtaí, próiseas, critéar agus sainmhínithe chun anailís a dhéanamh ar shonraí a bhaineann le táscairí feidhmíochta agus feidhmíochta chun iad a bhailiú;*** |

**Leasú 233**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 65 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6 a. Déanfaidh ENRRB measúnú ar na creataí Eorpacha le haghaidh bainistiú toillte, bainistiú tráchta agus athbhreithniú ar fheidhmíocht chomh maith leis an ráiteas gréasáin ar struchtúr coiteann agus eiseoidh sé tuairim. Tabharfaidh na comhlachtaí rialála lánaird ar thuairim ENRRB maidir le ráitis ghréasáin a sheiceáil.*** |

**Leasú 234**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 66 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Áiritheoidh ENRRB go ndéanfar a mhodhanna oibríochta agus an fhaisnéis ábhartha uile faoina chuid oibre a chur ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin coiteann. Áireofar ann sonraí teagmhála le haghaidh gearán, faisnéis teagmhála le haghaidh meithleacha tiomnaithe, agus faisnéis faoi nósanna imeachta.*** |

**Leasú 235**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 66 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Foilseoidh ENRRB a thuairimí agus a mholtaí ar shuíomh gréasáin tiomnaithe.*** |

**Leasú 236**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 67 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh an Bord Comhlachtaí Rialála comhdhéanta de chomhalta amháin ag a bhfuil cearta vótála ó gach Ballstát a bhfuil gréasán iarnróid in úsáid aige agus comhalta amháin a cheapfaidh an Coimisiún. | 1. Beidh an Bord Comhlachtaí Rialála comhdhéanta de chomhalta amháin ag a bhfuil cearta vótála ó gach Ballstát a bhfuil gréasán iarnróid in úsáid aige agus comhalta amháin a cheapfaidh an Coimisiún. ***Beidh ERA ina bhreathnóir gan*** |

***aon chearta vótála.***

**Leasú 237**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 68 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) tuairimí agus moltaí a ghlacadh maidir le cinntí arna ndéanamh ag ENIM i gcomhar leis an gcomhordaitheoir gréasáin laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo*** |

**Leasú 238**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 68 – mír 2 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a b) tar éis gearán a fháil ó ghnóthais iarnróid, ó oibreoirí saoráidí seirbhíse agus ó pháirtithe leasmhara eile, moltaí agus tuairimí ENRRB a ghlacadh i ndáil leis na comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 55 a, chomh maith leis na cinntí a dhéanfaidh ENIM i gcomhar leis an gcomhordaitheoir gréasáin.*** |

**Leasú 239**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 68 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) moladh do ENIM a dhréachtú agus a ghlacadh maidir leis an gcreat Eorpach um athbhreithniú ar fheidhmíocht a bhunú agus a athbhreithniú.*** |

**Leasú 240**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 69 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Tiocfaidh an Bord le chéile go tráthrialta. Toghfaidh sé Cathaoirleach as measc a chomhaltaí ag a bhfuil tromlach dhá thrian dá chomhaltaí agus fónfaidh sé do théarma bliana.*** |

**Leasú 241**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 69 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is é an Coimisiún a bheidh ina ***chathaoirleach*** ar chruinnithe an Bhoird. Ní bheidh aon chearta vótála aige. | 2. ***Freastalóidh an Coimisiún ar chruinnithe an Bhoird, tacóidh sé leis an gcomhordú agus éascóidh sé an comhordú sin***. Ní bheidh aon chearta vótála aige. |

**Leasú 242**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 70 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh saineolaithe ó chomhlachtaí rialála iarnróid, an Coimisiún, ***geallsealbhóirí oibríochtúla*** agus, i gcás inarb ábhartha, comhlachtaí poiblí nó príobháideacha páirt a ghlacadh sna meithleacha. | 3. Féadfaidh, ***ar chuireadh***, saineolaithe ó chomhlachtaí rialála iarnróid, ón gCoimisiún, ó ***ERA***, agus, i gcás inarb ábhartha, ó ***gheallsealbhóirí oibríochtúla agus ó*** chomhlachtaí poiblí nó príobháideacha eile páirt a ghlacadh sna meithleacha. |

**Leasú 243**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 70 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. De réir an cháis, féadfaidh an Bord nó cathaoirligh na meithleacha cuireadh a thabhairt do shaineolaithe aonair, atá aitheanta mar shaineolaithe atá inniúil sa réimse ábhartha, páirt a ghlacadh i gcruinnithe na meithleacha, más gá sin. | 5. De réir an cháis, féadfaidh an Bord nó Cathaoirligh na meithleacha cuireadh a thabhairt do ***shaineolaithe ó chomhlachtaí rialála iarnróid, ón gCoimisiún, ó ERA, ó gheallsealbhóirí oibríochtúla agus, i gcás inarb ábhartha, ó chomhlachtaí poiblí nó príobháideacha eile chomh maith le*** saineolaithe aonair atá aitheanta mar shaineolaithe atá inniúil sa réimse ábhartha, páirt a ghlacadh i gcruinnithe na meithleacha, más gá sin |

**Leasú 244**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 71 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 10(8), Airteagal 11(2), Airteagal 21(9), Airteagal 38(3), Airteagal ***39(9)***, Airteagal 46(6), Airteagal 48(3) ***agus*** Airteagal 53(5) don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ó [1 Eanáir 2026]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal 6(4a), Airteagal 8(7), Airteagal*** 10(8), Airteagal 11(2) ***agus (4a), Airteagal 12(9a), Airteagal 18(10a), Airteagal 19(5), Airteagal 20(4a)***, Airteagal 21(9), Airteagal 38(3), Airteagal 3***9 (8a) agus (9), Airteagal 40(7), Airteagal 41 (3), Airteagal 44(3a)***, Airteagal 46(6), Airteagal 48(3), ***Airteagal 52 (1),*** Airteagal 53(5) ***agus Airteagal 62(5a),*** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón [1 Eanáir 2026]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. |

**Leasú 245**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 74 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) scriostar pointí (20), (22), (23), (27) agus (28); | (c) ***In Airteagal 3,*** scriostar pointí (20), (22), (23), (27) agus (28); |

**Leasú 246**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 74 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 74a*** |
| | ***Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/796*** |
| | ***1. Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2016/796 mar a leanas:*** |
| | ***a) In Airteagal 19(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:*** |
| | ***(m) moltaí don Choimisiún a eisiúint, arna iarraidh sin, maidir leis na gníomhartha cur chun feidhme agus gníomhartha tarmligthe a dhréachtú agus a nuashonrú dá bhforáiltear i Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (AE) .../...[Rialachán maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena leasaítear Treoir 2012/34/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010].*** |

**Leasú 247**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 74 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 74b*** |
| | ***Leasuithe ar Threoir (AE) 2016/797*** |
| | ***1. Leasaítear Treoir (AE) 2016/797 mar a leanas:*** |
| | ***(a) I bpointe 2 d'Iarscríbhinn II, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:*** |
| | ***2.9 Toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid: na struchtúir, comhlachtaí agus nósanna*** |

| | |
|---|---|
| | ***imeachta dá dtagraítear i Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán seo]*** |

**Leasú 248**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 75 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh feidhm fós ag creat-chomhaontuithe a thabharfar i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 42 de Threoir 2012/34/AE go dtí a ndáta as feidhm. | 1. Beidh feidhm fós ag creat-chomhaontuithe a thabharfar i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 42 de Threoir 2012/34/AE ***roimh an 1 Eanáir 2026*** go dtí a ndáta as feidhm. |

**Leasú 249**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 77 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Ní bheidh feidhm ag Airteagail 1, 2 agus 3, Caibidil II, cé is moite d'Airteagal 9(1) agus (2) agus ***Airteagal 27(4)***, agus Caibidil III, cé is moite d'Airteagal 48, den Rialachán seo ach maidir le gníomhaíochtaí agus cúraimí a dhéantar i ndáil leis na tráthchláir oibre a thiocfaidh i bhfeidhm tar éis [8 Nollaig ***2029***]; | (a) Ní bheidh feidhm ag Airteagail 1, 2 agus 3, Caibidil II, cé is moite d'Airteagal 9(1) agus (2) agus ***Airteagail 26, 27, 28, 31, 39 agus 50***, agus Caibidil III, cé is moite d'Airteagal 48, den Rialachán sin ach maidir le gníomhaíochtaí agus cúraimí a dhéantar i ndáil leis na tráthchláir oibre a thiocfaidh i bhfeidhm tar éis an 8 Nollaig ***2027***; |

**Leasú 250**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 77 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Beidh feidhm ag Airteagal 9(1) agus (2) ón [1 Eanáir ***2028***]; | (b) Beidh feidhm ag Airteagal 9(1) agus (2) ón 1 Eanáir ***2027***; |

**Leasú 251**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 77 – mír 2 – fomhír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) Beidh feidhm ag Airteagal 35 ón 1 Nollaig 2028;*** |

**Leasú 252**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 77 – mír 2 – fomhír 1 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c b) Beidh feidhm ag Airteagal 40 ón 1 Nollaig 2027;*** |

**Leasú 253**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 77 – mír 2 – fomhír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) Beidh feidhm ag Airteagal 74 ón [9 Nollaig ***2029***]. | (e) Beidh feidhm ag Airteagal 74 ón 9 Nollaig ***2027***. |

**Leasú 254**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 1 – tábla**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| Táirge insoláthartha | Clár |
|---|---|
| Straitéis um thoilleadh<br><br>(Airteagal 16) | – Forbairt phleanáilte bhonneagair fhisiciúil, lena n-áirítear tógáil nua, uasghráduithe, athnuachaintí agus dúnadh/díchoimisiúnú;<br><br>– Forbairt tuartha an éilimh ar sheirbhísí iompair iarnróid;<br><br>– Treoraíocht straitéiseach maidir le húsáid an toillte ag na Ballstáit, lena n-áirítear ionchas maidir le héabhlóid na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí;<br><br>– An toilleadh a leithdháiltear i gcreat-chomhaontuithe agus an toilleadh a cheanglaítear chun seirbhísí iompair a sholáthar faoi chonarthaí seirbhíse poiblí;<br><br>– Bonneagar a dhearbhaítear mar bhonneagar ardúsáide nó plódaithe;<br><br>– Srianta móra ar an toilleadh de thoradh oibreacha bonneagair. |
| Samhail maidir le toilleadh<br><br>(Airteagal 17) | – An fhaisnéis uile a áirítear sa straitéis um thoilleadh, agus atá tugtha cothrom le dáta in éineacht le mionsonraí breise i gcás inarb ábhartha<br><br>– Méid an toillte a bhíonn ar fáil d'iarratasóirí de réir dheighleog mhargaidh an iompair iarnróid agus/nó de réir |

| | |
|---|---|
| | próiseas leithdháilte<br><br>– Méid an toillte a éilítear le haghaidh oibreacha bonneagair de réir an tionchair ar an trácht (catagóirí)<br><br>– Raon feidhme geografach: na línte a áirítear i ***gcroíghréasán*** agus i gcroíghréasán leathnaithe ***an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair*** ar a laghad<br><br>– Mionsonraí geografacha: miondealú i ranna pleanála iomchuí lena léirítear saintréithe bonneagair agus éilimh<br><br>– Raon feidhme ama: tréimhse bhailíochta tráthchláir oibre amháin<br><br>– Mionsonraí ama: forbhreathnú bliantúil ar a laghad (srianta ar an toilleadh) agus lá ionadaíoch amháin nó níos mó laethanta ionadaíocha (an toilleadh a bhíonn ar fáil le haghaidh iarrataí) |
| Plean um thoilleadh a sholáthar<br><br>(Airteagal 18) | – An fhaisnéis uile a áirítear sa tsamhail maidir leis an toilleadh, agus atá tugtha cothrom le dáta in éineacht le mionsonraí breise i gcás inarb ábhartha<br><br>– An toilleadh réamhphleanáilte a bhíonn ar fáil le haghaidh iarrataí, arna shainiú i bhfoirm chuspóirí maidir leis an toilleadh<br><br>– Srianta ar an toilleadh, arna sainiú i bhfoirm cuspóirí maidir leis an toilleadh<br><br>– An toilleadh malartach a bhíonn ar fáil le linn srianta ar an toilleadh<br><br>– An toilleadh malartach a bhíonn ar fáil i gcás suaití gréasáin |

*Leasú*

| **Táirge insoláthartha** | **Clár** |
|---|---|
| Straitéis um thoilleadh<br><br>(Airteagal 16) | – Forbairt phleanáilte bhonneagair fhisiciúil, lena n-áirítear tógáil nua, uasghráduithe, athnuachaintí agus dúnadh/díchoimisiúnú;<br><br>– Forbairt tuartha an éilimh ar sheirbhísí iompair iarnróid;<br><br>– Treoraíocht straitéiseach maidir le húsáid an toillte ag na Ballstáit, lena n-áirítear ionchas maidir le héabhlóid na n- |

| | |
|---|---|
| | oibleagáidí seirbhíse poiblí;<br><br>– An toilleadh a leithdháiltear i gcreat-chomhaontuithe agus an toilleadh a cheanglaítear chun seirbhísí iompair a sholáthar faoi chonarthaí seirbhíse poiblí;<br><br>– Bonneagar a dhearbhaítear mar bhonneagar ardúsáide nó plódaithe;<br><br>– Srianta móra ar an toilleadh de thoradh oibreacha bonneagair. |
| Samhail maidir le toilleadh<br><br>(Airteagal 17) | – An fhaisnéis uile a áirítear sa straitéis um thoilleadh, agus atá tugtha cothrom le dáta in éineacht le mionsonraí breise i gcás inarb ábhartha<br><br>– Méid an toillte atá ar fáil d'iarratasóirí de réir dheighleog mhargadh an iompair iarnróid agus/nó de réir an phróisis leithdháilte, ***lena n-áirítear toilleadh a choimirciú le haghaidh iarrataí níos déanaí agus toilleadh arna sannadh ag Creat-Chomhaontuithe***<br><br>– Méid an toillte a éilítear le haghaidh oibreacha bonneagair de réir an tionchair ar an trácht (catagóirí)<br><br>– Raon feidhme geografach: ar a laghad na línte a áirítear i gcroíghréasán agus i gcroíghréasán sínte TEN-T<br><br>– Mionsonraí geografacha: miondealú i ranna pleanála iomchuí lena léirítear saintréithe bonneagair agus éilimh<br><br>– Raon feidhme ama: tréimhse bhailíochta tráthchláir oibre amháin<br><br>– Mionsonraí ama: forbhreathnú bliantúil ar a laghad (srianta ar an toilleadh) agus lá ionadaíoch amháin nó níos mó laethanta ionadaíocha (an toilleadh a bhíonn ar fáil le haghaidh iarrataí) |
| Plean um thoilleadh a sholáthar<br><br>(Airteagal 18) | – An fhaisnéis uile a áirítear sa tsamhail maidir leis an toilleadh, agus atá tugtha cothrom le dáta in éineacht le mionsonraí breise i gcás inarb ábhartha<br><br>– An toilleadh réamhphleanáilte a bhíonn ar fáil le haghaidh iarrataí, arna shainiú i bhfoirm chuspóirí maidir leis an toilleadh<br><br>– Srianta ar an toilleadh, arna sainiú i bhfoirm cuspóirí maidir leis an toilleadh<br><br>– An toilleadh malartach a bhíonn ar fáil le linn srianta ar an toilleadh |

| | | |
|---|---|---|
| | – | An toilleadh malartach a bhíonn ar fáil i gcás suaití gréasáin |

**Leasú 255**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 2 – pointe 1 – mír 3 – tábla**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| Táirge insoláthartha | Cloch mhíle | Sprioc-am (ar a dhéanaí) |
|---|---|---|
| Straitéis um thoilleadh (Airteagal 16) | ***Foilsiú na chéad eilimintí den straitéis um thoilleadh*** | X–60 |
| | An chéad chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara | X–58 |
| | Foilsiú na dréachtstraitéise agus an dara comhairliúcháin le páirtithe leasmhara | ***X–38*** |
| | Foilsiú na straitéise críochnaithí um thoilleadh tar éis an chomhordaithe chríochnaithigh idir bainisteoirí bonneagair | X–36 |
| Samhail maidir le toilleadh (Airteagal 17) | Tús an ullmhúcháin | X–36 |
| | Comhairliúchán le hiarratasóirí agus le páirtithe leasmhara oibríochtúla | X–24 |
| | Foilsiú na dréacht-samhla um thoilleadh | X–21 |
| | Comhordú le hiarratasóirí agus le páirtithe leasmhara oibríochtúla | X–19 |

| | | |
|---|---|---|
| | Foilsiú na samhla críochnaithí maidir leis an toilleadh tar éis an chomhordaithe chríochnaithigh idir bainisteoirí bonneagair | X–18 |
| Plean um thoilleadh a sholáthar<br><br>(Airteagal 18) | Tús an ullmhúcháin | X–18 |
| | Comhairliúchán le hiarratasóirí agus le páirtithe leasmhara oibríochtúla | X–14 |
| | Foilsiú na srianta ar an toilleadh dá dtagraítear i bpointe (1) de roinn (3) den Iarscríbhinn seo | X–12 |
| | Foilsiú an phlean chríochnaithigh um thoilleadh a sholáthar tar éis an chomhordaithe chríochnaithigh idir bainisteoirí bonneagair | X–11 |
| | Foilsiú na srianta ar an toilleadh dá dtagraítear i bpointe (5) de roinn (3) den Iarscríbhinn seo | X–4 |
| | Athrú chuspóir an toillte arna fhorchoimeád lena leithdháileadh tríd an tráthchlár oibre le haghaidh próisis leithdháilte eile | X–2 |
| | Nuashonrú an phlean um thoilleadh a sholáthar chun aon athrú ar an toilleadh réamhphleanáilte nó leithdháilte a léiriú Go dtí X+12 gan mhoill | Go dtí X+12 gan mhoill: |
| Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:<br><br>(1) ciallaíonn 'X–m' na míonna 'm' roimh dhul i bhfeidhm an tráthchláir oibre ('X'), i gcomhréir le roinn 4. | | |

*Leasú*

| Táirge insoláthartha | Cloch mhíle | Sprioc-am |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| | | (ar a dhéanaí) |
| Straitéis um thoilleadh (Airteagal 16) | ***Céim mionsaothraithe na straitéise um thoilleadh*** | X–60 |
| | An chéad chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara | X–58 |
| | Foilsiú na dréachtstraitéise agus an dara comhairliúcháin le páirtithe leasmhara | ***X– 48*** |
| | Foilsiú na straitéise críochnaithí um thoilleadh tar éis an chomhordaithe chríochnaithigh idir bainisteoirí bonneagair | X–36 |
| | ***Foilsiú na samhla um thoilleadh*** | ***X-18*** |
| | ***Foilsiú an phlean chríochnaithigh um thoilleadh a sholáthar tar éis comhairliúcháin idir bainisteoirí bonneagair agus ERP*** | ***X - 11*** |
| Samhail maidir le toilleadh<br><br>(Airteagal 17) | Tús an ullmhúcháin | X–36 |
| | Comhairliúchán le hiarratasóirí agus le páirtithe leasmhara oibríochtúla | X–24 |
| | ***Comhordú idir bainisteoirí bonneagair agus rannpháirtithe oibríochta agus measúnuithe féidearthachta maidir le riachtanais toillte arna gcur ar fáil, ar riachtanais iad a d'fhéadfadh sé nach ndéanfaí iad a mheas go hiomlán sa dréacht-samhail um thoilleadh*** | ***X-22*** |

| | | |
|---|---|---|
| | Dréacht-samhail um thoilleadh a fhoilsiú ***agus tús an dara comhairliúchán leis na hiarratasóirí agus le rannpháirtithe na hoibríochta*** | X–21 |
| | Comhordú le hiarratasóirí agus le páirtithe leasmhara oibríochtúla | X–19 |
| | Foilsiú na samhla críochnaithí maidir leis an toilleadh tar éis an chomhordaithe chríochnaithigh idir bainisteoirí bonneagair | X–18 |
| Plean um thoilleadh a sholáthar<br>(Airteagal 18) | Tús an ullmhúcháin | X–18 |
| | Comhairliúchán le hiarratasóirí agus le páirtithe leasmhara oibríochtúla | X–14 |
| | ***Déanfaidh an comhlacht rialála anailís ar an dréachtphlean um thoilleadh a sholáthar agus féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh lena gceanglófar ar an mbainisteoir bonneagair an plean um thoilleadh a sholáthar a leasú.*** | ***X-14 go X-13*** |
| | Foilsiú na srianta ar an toilleadh dá dtagraítear i bpointe (1) de roinn (3) den Iarscríbhinn seo | X–12 |
| | Foilsiú an phlean chríochnaithigh um thoilleadh a sholáthar tar éis an chomhordaithe chríochnaithigh idir bainisteoirí bonneagair | X–11 |
| | ***Nuashonrú an phlean um thoilleadh a sholáthar le haghaidh iarrataí déanacha*** | ***X-6,5*** |
| | Foilsiú na srianta ar an toilleadh dá dtagraítear i bpointe (5) de roinn (3) den Iarscríbhinn seo | X–4 |

| | | |
|---|---|---|
| | Athrú chuspóir an toillte arna fhorchoimeád lena leithdháileadh tríd an tráthchlár oibre le haghaidh próisis leithdháilte eile | X–2 |
| | Nuashonrú an phlean um thoilleadh a sholáthar chun aon athrú ar an toilleadh réamhphleanáilte nó leithdháilte a léiriú Go dtí X+12 gan mhoill | Go dtí X+12 gan mhoill |
| Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:<br><br>(1) ciallaíonn 'X–m' na míonna 'm' roimh dhul i bhfeidhm an tráthchláir oibre ('X'), i gcomhréir le roinn 4. | | |

**Leasú 256**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – roinn 3 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. A mhéid a bhaineann le srianta sealadacha ar thoilleadh na línte iarnróid, ar chúiseanna amhail oibreacha bonneagair, lena n-áirítear srianta luais, ualach ar acastóir, fad traenach, fórsa tarraingthe, nó imchlúdach struchtúir ('srianta ar an toilleadh') atá bainteach, ar feadh ré is faide ná 7 lá as a chéile agus dá ndéantar breis agus 30 % den mhéid tráchta measta ar líne iarnróid in aghaidh an lae a chur ar ceal, a athródú, nó móid iompair eile a chur ina ionad lena linn, foilseoidh na bainisteoirí bonneagair lena mbaineann na srianta uile ar an toilleadh agus na torthaí tosaigh uile de chomhairliúchán leis na hiarratasóirí den chéad uair 24 mhí ar a laghad agus, i bhfoirm nuashonraithe, den dara huair 12 mhí ar a laghad roimh an athrú ar an tráthchlár oibre lena mbaineann. Áireofar | 1. A mhéid a bhaineann le srianta sealadacha ar thoilleadh na línte iarnróid, ar chúiseanna amhail oibreacha bonneagair, lena n-áirítear srianta luais, ualach ar acastóir, fad traenach, fórsa tarraingthe, nó imchlúdach struchtúir ('srianta ar an toilleadh') atá bainteach, ar feadh ré is faide ná 7 lá as a chéile agus dá ndéantar breis agus 30 % den mhéid tráchta measta ar líne iarnróid in aghaidh an lae a chur ar ceal, a athródú, nó móid iompair eile a chur ina ionad lena linn, foilseoidh na bainisteoirí bonneagair lena mbaineann na srianta uile ar an toilleadh, ***a mhéid is eol dóibh,*** agus na torthaí tosaigh uile de chomhairliúchán leis na hiarratasóirí den chéad uair 24 mhí ar a laghad agus, i bhfoirm nuashonraithe, den dara huair 12 mhí ar a laghad roimh an athrú ar an tráthchlár oibre lena |

| | |
|---|---|
| na srianta bonneagair sin sa phlean um thoilleadh a sholáthar dá dtagraítear in Airteagal 18. | mbaineann. Áireofar na srianta bonneagair sin sa phlean um thoilleadh a sholáthar dá dtagraítear in Airteagal 18. |

**Leasú 257**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 3 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Gan dochar d'Airteagal 40, féadfaidh an bainisteoir bonneagair cinneadh a dhéanamh gan na tréimhsí a leagtar síos i bpointí (1) go (5) a chur i bhfeidhm, más gá an srian ar an toilleadh chun oibríochtaí traenach sábháilte a athbhunú, mura mbeidh uainiú na srianta faoi smacht an bhainisteora bonneagair, ***dá mbeadh cur i bhfeidhm na dtréimhsí sin neamhéifeachtach ó thaobh costais*** nó ina údar damáiste gan ghá i leith saolré ionchais nó bail sócmhainne, nó má chomhaontaíonn na hiarratasóirí uile lena mbaineann. Sna cásanna sin agus i gcás aon srian eile ar an toilleadh nach bhfuil faoi réir comhairliúcháin i gcomhréir le forálacha eile na hIarscríbhinne seo, rachaidh an bainisteoir bonneagair i gcomhairle leis na hiarratasóirí agus le príomhoibreoirí saoráidí seirbhíse lena mbaineann láithreach. | 7. Gan dochar d'Airteagal 40, féadfaidh an bainisteoir bonneagair cinneadh a dhéanamh gan na tréimhsí a leagtar síos i bpointí (1) go (5) a chur i bhfeidhm, más gá an srian ar an toilleadh chun oibríochtaí traenach sábháilte a athbhunú, mura mbeidh uainiú na srianta faoi smacht an bhainisteora bonneagair nó ina údar damáiste gan ghá i leith saolré ionchais nó bail sócmhainne, nó má chomhaontaíonn na hiarratasóirí uile lena mbaineann. Sna cásanna sin agus i gcás aon srian eile ar an toilleadh nach bhfuil faoi réir comhairliúcháin i gcomhréir le forálacha eile na hIarscríbhinne seo, rachaidh an bainisteoir bonneagair i gcomhairle leis na hiarratasóirí agus le príomhoibreoirí saoráidí seirbhíse lena mbaineann láithreach. |

**Leasú 258**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 4 – pointe 1 – tábla**

| | |
|---|---|
| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | |
| Garsprioc nó tréimhse | Sprioc-am nó ré(1) |

| | |
|---|---|
| Tréimhse bhailíochta an tráthchláir oibre ('tréimhse tráthchláir oibre') | Aon bhliain amháin |
| Teacht i bhfeidhm an tráthchláir oibre | Meán oíche an dara Sathairn i mí na Nollag |
| Foilsiú an phlean um thoilleadh a sholáthar | I gcomhréir le roinn 2 den Iarscríbhinn seo |
| Foilsiú na srianta ar an toilleadh de thoradh oibreacha bonneagair | I gcomhréir le ranna 2 agus 3 den Iarscríbhinn seo |
| Sprioc-am d'iarratasóirí chun iarrataí ar chearta toillte a chur isteach | X–8.5 |
| Ullmhú dréacht-tráthchláir oibre<br><br>Sprioc-am don bhainisteoir (do bhainisteoirí) bonneagair chun dréacht-tairiscint an toillte a chur faoi bhráid iarratasóirí | X–6.5 |
| Tabhairt chun críche an chomhordaithe le hiarratasóirí | X–6 |
| Sprioc-am don bhainisteoir (do bhainisteoirí) bonneagair chun tairiscint chríochnaitheach an toillte a chur faoi bhráid iarratasóirí | X–5.5 |
| Foilsiú tráthchláir oibre chríochnaithigh<br><br>Sprioc-am don bhainisteoir bonneagair chun cearta toillte a leithdháileadh ar iarratasóirí | X–5.25 |
| Tiontú na sonraíochtaí toillte i gconairí traenach | Le sonrú sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in |

| | |
|---|---|
| | Airteagal 6 |
| Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:<br><br>(1) ciallaíonn 'X–m' na míonna 'm' roimh dhul i bhfeidhm an tráthchláir oibre ('X) | |
| | |
| *Leasú* | |
| Garsprioc nó tréimhse | Sprioc-am nó ré(1) |
| Tréimhse bhailíochta an tráthchláir oibre ('tréimhse tráthchláir oibre') | Aon bhliain amháin |
| Teacht i bhfeidhm an tráthchláir oibre | Meán oíche an dara Sathairn i mí na Nollag |
| Foilsiú an phlean um thoilleadh a sholáthar | I gcomhréir le roinn 2 den Iarscríbhinn seo |
| Foilsiú na srianta ar an toilleadh de thoradh oibreacha bonneagair | I gcomhréir le ranna 2 agus 3 den Iarscríbhinn seo |
| Sprioc-am d'iarratasóirí chun iarrataí ar chearta toillte a chur isteach | X–8.5 |
| Ullmhú dréacht-tráthchláir oibre<br><br>Sprioc-am don bhainisteoir (do bhainisteoirí) bonneagair chun dréacht-tairiscint an toillte a chur faoi bhráid iarratasóirí | X–6.5 |
| An comhordú le hiarratasóirí a thabhairt chun críche, ***lena n-áirithítear go gcloítear le gach riachtanas roimh an tréimhse 2 sheachtain seo de thabhairt chun críche na 'céime breathnóireachta'*** | X–6 |

| | |
|---|---|
| Sprioc-am don bhainisteoir (do bhainisteoirí) bonneagair chun tairiscint chríochnaitheach an toillte a chur faoi bhráid iarratasóirí | X–5.5 |
| Foilsiú tráthchláir oibre chríochnaithigh<br><br>Sprioc-am don bhainisteoir bonneagair chun cearta toillte a leithdháileadh ar iarratasóirí | X–5.25 |
| Tiontú na sonraíochtaí toillte i gconairí traenach | Le sonrú sa chreat Eorpach um thoilleadh a bhainistiú dá dtagraítear in Airteagal 6 |
| Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:<br><br>(1) ciallaíonn 'X–m' na míonna 'm' roimh dhul i bhfeidhm an tráthchláir oibre ('X) | |

**Leasú 259**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 7 – pointe 1 – tábla**

| | |
|---|---|
| | |
| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | |
| Tréimhse ama | Marthanacht |
| Tréimhse uasta do bhainisteoirí bonneagair chun tairiscint chearta toillte a bhaineann le gréasán aonair a ullmhú | ***1 lá amháin*** |
| Tréimhse uasta do bhainisteoirí bonneagair chun tairiscint chearta toillte ilghréasáin a ullmhú | 5 lá |

| | |
|---|---|
| *Leasú* | |
| Tréimhse ama | Marthanacht |
| Tréimhse uasta do bhainisteoirí bonneagair chun tairiscint ar chearta toillte a ullmhú maidir le gréasán aonair ***má chuirtear an iarrata ad hoc isteach tar éis dháta foilsithe an tráthchláir oibre chríochnaithigh*** | ***24 uair an chloig*** |
| Tréimhse uasta do bhainisteoirí bonneagair chun tairiscint chearta toillte ilghréasáin a ullmhú | 5 lá |

**Leasú 260**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 8 – mír 1 – tábla**

| | |
|---|---|
| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | |
| Garsprioc nó tréimhse | Sprioc-am nó ré |
| Tréimhse uasta don bhainisteoir bonneagair chun ceart toillte malartach, a bhaineann le gréasán aonair, a thairiscint | 24 uair an chloig |
| Tréimhse uasta do bhainisteoirí bonneagair lena mbaineann chun ceart toillte ilghréasáin malartach a thairiscint | 5 lá |

*Leasú*

| Garsprioc nó tréimhse | Sprioc-am nó ré |
|---|---|
| Tréimhse uasta don bhainisteoir bonneagair chun ceart toillte malartach, a bhaineann le gréasán aonair, a thairiscint ***má úsáidtear é ar feadh dhá lá oibre ina dhiaidh sin***. | 24 uair an chloig |

| | |
|---|---|
| Tréimhse uasta do bhainisteoirí bonneagair lena mbaineann chun ceart toillte ilghréasáin malartach a thairiscint ***le paraiméadair speisialta (e.g. coinsíneachtaí urghnácha, rití tástála)*** | 5 lá ***féilire*** |

**Leasú 261**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – pointe 1 – pointe 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| Úsáid | Aicmiú | Úsáid toillte | Tréimhse thagartha |
|---|---|---|---|
| Trácht ilchineálach | Ardúsáidte | ***> 65 % den toilleadh teoiriciúil*** | Breis agus 4 uair an chloig ar feadh breis agus 200 lá in aghaidh na bliana |
| Trácht ilchineálach | Plódaithe | ***> 95 % den toilleadh teoiriciúil*** | Breis agus 4 uair an chloig ar feadh breis agus 250 lá in aghaidh na bliana |
| Trácht aonchineálach | Ardúsáidte | ***> 80 % den toilleadh teoiriciúil*** | Breis agus 4 uair an chloig ar feadh breis agus 200 lá in aghaidh na bliana |
| Trácht aonchineálach | Plódaithe | ***> 95 % den toilleadh teoiriciúil*** | Breis agus 4 uair an chloig ar feadh breis agus 250 lá in aghaidh na bliana |

*Leasú*

| Úsáid | Aicmiú | Úsáid toillte | Tréimhse thagartha |
|---|---|---|---|
| Trácht | Ardúsáidte | ***> den toilleadh teoiriciúil [an luach a*** | Breis agus 4 uair an chloig ar feadh breis agus 200 lá in |

| | | | |
|---|---|---|---|
| ilchineálach | | ***bheidh le cinneadh ag ENIM]*** | aghaidh na bliana |
| Trácht ilchineálach | Plódaithe | ***> den toilleadh teoiriciúil [an luach a bheidh le cinneadh ag ENIM]*** | Breis agus 4 uair an chloig ar feadh breis agus 250 lá in aghaidh na bliana |
| Trácht aonchineálach | Ardúsáidte | ***> den toilleadh teoiriciúil [an luach a bheidh le cinneadh ag ENIM]*** | Breis agus 4 uair an chloig ar feadh breis agus 200 lá in aghaidh na bliana |
| Trácht aonchineálach | Plódaithe | ***> den toilleadh teoiriciúil [an luach a bheidh le cinneadh ag ENIM]*** | Breis agus 4 uair an chloig ar feadh breis agus 250 lá in aghaidh na bliana |

**Leasú 262**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – mír 1 – pointe 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) na nósanna imeachta ar dá réir a dtéitear i gcomhairle le hiarratasóirí maidir leis an toilleadh a phleanáil go straitéiseach; | (a) na nósanna imeachta ar dá réir a dtéitear i gcomhairle le hiarratasóirí, ***dá dtagraítear in Airteagal 55 a,*** maidir leis an toilleadh a phleanáil go straitéiseach; |

**Leasú 263**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VII – tábla**

| | |
|---|---|
| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | |
| Réimsí feidhmíochta atá faoi réir athbhreithniú feidhmíochta | Réimsí feidhmíochta atá faoi réir athbhreithniú feidhmíochta |
| dá dtagraítear in Airteagal 50 | dá dtagraítear in Airteagal 50 |
| Réimse feidhmíochta | Ábhair ábhartha (táscach) |
| Bonneagar agus trealamh | – Toilleadh agus cumais an bhonneagair fhisiciúil agus a threalamh, lena n-áirítear cur in úsáid chaighdeáin TEN-T<br>– Laghduithe ar thoilleadh nó ar chumas an bhonneagair i ngeall ar athnuachan, cothabháil nó deisiú bonneagair iarchurtha |
| Toilleadh bonneagair | – An toilleadh a thairgtear i dtéarmaí cainníochta agus cáilíochta<br>– Úsáid an toillte, an toilleadh breise chun freastal ar fhás an tráchta<br>– Comhsheasmhacht idir an toilleadh a bhíonn ar fáil (pleanáilte nó neamhphleanáilte) agus riachtanais an mhargaidh<br>– Cobhsaíocht an toillte a thairgtear, go háirithe i dtaca le hoibreacha bonneagair<br>– Bonneagar plódaithe<br>– Agaí stoptha pleanáilte traenacha ag stáisiúin teorann |
| Trácht a bhainistiú | – Poncúlacht / moilleanna ar chineálacha difriúla seirbhísí iarnróid, ag stadanna tionscnaimh, idirmheánacha agus cinn scríbe agus ag suíomhanna atá tábhachtach ar bhonn oibríochtúil<br>– Cealuithe traenacha |

| | |
|---|---|
| | – Agaí stoptha iarbhír traenacha ag stáisiúin teorann |
| Bainistíocht suaití agus bainistiú géarchéime | – Cion an tráchta a d'fhéadfaí a athródú nó a athsceidealú le linn an tsuaite nó na géarchéime<br>– Tionchar na suaití ar an trácht iarnróid i dtéarmaí moilleanna agus cealuithe<br>– Tionchar na suaití ar oibreoirí seirbhísí iarnróid agus ar a gcustaiméirí<br>– Saincheisteanna sonracha ar a mbítear ag teacht (cáilíochtúil) |
| Cur in úsáid agus feidhmíocht seirbhísí, uirlisí agus comhéadan digiteach | – Tacaíocht leis na próisis a bhaineann leis an mbainistíocht toillte, bainistíocht tráchta agus bainistíocht suaití<br>– Iomláine agus cáilíocht na faisnéise agus na sonraí arna soláthar<br>– Ailíniú leis an ailtireacht Eorpach arna forbairt in ERJU agus leis na sonraíochtaí teicniúla ábhartha i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/797 |
| Rialachán a chomhlíonadh; formhaoirseacht rialála | – Táscairí próisis lena ndéantar faireachán ar chomhlíonadh rialacha agus nósanna imeachta<br>– Gearáin a thaisctear le comhlachtaí rialála agus le ENRRB |

*Leasú*

| Réimsí feidhmíochta atá faoi réir athbhreithniú feidhmíochta | Réimsí feidhmíochta atá faoi réir athbhreithniú feidhmíochta |
|---|---|
| dá dtagraítear in Airteagal 50 | dá dtagraítear in Airteagal 50 |
| Réimse feidhmíochta | Ábhair ábhartha (táscach) |

| | | |
|---|---|---|
| Bonneagar agus trealamh | – | Toilleadh agus cumais an bhonneagair fhisiciúil agus a threalamh, lena n-áirítear cur in úsáid chaighdeáin TEN-T |
| | – | Laghduithe ar thoilleadh nó ar chumas an bhonneagair i ngeall ar athnuachan, cothabháil nó deisiú bonneagair iarchurtha |
| Toilleadh bonneagair | – | An toilleadh a thairgtear i dtéarmaí cainníochta agus cáilíochta, ***lena n-áirítear comhsheasmhacht thar theorainneacha gréasáin*** |
| | – | Úsáid an toillte, an toilleadh breise chun freastal ar fhás an tráchta |
| | – | Comhsheasmhacht idir an toilleadh a bhíonn ar fáil (pleanáilte nó neamhphleanáilte) agus riachtanais an mhargaidh |
| | – | Cobhsaíocht an toillte a thairgtear, go háirithe i dtaca le hoibreacha bonneagair |
| | – | Bonneagar plódaithe |
| | – | Agaí stoptha pleanáilte traenacha ag stáisiúin teorann |
| Trácht a bhainistiú | – | Poncúlacht / moilleanna ar chineálacha difriúla seirbhísí iarnróid, ag stadanna tionscnaimh, idirmheánacha agus cinn scríbe agus ag suíomhanna atá tábhachtach ar bhonn oibríochtúil |
| | – | Cealuithe traenacha |
| | – | Agaí stoptha iarbhír traenacha ag stáisiúin teorann |
| Bainistíocht suaití agus bainistiú géarchéime | – | Cion an tráchta a d'fhéadfaí a athródú nó a athsceidealú le linn an tsuaite nó na géarchéime |
| | – | Tionchar na suaití ar an trácht iarnróid i dtéarmaí moilleanna |

| | |
|---|---|
| | agus cealuithe<br>– Tionchar na suaití ar oibreoirí seirbhísí iarnróid agus ar a gcustaiméirí<br>– Saincheisteanna sonracha ar a mbítear ag teacht (cáilíochtúil) |
| Cur in úsáid agus feidhmíocht seirbhísí, uirlisí agus comhéadan digiteach | – Tacaíocht leis na próisis a bhaineann leis an mbainistíocht toillte, bainistíocht tráchta agus bainistíocht suaití<br>– Iomláine agus cáilíocht na faisnéise agus na sonraí a chuirtear ar fáil ***chomh maith le rochtain éasca do gheallsealbhóirí oibríochtúla***<br>– Ailíniú leis an ailtireacht Eorpach arna forbairt in ERJU agus leis na sonraíochtaí teicniúla ábhartha i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/797 |
| Rialachán a chomhlíonadh; formhaoirseacht rialála | – Táscairí próisis lena ndéantar faireachán ar chomhlíonadh rialacha agus nósanna imeachta<br>– Gearáin a thaisctear le comhlachtaí rialála agus le ENRRB |